







Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 - 2029

## Clár Ábhair


**Réamhrá** . . . 7

**Achoimre Feidhmiúcháin** . . . 9

**Fís agus Misean an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide** . . . 11

**1. Réamhrá** . . . 13
- 1.1. Cuspóir an Phlean Um Ghníomhú ar son na hAeráide . . . 13
- 1.2. An Creat um Ghníomhú ar son na hAeráide . . . 14
- 1.3. Rialachas Comhshaoil . . . 14
- 1.4. Deiseanna Gníomhaíochta ar son na hAeráide . . . 15
- 1.5. Próifíl Chontae na Gaillimhe . . . 16
- 1.6. Scóip Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le Gníomhú ar son na hAeráide . . . 19
- 1.7. Gníomhú ar son na hAeráide ag Comhairle Chontae na Gaillimhe go dtí seo . . . 19
- 1.8. Tacú le hAistriú Cóir do Chontae na Gaillimhe . . . 21

**2. Forbhreathnú ar an Athrú Aeráide** . . . 23
- 2.1. Comhthéacs Eolaíoch an Athraithe Aeráide . . . 23
- 2.2. Comhthéacs Reachtaíochta agus Beartais . . . 29

**3. Gníomhú ar son na hAeráide Fianaisebhunaithe** . . . 36
- 3.1. Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara . . . 36
- 3.2. Comhpháirtíochtaí . . . 40
- 3.3. Fardal Astaíochtaí Bonnlíne . . . 40

**4. Ár nGníomhartha ar son na hAeráide** . . . 47
- 4.1. Rialachas agus Ceannaireacht . . . 47

4.2. Fuinneamh agus Timpeallacht Thógtha . . . . . 56
4.3. Iompar . . . . . 60
4.4. Pobail agus Comhpháirtíocht . . . . . 66
4.5. An Geilleagar Ciorclach . . . . . 73
4.6. Talamhúsáid agus Bonneagar Glas . . . . . 78
4.7. Oiriúnú do Riosca Aeráide . . . . . 83

**5. Crios Dícharbónaithe . . . . . 90**

5.1. Crios Dícharbónaithe Oileáin Árann. . . . . . 91
5.2. Próifíl d'Oileáin Árann . . . . . 92
5.3. Clár Deiseanna agus Gníomhartha . . . . . 97

**6. Cur i bhFeidhm agus Tuairisciú . . . . . 104**

6.1. Pleanáil don chur i bhfeidhm . . . . . 104
6.2. Maoiniú agus Comhpháirtíochtaí . . . . . 104
6.3. Monatóireacht agus Tuairisciú . . . . . 105

## Gluais Téarmaí

| TÉARMA | CUR SÍOS |
|---|---|
| **Fardal Astaíochtaí Bonnlíne (BEI)** | Líon agus aicmiú na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a cuireadh san áireamh i do chathair i mbliain ar leith. Is í seo an bhliain ina ndéantar comparáid idir an dul chun cinn a dhéanfar amach anseo. |
| **Bliain bhonnlíne** | Is í seo an bhliain inar ríomhadh an BEI, agus déantar comparáid idir an dul chun cinn a dhéanfar amach anseo maidir le laghduithe astaíochtaí. |
| **Bithéagsúlacht** | An éagsúlacht ó thaobh orgánaigh bheo de ó gach foinse, lena n-áirítear ar tír, san fharraige agus in éiceachórais uisceacha agus sna coimpléisc éiceolaíochta a bhfuil siad mar chuid díobh, lena n-áirítear éagsúlacht laistigh de speicis, idir speicis agus éagsúlacht éiceachóras. |
| **Ceapadh carbóin** | Ionsú agus stóráil carbóin. Is féidir le crainn agus plandaí, mar shampla, dé-ocsaíd charbóin a ionsú, an ocsaigin a scaoileadh agus an carbón a stóráil. |
| **Oiriúnú aeráide** | An próiseas coigeartaithe don aeráid iarbhír nó don aeráid a bhfuiltear ag súil léi agus a héifeachtaí chun dochar measartha a dhéanamh nó chun leas a bhaint as deiseanna tairbhiúla. |
| **Guais aeráide** | Teagmhais adhaimsire nó tubaistí nádúrtha is cúis go príomha le tosca a bhaineann leis an aeráid. Is féidir leo dochar a dhéanamh do shláinte an duine, do shlite beatha nó d'acmhainní nádúrtha. |
| **Maolú aeráide** | An próiseas chun athrú aeráide a laghdú, lena mbaineann sreabhadh gás ceaptha teasa isteach san atmaisféar a laghdú trí fhoinsí na ngás sin a laghdú nó trí fheabhas a chur ar na linnte a charnann agus a stórálann na gáis sin. |
| **Aeráidneodracht** | Geilleagar agus sochaí inbhuanaithe ina gcomhardaítear nó ina sáraítear astaíochtaí gás ceaptha teasa le gáis ceaptha teasa a aistriú ón atmaisféar. |
| **Seasmhacht aeráide** | Is éard is seasmhacht aeráide ann ná cumas córas, bíodh is gur córas fisiciúil nó éiceolaíochta é, chun athrú aeráide a bharraíocht nó chun freagairt dó trí phleanáil oiriúnaithe agus forbairt inbhuanaithe a dhéanamh (lena n-áirítear rialachas agus dearadh institiúideach) chun tionchair dhiúltacha aeráide a laghdú agus ag an am céanna buntáiste a bhreith as torthaí dearfacha. Tabharfaidh sé seo deis don chóras filleadh ar an riocht ina raibh sé roimhe seo, nó dul in oiriúint do riocht nua chomh luath agus is féidir. |
| **Measúnú Riosca Aeráide** | Próiseas chun tionchair fhéideartha an athraithe aeráide ar earnálacha agus ar ghníomhaíochtaí éagsúla a aithint agus a mheas. |
| **Crios Dícharbónaithe** | Limistéar spásúil atá aitheanta ag an údarás áitiúil. Is limistéar é inar féidir le raon de bhearta maolaithe aeráide a bheith ann ag an am céanna chun dul i ngleic le fuinneamh ísealcharbóin, astaíochtaí gás ceaptha teasa agus riachtanais aeráide sa cheantar. |
| **Inbhuanaitheacht Chomhshaoil** | Acmhainní nádúrtha a chosaint agus a chaomhnú do na glúnta atá romhainn, trí chleachtais ar nós caomhantais, fuinneamh in-athnuaite agus bainistíocht dramhaíola freagrach – lena gcinnteofar go bhfuilimid ag maireachtáil de réir ár n-acmhainní nádúrtha, agus nach bhfuilimid ag sárú rátaí athshlánaithe. |

| TÉARMA | CUR SÍOS |
|---|---|
| **Bunaithe ar fhianaise** | Cur chuige a leagann béim ar chur i bhfeidhm praiticiúil thorthaí an taighde reatha is fearr atá ar fáil. |
| **Teagmhais adhaimsire** | Am agus áit ina bhfuil dálaí aimsire, aeráide nó comhshaoil os cionn luach tairsí gar do na foircinn uachtaracha nó íochtaracha den raon imeachtaí stairiúla. |
| **Astaíochtaí gás ceaptha teasa** | Ceapann gáis ceaptha teasa (GCTanna) fuinneamh na gréine agus cuireann siad cosc ar fhuinneamh na gréine preabadh ar ais sa spás, rud a chruthaíonn an iarmhairt cheaptha teasa. Is iad na príomhastaíochtaí GCT ná gal uisce (H2O), dé-ocsaíd charbóin (CO2), meatán (CH4), ocsaíd nítriúil (N2O), hidreafluaracarbóin (HFCanna), sárfhluaracarbóin (PFCanna) agus heicseafluairíd sulfair (SF6). Méadaíonn astaíochtaí gás ceaptha teasa ó ghníomhaíochtaí an duine leis an iarmhairt ceaptha teasa, rud a chuireann leis an athrú aeráide. |
| **Plean Gníomhaithe na nÚdarás Áitiúil ar son na hAeráide (LACAP)** | Pleananna chun cabhrú le húdaráis áitiúla aghaidh a thabhairt ar bhealach comhtháite ar mhaolú astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ar oiriúnú aeráide.<br>Faoin Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, ceanglaítear ar gach údarás áitiúil plean gníomhaíochta aeráide an údaráis áitiúil a ullmhú dá limistéar riaracháin faoi seach. Nuair a ghlacfaidh na comhairlí áitiúla leis, beidh gach plean bailí ar feadh cúig bliana agus beidh sé faoi réir nuashonrú gach cúig bliana ar a laghad. |
| **LULUCF** | Catagóir d'astaíochtaí GCT is ea Talamhúsáid, Athrú sa Talamhúsáid agus Foraoiseacht agus clúdaítear leis na fochatagóirí seo a leanas; Talamh Foraoise, Talamh Curaíocht, Féarthalamh, Bogaigh, Lonnaíochtaí, Talamh eile agus táirgí Adhmaid Lománaithe. San AE-27, is glanlinn le haghaidh astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) í an earnáil Talamhúsáide, Athraithe sa Talamhúsáid agus Foraoiseachta (LULUCF) mar gheall ar chumhdach forleathan foraoise go príomha. Is glanfhoinse astaíochtaí í an earnáil LULUCF in Éirinn i láthair na huaire, agus tá laghduithe astaíochtaí san earnáil seo ar tí a bheith i bhfad níos dúshlánaí, de réir mar a thagann próifíl aoise an stoic foraoise in aois agus a mhéadaíonn na leibhéil lománaithe i gcomhréir le réamhaisnéisí tuartha. |
| **Comhaontú Pháras** | Conradh idirnáisiúnta ar athrú aeráide atá ceangailteach ó thaobh an dlí de a aontaíodh in 2015 in CP21 de chuid UNFCCC. |

## Giorrúcháin

| GIORRÚCHÁN | TÉARMA |
|---|---|
| **AA** | Measúnacht Chuí |
| **AT** | Taisteal Gníomhach |
| **BEI** | Fardal Astaíochtaí Bonnlíne |
| **RFF** | Rátáil Fuinnimh Foirgnimh |
| **CAP** | Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide |
| **CARO** | An Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide |
| **CCMA** | Cumann Bainistíochta Contae agus Cathrach |
| **CCRA** | Measúnú Riosca ar Athrú Aeráide |
| **CO2** | Dé-ocsaíd Charbóin |
| **DAFM** | An Roinn Talmhaíochta Bia agus Mara |
| **DCHG** | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta |
| **DECA 2030** | Gníomhú Éifeachtach ar son na hAeráide a Bhaint Amach 2030 |
| **DECC** | An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide |
| **DHLGH** | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta |
| **DZ** | Crios Dícharbónaithe |
| **AE** | An tAontas Eorpach |
| **EV** | Feithicil Leictreach |
| **CCG** | Comhairle Chontae na Gaillimhe |
| **GCT** | Gás Ceaptha Teasa |
| **PIAA** | Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide |
| **ISO** | Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán |
| **PTF** | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
| **ktCO2e** | Cileathonna de choibhéisí dé-ocsaíde carbóin |
| **LACAP** | Plean Gníomhaithe na nÚdarás Áitiúil ar son na hAeráide |
| **LAWPRO** | Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil |
| **LEO** | Oifig Fiontair Áitiúil |
| **LGMA** | Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil |

| GIORRÚCHÁN | TÉARMA |
|---|---|
| **LGMA** | Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil |
| **LULUCF** | Talamhúsáid, Athrú ar Thalamhúsáid agus Foraoiseacht |
| **MF** | Máistirphlean Fuinnimh |
| **M&R** | Monatóireacht agus Taifeadadh |
| **NAF** | An Creat Náisiúnta Oiriúnaithe |
| **NBS** | Réitigh Nádúrbhunaithe |
| **NPWS** | An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra |
| **NTA** | An tÚdarás Náisiúnta Iompair |
| **OOP** | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| **PPN** | Líonra Rannpháirtíochta Poiblí |
| **PV** | Fótavoltach |
| **SDGanna** | Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe |
| **SEA** | Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta |
| **SEAI** | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann |
| **SPC** | An Coiste um Beartais Straitéiseacha |
| **SUDS** | Draenáil Uirbeach Inbhuanaithe |
| **UG** | Ollscoil na Gaillimhe |
| **NA** | Na Náisiúin Aontaithe |
| **ZEVI** | Feithiclí Astaíochtaí Nialasacha Éireann |

# Réamhrá



CATHAOIRLEACH
**LIAM CARROLL**



Is treoirphlean é an chéad Phlean Gníomhaíthe ar son na hAeráide de chuid Comhairle Chontae na Gaillimhe do thodhchaí inbhuanaithe sheasmhach do Chontae na Gaillimhe. Leagtar amach sa phlean 95 gníomh aeráide i réimsí an rialachais agus na ceannaireachta, an fhuinnimh, na timpeallachta tógtha, an iompair, na bpobal agus na gcomhpháirtíochtaí agus na timpeallachta nádúrtha. Aithnítear sa Phlean gur freagracht chomhchoiteann é gníomhú ar son na haeráide a théann i bhfeidhm ar gach gné dár saol agus a mbeidh comhlachtaí poiblí, daoine aonair, pobail agus gnólachtaí páirteach ann ar fud an chontae.


Tá gealltanas tugtha ag Éirinn a cion féin a dhéanamh sna hiarrachtaí domhanda chun stop a chur leis an athrú aeráide agus, ar an gcaoi sin, leas a bhaint as na deiseanna agus an luach saothair a thiocfaidh as gluaiseacht go tapa chuig sochaí ísealcharbóin. Tríd an bPlean Gníomhaíochta Aeráide seo, tá a treochlár do 2024 – 2029 á leagan amach ag Comhairle Chontae na Gaillimhe a chuirfidh ar ár gcumas tacú leis an ngealltanas sin.

Agus muid ag tabhairt faoin aistear bunathraitheach seo, aithnímid na dúshláin ar leith atá roimh earnálacha éagsúla. Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tiomanta a chinntiú go mbeidh deis ag gach cónaitheoir páirt a ghlacadh sna gníomhartha bunathraitheacha seo agus tairbhe a bhaint astu. Is gairm chun gnímh agus gealltanas dóchais é an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide. Léiríonn sé ár ndiongbháilteacht chomhchoiteann chun ár dtimpeallacht a chosaint, tacú lenár bpobail, agus todhchaí rathúil agus inbhuanaithe a chinntiú.



PRÍOMHFHEIDHMEANNACH

## LIAM CONNEALLY



Mar Phríomhfheidhmeannach ar Comhairle Chontae na Gaillimhe, tá áthas orm ár bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 go 2029 a thabhairt isteach a cruthaíodh i gcomhar le páirtithe leasmhara lena n-áirítear daoine óga, ionadaithe pobail agus poiblí, gnólachtaí áitiúla, comhlachtaí poiblí, agus ár bhfoireann féin. Bhí a n-ionchur luachmhar lárnach i múnlú na straitéisí atá sonraithe sa doiciméad seo. Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt freisin don tacaíocht shuntasach a thug an Oifig Réigiúnach um Ghníomhaíocht Aeráide agus Cumann na mBainisteoirí Cathrach agus Contae i bhforbairt an Phlean.

Leagtar amach sa Phlean an fhís atá againn maidir le geilleagar atá seasmhach ó thaobh na haeráide de, atá saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de agus atá inbhuanaithe, fís a chabhróidh le todhchaí shábháilte a chinntiú dóibh siúd go léir a chónaíonn, a oibríonn agus a thugann cuairt ar ár gcontae. Leagtar amach ann an chaoi a n-oibreoidh an Chomhairle chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú tuilleadh agus éifeachtúlachtaí fuinnimh a fheabhsú ina foirgnimh agus ina hoibríochtaí féin agus na rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide a laghdú ag an am céanna. Déanfaidh baill foirne thiomnaithe ar fud na heagraíochta monatóireacht ar dhul chun cinn an Phlean agus beidh siad freagrach don bhFoireann Bainistíochta, don Choiste um Beartas Straitéiseach um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Bithéagsúlachta agus d'Ionadaithe Tofa agus treoróidh na grúpaí sin iad.

Cuirfidh bearta agus tionscnaimh spriocdhírithe laghdaithe astaíochtaí i gCrios Dícharbónaithe Oileáin Árann leis an obair mhór atá ar bun cheana féin ag an bpobal áitiúil. Roinnfear na ceachtanna a foghlaimíodh anseo agus i gCriosanna Dícharbónaithe eile ar fud na tíre le pobail eile. Tacóidh an Chomhairle le grúpaí áitiúla gníomhaíochtaí comhchosúla a chur chun feidhme trí chláir amhail an Ciste Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe maidir lena gníomhartha aeráide a chur chun cinn, tá sé ríthábhachtach go leanfaimid orainn ag léiriú ceannaireachta sa cheantar agus ag cur leis na gníomhartha sin sna blianta amach romhainn. Is gá iarracht a dhéanamh chun na gealltanais sin a chur i gcrích, ach in éineacht le muintir Chontae na Gaillimhe, beimid in ann cabhrú le hathrú dearfach a bhrú chun cinn anois agus amach anseo.

# Achoimre Feidhmiúcháin

Is éard atá san Athrú Aeráide ná an dúshlán sóisialta geilleagrach timpeallachta is sainiúla lenár linne. Tá an Rialtas Áitiúil sainaitheanta mar ghníomhaire ríthábhachtach ó thaobh ceannaireacht a chur ar fáil i réimse an athraithe aeráide ar leibhéal pobalbhunaithe áitiúil. Tá cúram leagtha ar Údaráis Áitiúla treisiú le tacaíocht agus acmhainní a sholáthar d'fhonn gníomhú go héifeachtach ar son na haeráide ón mbonn aníos. Síníodh an cur chuige seo ina dhlí aeráide lena gceanglaítear ar gach Údarás Áitiúil sa tír ceannaireacht a thabhairt maidir leis an Athrú Aeráide ar leibhéal an chontae. Tá sé beartaithe go mbeidh an cheannaireacht á soláthar fé threoir Plean, is é sin le rá, trí Phlean Gníomhaithe an Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide (LACAP).

Ar an mbonn náisiúnta, beidh na Pleananna LACAP so ina mbunuirlisí lena neartófar na ceangail idir na leibhéil áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta den bheartas aeráide. Is gá go n-éireoidh leis na pleananna seachadadh a dhéanamh ar ghníomh pobalbhunaithe áitiúil ar son na haeráide trí bhíthin na mbeart aeráide a bheidh bunaithe ar áit agus ar fhianaise. Is pleananna reachtúla 5 bliana iad na Pleananna LACAP agus áireofar leo gníomhartha maolúcháin agus oiriúnúcháin lena gcuirfear bealaí ar fáil sa deireadh chun sochaí dhícharbónaithe a bhaint amach. Tá na Pleananna LACAP le glacadh ag a gcuid Ball Tofa sa bhliain 2024 agus mairfidh an Plean go ceann 5 bliana.

Beidh Comhairle Contae na Gaillimhe freagrach le linn na tréimhse seo as feabhas a chur le díonacht ó thaobh na haeráide de, méadú a chur ar an éifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú a chur ar astaíochtaí na ngás ceaptha teasa, sna sócmhainní, sna seirbhísí agus sa bhonneagar dá cuid féin, rudaí a mbeidh an Chomhairle cuntasach go hiomlán fúthu. Is gá, áfach, do Chomhairle Contae na Gaillimhe feidhm réamhghníomhach a bhaint freisin as a cúram leathan ó thaobh tionchar a imirt ar earnálacha eile, chomh maith le comhordú, éascaíocht agus abhcóideacht a dhéanamh ina dtaobh - mar a bheartaítear sa ghrafaic thíos - chun a gcuid spriocanna agus uaillmhianta aeráide féin a bhaint amach.

OIRIÚNÚ ↓

| Cuntasacht Iomlán | Tionchar | Comhordú agus Éascaíocht | Abhcóideacht |
|---|---|---|---|
| Gníomhú ar son na hAeráide a sheachadadh i limistéir fé shainchúram an údaráis áitiúil féin lena n-áirítear foirgnimh, bonneagar, córais an údaráis, oibríochtaí agus foireann an údaráis áitiúil. | Tionchar a imirt ar earnálacha agus ar phobail maidir leis an ngníomhú ar son na haeráide. **Díreach:** Slabhraí soláthair /riar agus prótacail foirne. **Rialaitheach:** Cinntí a dhéanamh ar phleanáil agus forbairt, dramhaíl, fodhlíthe, caighdeáin a fheidhmiú. **Leathan:** Trí sheirbhísí a chur ar fáil thar raon na bhfeidhmeanna, beartú tosaíochta, infheistíocht a dháileadh srl. | Iarrachtaí a chomhordú idir páirtithe leasmhara éagsúla, m.s. Criosanna um Dhícharbónú agus Éascaíocht a dhéanamh trí chistiú a shainaithint, trí threisiúcháin rialaitheacha a úsáid. Comhar agus rannpháirtíocht a dhéanamh i gcomhpháirtíochtaí maidir leis an athrú aeráide. | Fís áitiúil, cumarsáid, múscailt feasachta, cur chun cinn, forbairt acmhainne a chruthú. |
| Spriocanna/Méadracht | Príomhtháscairí Feidhmíochta | | |

MAOLÚ ↑

Tábla 1: Ról Chomhairle Chontae na Gaillimhe (Foinse: Treoirlínte Phlean Gníomhaíochta Aeráide na nÚdarás Áitiúil, 2023)

Léirítear sa Phlean so anois uaillmhian Chomhairle Contae na Gaillimhe maidir leis an athrú aeráide. Is éard atá san uaillmhian so ar bhonn inmheánach ná spriocanna na Comhairle a bhaint amach ó thaobh astaíochtaí agus éifeachtúlachta fuinnimh. Is iad san ná laghdú 51% ar astaíochtaí agus feabhsú 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh fén mbliain 2030. Féachann an tÚdarás Áitiúil ar bhonn seachtrach le tionchar a imirt, abhcóideacht agus éascaíocht a dhéanamh ó thaobh na n-uaillmhianta gníomhaithe ar son na haeráide sa phobal áitiúil.

Tá an Plean roinnte ina chodanna éagsúla.

## Cuid 1 | Réamhrá

Cuirtear buneolas ar fáil maidir leis an bpróiseas chun Plean a dhéanamh, agus cuimsiú agus uaillmhian an LACAP a chur i gcomhthéacs le hais na spriocanna náisiúnta a bhíonn ceangailteach de réir dlí.

## Cuid 2 and 3 | Measúnú Riosca agus Fardal Astaíochtaí Bonnlíne

Cuirtear buneolas ar fáil maidir leis na sonraí de na hastaíochtaí bonnlíne a úsáidtear chun an Plean a mhúnlú agus forléargas ar an Measúnú Priacail ar an Athrú Aeráide a ullmhaítear i gcomhair an LACAP. Tá feidhm bainte as an ndá cheann acu chun an próiseas déanta Plean a mhúnlú, agus na dúshláin, a gcaithfidh an contae aghaidh a thabhairt orthu ó thaobh na spriocanna náisiúnta astaíochtaí a shroisint, a chur i gcomhthéacs.

## Cuid 4 | Ár nGníomhartha ar son na hAeráide

Ábhar an Phlean, ina léirítear spriocanna, cuspóirí straitéiseacha agus gníomhartha. Beidh na gníomhartha sonrach, gníomhdhírithe, ambhunaithe agus intomhaiste (SMART/SICRU).

## Cuid 5 | Crios um Dhícharbónú Oileáin Árann

Mar atá ina cheanglas, tá Crios um Dhícharbónú (DZ) ar áireamh sa phlean freisin. Is é an limistéar atá sainaitheanta i gContae na Gaillimhe ná Crios um Dhícharbónú Oileáin Árann. Tá an tsainaithint déanta ar an DZ go príomha ar mhaithe le gníomh aeráide a sheachadadh chun bealaí a chur ar fáil d'fhonn gnóthachtáil a dhéanamh maidir le sprioc an laghdaithe astaíochta náisiúnta 51% fén mbliain 2030 agus sprioc an gheilleagair a bheith saor ó astaíochtaí fé dheireadh na bliana 2050 (i bhfianaise na bliana bonnlíne 2018). Baileofar na foghlaimí sa DZ maidir leis an taithí ón bhfíorshaol agus na dúshláin ón bhfíorshaol chun na spriocanna so a shroisint ar fud na n-earnálacha go léir. Tá an cur chuige áitbhunaithe sonrach so ag féachaint le cothú an chomhair leathain ag páirtithe leasmhara chun beartais shaincheaptha a chruthú d'fhonn an gníomhú ar son na haeráide a sheachadadh.

## Cuid 6 | Cur i nGníomh

Is éard a bheidh i gcumas earnáil na n-údarás áitiúil chun feidhmíocht ar an ngníomhú ar son na haeráide a thaispeáint ná comhchuid ríthábhachtach ó thaobh léiriú rathúil a dhéanamh i dtaobh an mbeidh an earnáil ag tabhairt ceannaireachta le dea-shampla agus i dtaobh conas mar a bheidh an earnáil ag tabhairt ceannaireachta le dea-shampla, agus cad é an cion feidhme a bheidh á chomhlíonadh acu sna spriocanna náisiúnta um athrú aeráide. Léirítear sa chuid seo trí cinn d'eochairghníomhaíochtaí nach foláir do GCC a bhreithniú nuair a ghlactar le Plean: pleanáil chun an Plean a chur i ngníomh; dul chun cinn a rianú

trí Phríomhtháscairí Feidhmíochta (PTF/KPI) chomh maith le ceangla – is é sin, conas mar a chuirfear é i ngníomh agus conas mar a dhéanfar faireachán air – i ndáil leis na gcreat so.

Mar atá ina cheanglas, deineadh Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) agus Measúnacht Chuí (AA) ar LACAP Chontae na Gaillimhe 2024-2029. Tá an maolú mar atá ina cheanglas de réir na measúnachta timpeallachta snaidhmthe isteach sa phlean LACAP seo.

# Fís agus Misean

### Ráiteas na Físe

Beidh Contae na Gaillimhe Athléimneach ó thaobh na hAeráide de, Saibhir ó thaobh na Bithéagsúlachta de, Inbhuanaithe ó thaobh an Chomhshaoil de agus Neodrach ó thaobh Carbóin de.

### Ráiteas Misin

Athrú claochlaitheach agus gníomhú intomhaiste ar son na haeráide a sheachadadh agus a chumasú ar fud ár gcontae agus laistigh dár n-eagraíocht féin, ag cinntiú aistriú cóir chuig todhchaí atá neodrach ó thaobh carbóin de agus athléimneach ó thaobh na haeráide de.

# 1. Réamhrá



# 1. Réamhrá

## 1.1. Cuspóir an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide

Aithníodh an tAthrú Aeráide mar an dúshlán domhanda is práinní dár linne. Tá sé de dhualgas níos mó ar rialtais náisiúnta agus áitiúla gníomhaíocht uaillmhianach a dhéanamh chun astaíochtaí gás ceaptha teasa is cúis leis an athrú aeráide (maolú) a laghdú agus athléimneacht i leith tionchair agus rioscaí an athraithe aeráide a mhéadú (oiriúnú).

D'ullmhaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029 seo, chun dea-chleachtas i ngníomhú ar son na haeráide a sheachadadh agus chun tacú leis, ag an leibhéal áitiúil. Ullmhaíodh an Plean seo de réir Threoirlínte Phlean Gníomhaithe na nÚdarás Áitiúil ar son na hAeráide, a d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide i Márta 2023. Tá sé ailínithe le Cuspóir Aeráide Náisiúnta foriomlán an Rialtais, a fhéachann leis an aistriú chuig geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, atá saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus atá neodrach ó thaobh na haeráide de a shaothrú agus a bhaint amach tráth nach déanaí ná deireadh 2050.

Tá sé seo leagtha amach san Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, a leagann amach uaillmhian aeráide na hÉireann atá ceangailteach ó thaobh dlí de, chun laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2030. Cuirfidh sé seo an tír ar chonair chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi dheireadh 2050. Agus an Plean á ullmhú, chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe reachtaíocht agus beartas ábhartha eile san áireamh chomh maith leis an measúnú riosca ar athrú aeráide agus an measúnú ar astaíochtaí bonnlíne, atá san áireamh mar chuid den Phlean seo.

Ceanglaítear leis an Acht ar gach údarás áitiúil in Éirinn Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide cúig bliana a ullmhú ina leagtar amach bealach soiléir i dtreo astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ar an leibhéal áitiúil trí bhearta maolaithe a chur i bhfeidhm agus an riosca do phobail ón athrú aeráide a laghdú trí bhearta oiriúnaithe.

- Baineann **Maolú ar an Athrú Aeráide** le hathrú a dhéanamh ar an gcaoi a mhairimid, a bhogaimid, a ídímid agus a mhonaraímid, chun táirgeadh gás ceaptha teasa díobhálach a laghdú agus/nó deireadh a chur leis, áirítear ann freisin an chaoi is fearr a n-úsáidimid ár dtalamh; agus
- Tagraíonn **Oiriúnú don Athrú Aeráide** do dhéileáil le tionchair an athraithe aeráide agus baineann sé le gníomhartha praiticiúla a dhéanamh chun rioscaí a bhainistiú, pobail a chosaint agus athléimneacht an gheilleagair a neartú (e.g., ó thuilte, ardú ar leibhéal na farraige etc).

Beidh sé dúshlánach na spriocanna seo a bhaint amach agus beidh athruithe ó bhonn ag teastáil i gcuid mhór de shaol na hÉireann. Agus muid ag tabhairt faoin dúshlán sin, feabhsóimid sláinte, leas agus slándáil ár ndaoine, agus ag an am céanna beidh muid ag cosaint ár gcomhshaol agus ag soláthar deiseanna nua.

Ní cáipéis neamhspleách é seo; déanfar a spriocanna agus a cuspóirí a ionchorprú i bpleananna agus i mbeartais Comhairle Chontae na Gaillimhe amach anseo chun a chinntiú go mbeidh an t-athrú aeráide chun tosaigh ina soláthar seirbhíse. Tacaíonn raon pleananna eile, lena n-áirítear Plean Corparáideach na Comhairle agus Plean Forbartha Contae na Comhairle, leis an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide seo freisin.

Leanfaidh an Chomhairle freisin lena hiarrachtaí

tionscadail uaillmhianacha um ghníomhú ar son na haeráide a chur i bhfeidhm, rud a chuirfidh ar chumas na bpobal áitiúil a bheith faoi bhláth agus oibriú i dtreo fíor-réitigh atá fóinteach, cuimsitheach, cothrom agus inrochtana do chách, agus ar an gcaoi sin tús áite a thabhairt d'aistriú cóir. Tá sé sin riachtanach chun a chinntiú gur féidir na tairbhí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide a bhaint amach go hiomlán.

## 1.2. An Creat um Ghníomhú ar son na hAeráide

Is príomhionstraim é Plean Gníomhaithe na n-Údarás Áitiúil ar son na Aeráide chun na naisc idir beartas aeráide náisiúnta agus idirnáisiúnta agus seachadadh éifeachtach gnímh ar son na haeráide ag an leibhéal áitiúil agus pobail a neartú, trí ghníomhaíocht aeráide atá bunaithe ar áit. Is é an luach intreach a bhaineann le Plean Gníomhaithe na n-Údarás Áitiúil ar son na Aeráide ná go bhfuil ról suntasach aige maidir le tiomantas na hearnála rialtais áitiúil a threisiú chun gníomhú ar son na haeráide ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta.

Le linn a ullmhúcháin agus a chur i bhfeidhm, tugann an Plean seo deis do pháirtithe leasmhara criticiúla a thabhairt le chéile ar fud na bpobal agus na ngnólachtaí chun fís a chruthú do thodhchaí aeráidneodrach. Is iad na prionsabail threoracha atá mar bhonn agus mar thaca ag an bPlean ná gur chóir go mbeadh sé Uaillmhianach, Dírithe ar Ghníomhaíocht, Bunaithe ar Fhianaise, Rannpháirteach agus Trédhearcach.

Cuireann an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide córas ar fáil chun gníomhartha um oiriúnú aeráide agus um mhaolú aeráide araon a thabhairt le chéile chun cabhrú le gníomh dearfach ar son na haeráide agus torthaí dearfacha ar son na haeráide a chur chun cinn ar fud an údaráis áitiúil agus a limistéir riaracháin. Chun ailíniú a chinntiú idir gníomhartha féideartha ar an talamh agus an fhís atá ag an bPlean a sheachadadh, socraítear gníomhartha laistigh de struchtúr sainithe, ina gcuimsítear:

1. **Fís** uileghabhálach a léiríonn an dearcadh comhroinnte maidir le todhchaí atá athléimneach ó thaobh na haeráide de agus atá aeráidneodrach do Chontae na Gaillimhe.
2. Plean **Misin** a labhraíonn go praiticiúil le bunchuspóir an údaráis áitiúil maidir le gníomh éifeachtach ar son na haeráide a sheachadadh i gContae na Gaillimhe
3. **Spriocanna Straitéiseacha** lena leagtar amach an comhthéacs do na gníomhartha aeráide agus lena mbunaítear socrú struchtúrtha nó téamach gníomhartha.
4. **Cuspóirí** a thacaíonn le seachadadh na spriocanna straitéiseacha agus béim chuí na ngníomhaíochtaí á leagan ag an am céanna.
5. **Gníomhartha** atá sonrach, réalaíoch, dírithe ar ghníomhaíocht, faoi cheangal ama agus intomhaiste, lena léirítear méadú ar ghníomh uaillmhianach ar son na haeráide ar an leibhéal áitiúil.

## 1.3. Rialachas Comhshaoil

Tá ról lárnach ag rialachas comhshaoil maidir lenár n-éiceachórais agus ár n-acmhainní nádúrtha a chosaint. Cinntíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe go ndéantar a cuid beartas, rialachán agus cinntí maidir leis an gcomhshaol le hinbhuanaitheacht san áireamh, ag cothromú riachtanais a pobal le cosaint an chomhshaoil.

Is meicníochtaí tábhachtacha iad na próisis um Mheasúnacht Straitéiseach Comhshaoil (MSC) agus um Mheasúnacht Chuí (MC) chun a chinntiú go ndéantar breithnithe maidir le cosaint

an chomhshaoil agus bainistiú caomhnaithe an dúlra a chomhtháthú i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm Phlean gníomhaithe na n-údarás áitiúil ar son na haeráide.

### Treoir an AE maidir le Measúnacht Straitéiseach Comhshaoil (MSC)

Tá Plean Gníomhaithe na nÚdarás Áitiúil ar son na hAeráide faoi réir chomhlíonadh na Treorach MSC (Treoir 2001/42/CE) maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaol. Is é MSC an próiseas trína gceanglaítear breithnithe comhshaoil a chomhtháthú go hiomlán in ullmhú pleananna agus clár arna bhforbairt ag údaráis phoiblí, sula nglacfar leo. Is é MSC an mheastóireacht fhoirmiúil agus chórasach ar na héifeachtaí suntasacha is dócha a bheadh ag aon Phlean nó clár ar an gcomhshaol a chur i bhfeidhm.

Tugann Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnú Comhshaoil ar Phleananna agus Cláir Áirithe) 2004 (I.R. Uimh. 435 de 2004), arna leasú ag I.R. Uimh. 200 de 2011, éifeacht do thrasuí na Treorach MSC i ndlí na hÉireann.

Chun críocha chomhlíonadh na Treorach MSC, ceanglaítear ar gach údarás áitiúil, mar an 't-údarás inniúil' measúnú comhshaoil a dhéanamh ar na héifeachtaí suntasacha is dócha a bheadh ag cur chun feidhme an Phlean gníomhaíochta aeráide ar an gcomhshaol de réir fhorálacha na rialachán thuasluaite. Tá tuarascáil MSC ag gabháil leis an bPlean seo.

### Treoir an AE um Ghnáthóga - Measúnacht Chuí

Tá Plean Gníomhaithe na n-Údarás Áitiúil ar son na Aeráide faoi réir Measúnacht Chuí freisin faoi Airteagal 6(3) de Threoir an AE um Ghnáthóga (Treoir 92/43/CEE) chun a chinneadh an dócha go mbeidh éifeachtaí suntasacha ag a chur i bhfeidhm ar aon láithreáin Natura 2000. Ní fhéadfaidh údaráis áitiúla, mar na 'húdaráis inniúla' fhorordaithe, an Plean a ghlacadh ach amháin tar éis dóibh a fháil amach nach mbeidh tionchar suntasach aige ar shláine láithreáin Natura 2000 as féin, nó i gcomhar le pleananna nó tionscadail eile.

Soláthraíonn an treoir cosaint dhlíthiúil do ghnáthóga agus do speicis a bhfuil tábhacht Eorpach leo trí líonra Natura 2000 a bhunú. Áirítear ar líonra Natura 2000 láithreáin atá ainmnithe mar Limistéir Chaomhantais Speisialta (SACanna) faoin Treoir um Ghnáthóga agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPAnna) atá ainmnithe faoi Threoir an AE um Éin (Treoir 79/409/CEE, arna leasú le Treoir 2009/147/CE).

## 1.4. Deiseanna Gníomhaíochta ar son na hAeráide

Mar thoradh ar chur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, beidh infheistíochtaí nua ann a sholáthróidh comhthairbhí éagsúla, amhail folláine agus cáilíocht saoil níos fearr, agus deiseanna nua gnó agus fostaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann.

Tacóidh sé seo le cuspóirí eile de chuid Comhairle Chontae na Gaillimhe, amhail:

| | | |
|---|---|---|
| Cruthú post agus forbairt scileanna | Sláinte agus folláine níos fearr | Rialachas Feabhsaithe |
| Rannpháirtíocht shibhialta níos fearr | Soláthar seirbhísí níos fearr | Fás geilleagrach |
| Costais laghdaithe | Cáilíocht aeir níos fearr agus níos lú truaillithe torainn | Bonneagar níos fearr |
| Soghluaisteacht níos fearr | Oideachas agus feasacht níos fearr | Ionchuimsiú Sóisialta |
| Slándáil fuinnimh méadaithe | Slándáil bia méadaithe | Dramhaíl laghdaithe |

Níl an liosta seo uileghabhálach agus tá iliomad comhthairbhí breise ann a d'fhéadfadh teacht as cur i bhfeidhm éifeachtach an Phlean.

## 1.5. Próifíl Chontae na Gaillimhe

I bhfianaise mhéid agus ghnéithe geografacha an Chontae, chomh maith le sócmhainní agus freagrachtaí bonneagair Comhairle Chontae na Gaillimhe, tá tionchar diúltach an athraithe aeráide ina riosca suntasach do chónaitheoirí,


don gheilleagar, don chomhshaol, agus do sheachadadh seirbhísí rialtais áitiúil amach anseo.

Mar sin, tá sé ríthábhachtach cur lenár mbearta oiriúnaithe aeráide agus maolaithe aeráide i gcur chuige pleanáilte agus comhordaithe ar fud an chontae.

Tá Gaillimh ar an dara contae is mó in Éirinn a bhfuil achar beagnach 6,149 ciliméadar cearnach aige, agus tá cósta ag síneadh go beagnach 2,000 ciliméadar. Sa bhliain 2016, thaifead an Phríomh-Oifig Staidrimh daonra de bheagnach 180,000 duine i gContae na Gaillimhe taobh amuigh de Chathair na Gaillimhe. Roinneann an contae teorainn le Maigh Eo ó thuaidh, leis an gClár ó dheas agus le Ros Comáin agus Uíbh Fhailí ar an taobh thoir agus le Tiobraid Árann soir ó dheas. I measc na dteorainneacha nádúrtha eile tá Cuan na Gaillimhe ar an taobh thiar chomh maith le Sionainn agus Loch Deirgeirt ar an taobh thoir agus ar an taobh thoir theas faoi seach. Tá tírdhreach éagsúil nádúrtha sa chontae a chuimsíonn gnéithe cosúil le ceantar sléibhtiúil Chonamara siar ó Abhainn na Gaillimhe, tailte talmhaíochta torthúla ar an taobh thoir agus limistéar aolchloiche níos éagsúla ó dheas. Tagann na tréithe topagrafacha seo le chéile chun a suíomh tírdhreacha den scoth agus éagsúil a thabhairt do Ghaillimh.

Tá gréasán suntasach lonnaíochtaí ar scálaí éagsúla agus an daonra Gaeltachta is mó in Éirinn, arb ionann é agus thart ar 49.7% de dhaonra náisiúnta na Gaeltachta mar a thaifead an Phríomh-Oifig Staidrimh in 2016. Sainaithnítear sa Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíochta (SRSE) limistéar cathrach nua lena n-áirítear Cathair na Gaillimhe ina hiomláine agus lonnaíochtaí Bhaile Chláir, Bhearna agus Órán Mór. Tá Béal Átha na Sluaighe agus Tuaim ainmnithe mar Phríomhbhailte agus aithnítear Baile Átha an Rí mar cheantar a bhfuil Acmhainneacht Straitéiseach aige. I measc na mbailte suntasacha eile tá an Clochán ar an gcósta thiar agus Baile Locha Riach, Port Omna agus an Gort soir ó Loch Coirib. Tá ceithre phríomhoileán a bhfuil cónaí ann freisin, Árainn (Inis Mór), Inis Oírr, Inis Meáin agus Inis Bó Finne. Tá gréasán mótarbhealaí soir ón gcontae (M6 agus M17/ M18) ag Gaillimh anois chomh maith le seirbhís iarnróid ó Ghaillimh go Baile Átha Cliath agus Luimneach.

Léirítear i léaráid 1.1 príomhshonraí déimeagrafacha a bhaineann le daonáireamh 2016. Áirítear leis tagairt don daonra iomlán, áit a bhfuil cónaí ar dhaoine, áit ina bhfuil siad ag obair agus líon na ndaoine a bhfuil cónaí orthu sa teach. Déanfar é seo a nuashonrú le sonraí daonáirimh 2021 sula nglacfar leis an bPlean.




Fíor 1.1: Príomhshonraí Déimeagrafacha do Chomhairle Chontae na Gaillimhe ó Dhaonáireamh 2022

## 1.6. Scóip Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le Gníomhú ar son na hAeráide

Is príomhspreagthóirí iad na húdaráis áitiúla chun beartas aeráide a chur chun cinn ar an leibhéal áitiúil. Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe freagrach as éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, thar a sócmhainní agus a bonneagar féin, i gcomhréir leis an sprioc 51% atá leagtha síos go dtí 2030 agus an chonair i dtreo sprioc na haeráidneodrachta faoi 2050.

Leagtar amach sa Phlean seo freisin an ról níos leithne atá againn maidir le tionchar a imirt ar dhaoine eile agus iad a éascú chun a gcuid spriocanna agus uaillmhianta féin a bhaint amach. Cé go mbeidh an Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide uaillmhianach chun ár ról ceannaireachta a léiriú, ní chuimseofar sa phlean gníomhartha nach dtagann laistigh de shainchúram agus rialachas Comhairle Chontae na Gaillimhe. Tá achoimre ar ár ról leagtha amach i dTábla 1.

## 1.7. Gníomhú ar son na hAeráide ag Comhairle Chontae na Gaillimhe go dtí seo

Tá bearta oiriúnaithe agus maolaithe curtha i gcrích ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ag leibhéil áitiúla agus ag leibhéal an phobail agus tá sé i gceist aici dlús a chur leis an obair sin leis an bPlean. Tá sé seo sa bhreis ar an iliomad gníomhartha aeráide tábhachtacha atá á stiúradh ag pobail agus gnólachtaí áitiúla ar fud an chontae. Áirítear le gníomhartha den sórt sin:

- **Úsáid Fuinnimh Inmheánach Comhairle Chontae na Gaillimhe:** Bhaineamar amach an sprioc Éifeachtúlachta Fuinnimh 33% faoi 2020 trí uasghrádú a dhéanamh ar an gcóras soilsithe poiblí, trí bhearta éifeachtúlachta a chur i bhfeidhm, trí fhoirgnimh a iarfheistiú agus trí chórais fuinnimh in-athnuaite a shuiteáil.
- **Aistriú Cóir:** Faoi mhí na Nollag 2023, beidh 284 aonad dár stoc tithíochta sóisialta iarfheistithe, arb ionann é agus thart ar 10% den stoc iomlán. Áiríodh leis an obair seo córais téimh breoslaí iontaise a bhaint agus teaschaidéil agus painéil ghréine a shuiteáil. Mar thoradh air sin, tá méadú tagtha ar chompord agus ar bhillí fuinnimh laghdaithe agus laghdú measta de 475 tona d'astaíochtaí gás ceaptha teasa in aghaidh na bliana.
- **Taisteal Gníomhach:** Cuireadh roinnt tionscadal maidir le Taisteal Gníomhach i bhfeidhm lena n-áirítear lánaí rothaíochta, tionscadail um chosáin a fheabhsú, bearta sábháilteachta ar bhóithre coisithe, idirghabháil luais, tacaíocht leis an gclár Bealaí Sábháilte chun na Scoile agus tionscadail maidir le droichead coise a fhorbairt.
- **Tacaíochtaí Pobail:** Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag tacú le 10 bpobal Máistirphleananna Fuinnimh a fhorbairt. Osclaíodh Ciste Deiseanna Aeráide in 2021 a chuir maoiniú ar fáil do 17 dtionscadal pobail, lena n-áirítear uasghrádú ar chórais soilsithe do chlubanna spóirt, uasghrádú ar chreatlacha tógála, scáthláin rothar pobail a shuiteáil, áiseanna athchúrsála agus gairdíní pobail. Leathnófar é seo tríd an gCiste Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide agus táimid ag súil go n-osclófar é go luath le ciste €750,000 do thograí pobail.
- Táimid páirteach go gníomhach i roinnt tionscadal lena n-áirítear:
    - **Tionscadal CONNECTED** – Is í Ollscoil na Gaillimhe a chomhordaíonn an tionscadal seo de Chrios Dícharbónaithe Réigiún an Iarthuaiscirt agus tacaíonn go leor

comhpháirtithe eile leis, lena n-áirítear grúpaí pobail áitiúla sna criosanna dícharbónaithe sa réigiún. Is iad na haidhmeanna ná uirlis rannpháirtíochta, idirphlé agus ionchuir dícharbónaithe chomh maith le huirlis feachtais gníomhaíochta ísealcharbóin a fhorbairt, treoir a fhorbairt chun ionchur ó phobail imeallaithe, cás-staidéir eiseamláireacha a chinntiú agus oiliúint a chur ar fáil.

- **GFÁRF** - Gníomhaireachtaí Fuinnimh Áitiúla sna Réigiúin Fhorimeallacha - Tionscadal LIFE a bhfuil sé mar aidhm aige "seirbhísí athchóirithe tí comhtháite" a chruthú i dTuaisceart agus in Iarthar na hÉireann, lena n-áirítear ceann a fhreastalóidh ar phobail imeallacha in iarthar an chontae, Oileáin Árann san áireamh.
- Is comhshaothar é Clár Foraoise Comhpháirtíochta na Gaillimhe idir TU an Atlantaigh, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Wood Connects agus Cities4Forests. Is tionscnamh é clár Foraoisí Comhpháirtíochta Cities4Forests a fhéachann le naisc a bhunú a rachaidh chun tairbhe an dá thaobh idir bardais na hEorpa agus pobail foraoise trópaiceacha ar fud an domhain. Áirítear leis an toradh a bhfuiltear ag súil leis ón tionscadal Straitéis Soláthair Phoiblí Ghlais ar ardleibhéal do Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus acmhainn mhéadaithe chun táirgí adhmaid a aimsiú ar bhealach inbhuanaithe.

**Cás-Staidéar: Soilsiú Poiblí**

Bainistíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe líonra de níos mó ná 12,300 soilse poiblí. Trí chlár fairsing uasghrádaithe, mhéadaigh % na soilsithe LED ardéifeachtúlachta ó 35% i mí Eanáir 2022 go 57% i mí an Mheithimh 2023. Mar thoradh air sin, beidh laghdú measta de 286 tona d'astaíochtaí gás ceaptha teasa in aghaidh na bliana.

Leanfar le huasghráduithe ar shoilsiú poiblí faoin gclár Electric Skyline agus tá sé mar aidhm ag an Tionscadal Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh maidir le Soilsiú Poiblí (TNÉFSP) agus Comhairle Chontae na Gaillimhe soilsiú LED ardéifeachtúlachta 100% a bhaint amach faoi 2030. Tabharfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe aird chuí ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag solas ar bhithéagsúlacht agus na cláir seo á bpleanáil.



## 1.8. Tacú le hAistriú Cóir do Chontae na Gaillimhe

Is coincheap é aistriú cóir a bhfuil sé mar aidhm leis a áirithiú go mbeidh an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin cóir agus cothrom do na geallsealbhóirí uile, go háirithe dóibh siúd is leochailí nó is mó a ndéanann na hathruithe difear dóibh. Is gné lárnach den Phlean seo é tacú le haistriú cóir, ón ráiteas misin ardleibhéil go dtí na gníomhartha sonracha. D'fhéadfadh poist nua, scileanna nua, deiseanna nua infheistíochta, agus an deis geilleagar níos táirgiúla agus níos athléimní a chruthú a bheith i gceist le haistriú cóir.

I measc na bpríomhghníomhaíochtaí a áirítear sa phlean a thacóidh le haistriú cóir tá iarfheistiú an stoic tithíochta sóisialta, athléimneacht i leith éifeachtaí an athraithe aeráide a mhéadú, rochtain ar iompar poiblí agus taisteal gníomhach agus tacaíocht do phobail i réigiúin imeallacha a fheabhsú. Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tiomanta d'oibriú le comhpháirtithe agus le pobail chun tacú le haistriú cóir.

Tá sé aitheanta go bhfuil tionchar ag an aistriú amach ó bhreoslaí iontaise ar réigiún an Láir Tíre, Ceantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe, lena n-áirítear Ceantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe, agus deireadh á chur le baint móna do ghiniúint cumhachta. Bunaíodh Ciste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir chun cabhrú leis na réimsí sin ar sainaithníodh go raibh tionchar acu orthu. Is é tosaíocht an chiste fostaíocht a shaothrú tríd an ngeilleagar áitiúil a éagsúlú, tailte portaigh díghrádaithe a athbhunú agus sócmhainní oidhreachta tionsclaíocha a athghiniúint agus roghanna soghluaisteachta cliste agus inbhuanaithe a fhorbairt. Cuirfidh an Clár €169 milliún d'infheistíocht ar fáil don réigiún sa tréimhse go dtí 2030. Oibreoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe leis na comhlachtaí maoinithe chun an tarraingt anuas maoinithe i gCeantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe a uasmhéadú.

> *Agus an t-athrú sin á dhéanamh, is gá bogadh thar na buntuiscintí nár oibrigh dúinn go dtí seo agus oibriú le chéile ar mhaithe le sraith luachanna éagsúla a chuirfidh ar ár gcumas geilleagar sóisialta inbhuanaithe agus sochaí atá thar a bheith eiticiúil agus cuimsitheach a thógáil.*

Óráid Oirnithe Mhichíl D. Uí Uigínn



# 2. Forbhreathnú ar an Athrú Aeráide

# 2. Forbhreathnú ar an Athrú Aeráide

## 2.1. Comhthéacs Eolaíoch an Athraithe Aeráide

### 2.1.1. Athrú Aeráide Domhanda

Tuigtear níos mó agus níos mó gurb é an t-athrú aeráide an dúshlán domhanda is tábhachtaí agus is fadtéarmaí dár linne, tá a thionchar le brath ar fud an domhain agus sa bhaile. Aithníonn measúnuithe riosca um athrú aeráide an dóchúlacht go mbeidh guaiseacha aeráide amach anseo agus a n-iarmhairtí féideartha. Tá sé seo ríthábhachtach chun tús áite a thabhairt do ghníomhaíocht ar son na haeráide agus infheistíocht i ngníomh ar son na haeráide. Deimhníonn an Séú Tuarascáil Measúnaithe Riosca Meitheal I ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) go bhfuil fianaise ollmhór ann go bhfuil athrú tagtha ar an aeráid ón ré réamhthionsclaíoch agus gurb iad gníomhaíochtaí daonna, trí astaíochtaí gáis ceaptha teasa, is mó is cúis leis an athrú sin. Deir sé gur gníomhaíochtaí daonna is cúis leis an téamh domhanda, agus gur shroich teochtaí dromchla domhanda 1.1°C os cionn 1850-1900, sa tréimhse 2011-2020.

Mar thoradh ar an téamh aeráide, tá ardú tagtha ar leibhéal na farraige, trí oighear farraige agus forbairt theirmeach a chailleadh (an méadú ar thoirt an uisce mar gheall ar théamh) mar thoradh ar an aigéan téimh. Tháinig méadú 20 cm ar mheánleibhéal domhanda na farraige idir 1901 agus 2018. Tá an treocht i meán-ardú domhanda ar leibhéal na farraige ag ardú go seasta ó bhí 1901 ann.

### 2.1.2. Réamh-mheastacháin Aeráide d'Éirinn

Tá méadú tagtha ar theocht na hÉireann ar aon dul le harduithe teochta domhanda, agus ba bhliain í 2022 ina raibh an teocht agus an bháisteach araon is foircní a bhí againn riamh. Tá teocht na hÉireann os cionn an mheáin fhadtéarmaigh le 12 bhliain as a chéile agus tá ardú tagtha ar leibhéal na farraige de réir méaduithe domhanda, le meán 2-3 mm in aghaidh na bliana.

Léirigh eachtraí adhaimsire le déanaí leochaileacht daoine aonair, gnólachtaí, pobal agus bonneagair i leith an athraithe aeráide, agus béim á leagan ar an ngá atá le práinn maidir le gníomhú ar son na haeráide i ngach earnáil den tsochaí. Is minic a chuireann drochthionchair an athraithe aeráide le dúshláin shóisialta, chomhshaoil agus eacnamaíocha níos leithne. D'fhéadfadh sé seo leochaileacht agus íogaireacht a mhéadú i leith aeráide atá ag athrú agus i leith foirceann aeráide.

Bunaithe ar athruithe a tugadh faoi deara ar an aeráid agus ar a thionchair, is féidir le heolaithe aeráide réamh-mheastacháin láidre a dhéanamh ar phatrúin aeráide amach anseo in Éirinn. Leagadh amach réamh-mheastacháin aeráide amach anseo i dTuarascáil ar Stádas Aeráide na hÉireann, mí Iúil 2021 agus is féidir achoimre a dhéanamh orthu mar seo a leanas:

- Leanfaidh treochtaí aeráide a tugadh faoi deara le céad bliain anuas ar aghaidh agus treiseoidh siad sna blianta amach romhainn.
- Tá an teocht ag méadú agus meastar go leanfaidh siad ag méadú i ngach séasúr.
- Táthar ag súil le laghduithe suntasacha ar leibhéil na meánbháisteach san Earrach agus sa Samhradh agus go dtarlóidh méadú ar eachtraí báistí foircneacha, go háirithe sa Gheimhreadh.

- Meastar go dtiocfaidh méadú ar mhinicíocht na ndálaí foircneacha gaoithe, go háirithe i rith an Gheimhridh.
- Méadú ar leibhéal na farraige, cosúil leis an méid atá feicthe againn go dtí seo. Tá Éire an-leochaileach d'ardú leibhéal na farraige, mar gheall ar a cósta fairsing agus an daonra mór ar an gcósta.
- Méaduithe ar mhinicíocht tuile abhann agus uisce dromchla.
- Méaduithe ar mhinicíocht agus ar dhéine tuile agus creimeadh cósta.
- Méaduithe ar mhinicíocht agus ar dhéine thonnta teasa i sa samhradh, teochtaí foircneacha agus triomach.
- Laghduithe ar mhinicíocht seaca agus titim sneachta; agus
- Méadú ar fhad an tséasúir fáis (timthriall feineolaíoch).

Is féidir cúis amháin a chur le staid aeráide na hÉireann sa lá atá inniu ann agus an chuma a bheidh uirthi amach anseo. Tá aeráid na hÉireann athraithe i gcomparáid leis na 1900idí, níl aon amhras ach go bhfuil sé tar éis éirí níos teo mar aon le teochtaí domhanda, rud a fhágann go bhfuil réimse tionchar ann a bhaineann le haeráid níos teo agus le himeachtaí aimsire níos foircní.

## 2.1.3. Measúnú Riosca do Chontae na Gaillimhe

### 2.1.3.1. Cuspóir na Measúnuithe Riosca ar Athrú Aeráide

Is cuid ríthábhachtach den phróiseas pleanála um ghníomhú ar son na haeráide é an Measúnú Riosca, toisc go gcabhraíonn sé leis na rioscaí agus na leochaileachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an athrú aeráide a shainaithint, agus bearta (gníomhartha) iomchuí a shainaithint chun iad a mhaolú. Chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a gcaithfidh Comhairle Chontae na Gaillimhe dul in oiriúint d'athruithe atá tugtha faoi deara agus d'athruithe réamh-mheasta maidir leis an aeráid, thacaigh KPMG le Comhairle Chontae na Gaillimhe chun Measúnú Riosca ar Athrú Aeráide (CCRA) a chur le chéile.

### 2.1.3.2. Meastacháin maidir le hAthrú Aeráide

Is éard atá i gceist le réamh-mheas a dhéanamh ar athrú aeráide amach anseo ná measúnú a dhéanamh ar roinnt neamhchinnteachtaí éagsúla. Forbraíodh cásanna, ar a dtugtar Conairí Tiúchana Ionadaíocha (RCPanna) chun ionsamhlú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh an aeráid athrú amach anseo mar fhreagairt ar leibhéil éagsúla gás ceaptha teasa. Agus measúnú á dhéanamh ar riosca athraithe aeráide do Chontae na Gaillimhe, baineadh úsáid as faisnéis do dhá chás aeráide amach anseo, RCP4.5 agus RCP 8.5. Baineadh úsáid as cás RCP8.5 toisc gur cás 'is measa' é a cheadaíonn cur chuige coimeádach measúnaithe riosca.

#### RCP4.5


Is ionann RCP4.5 agus cás 'astaíochtaí idirmheánacha' le meántéamh domhanda de 1.4°C don tréimhse 2046-2065.

#### RCP8.5

Is ionann RCP8.5 agus cás 'astaíochtaí an-ard' le meántéamh domhanda 2°C don tréimhse 2046-2065.


### 2.1.3.3. Athruithe Aeráide do Chontae na Gaillimhe a Tugadh Faoi Deara

De réir treochtaí domhanda, tá aeráid na hÉireann agus na Gaillimhe ag athrú, tá teochtaí ag méadú agus tá patrúin frasaíochta ag athrú. Tá achoimre thíos ar na príomhathruithe a bhaineann leis an aeráid agus leis an aimsir atá tugtha faoi deara cheana féin do Chontae na Gaillimhe.less frequently.




Fíor 2.1: Achoimre ar na hathruithe a tugadh faoi deara i gContae na Gaillimhe ó 1961 go 2022

I gcás gach guaise aeráide a aithníodh tríd an bpróifíl guaise aeráide, rinneadh measúnú ar a minicíocht. Aithníodh teagmhais thromchúiseacha stoirme mar an ghuais aeráide is suntasaí le linn na tréimhse 1973-2022, le tuilte abhann agus báistiúla, tonnta teasa agus triomach, creimeadh cósta agus tuilte ag cur isteach ar an gContae roinnt uaireanta. Bhí tionchar ag tréimhsí fuara, titim throm sneachta agus tuilte screamhuisce ar Chontae na Gaillimhe freisin, ach ní bhíonn sé chomh minic sin.




Fíor 2.2: Minicíocht Imeachtaí Aitheanta

Sonraíodh achoimre chuimsitheach ar an bhfaisnéis atá mar bhonn agus mar thaca ag na neamhchosaintí, na leochaileachtaí agus na tionchair do na guaiseacha atá ann laistigh de Chontae na Gaillimhe sa Tuarascáil Theicniúil um Measúnú Riosca ar Athrú Aeráide.


### 2.1.3.4. Réamh-mheastacháin Aeráide do Chontae na Gaillimhe

Tar éis raon na nguaiseacha aeráide a bhí ag Contae na Gaillimhe cheana féin a aithint agus a mheas, rinneadh measúnú ar na hathruithe réamh-mheasta ar mhinicíocht agus ar dhéine na nguaiseacha aeráide chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhféadfadh tionchair agus rioscaí aeráide reatha Chomhairle Chontae na Gaillimhe breathnú amach anseo.

Ag teacht le treochtaí domhanda, tiocfaidh méadú ar mhinicíocht agus ar dhéine roinnt guaiseacha (m.sh. tuilte cósta, abhann agus uisce dromchla, creimeadh cósta, tonnta teasa agus triomach) agus fanfaidh cinn eile mar a chéile (m.sh. stoirmeacha gaoithe tromchúiseacha). Táthar ag tuar go leanfar leis na hathruithe seo agus go méadóidh siad le raon leathan tionchair ar Chontae na Gaillimhe.

| GUAIS | ATHRÚ RÉAMH-MHEASTA | MINICÍOCHT SA TODHCHAÍ | |
|---|---|---|---|
| Tonnta teasa | • Léiríonn réamh-mheastacháin **méadú foriomlán idir 1.1 agus 1.5°C ar mheánteocht** (bun ar chlé) do Chontae na Gaillimhe i gcomparáid leis an tréimhse 1981-2000.<br>• Faoi chás astaíochtaí ard, léiríonn réamh-mheastacháin **go mbeidh tonnta teasa níos minice** (bun lár) faoi lár na haoise. | Go minic | ↑ |
| Triomach | • **Meastar go laghdóidh báisteach an tsamhraidh** idir 4 agus 15% amach anseo i gcomparáid leis an tréimhse bhonnlíne ó 1981 go 2000, i gcás RCP4.5 agus RCP8.5 araon a chuireann le dálaí triomach féideartha. | Go minic | ↑ |
| Tréimhse Fhuar | • Mar thoradh ar na teochtaí atá ag dul i méid, réamh-mheastar **laghdú ar líon na laethanta sioc agus na laethanta oighir** sa tréimhse amach anseo 2041-2060 i gcomparáid leis an tréimhse bhonnlíne ó 1981 go 2000, do chás RCP4.5 agus RCP8.5 araon. | Neamhchoitianta | ↓ |
| Titim sneachta trom | • Meastar go dtiocfaidh laghdú suntasach ar an **titim sneachta** bliantúil sa réigiún faoi lár an chéid do chásanna RCP4.5 agus RCP8.5 (bun ar dheis). | Neamhchoitianta | ↓ |
| Stoirmeacha Gaoithe Troma | • **Tá réamh-mheastacháin stoirmeacha faoi réir leibhéal ard éiginnteachta.** Faoi lár an chéid, léiríonn réamh-mheastacháin go bhfanfaidh meánluas na gaoithe cosúil leis na cinn atá ann faoi láthair. Tá fianaise theoranta ann go bhféadfadh méadú teacht ar mhinicíocht stoirmeacha níos déine ar imeachtaí neamhchoitianta iad faoi láthair. Mar sin féin, tá gá le níos mó taighde chun an méadú seo a dheimhniú. | Go minic | = |
| Tuilte Cósta | • Léiríonn réamh-mheastacháin ar leibhéil na farraige atá ag ardú faoi chás ard astaíochtaí ag méadú suas le 0.24 m faoi 2050 a **mhéadóidh minicíocht tuilte cósta** (bun ar chlé). | Go minic | ↑ |
| Creimeadh cósta | • Tá nasc láidir idir leibhéal na farraige atá ag ardú agus creimeadh cósta agus **méadú ar rátaí agus méid an chreimthe.** | Go minic | ↑ |
| Tuilte Báistiúla<br>Tuilte Abhann | • Léiríonn réamh-mheastacháin **méadú ar mhinicíocht laethanta báistí troma** (laethanta le frasaíocht >30mm) do Chontae na Gaillimhe agus meastar go dtiocfaidh méadú suas le 55% (bun ar dheis) ar roinnt ceantar. Is dócha go mbeidh minicíocht mhéadaithe tuilte abhann agus báistiúla bainteach mar thoradh air seo. | Go minic | ↑ |
| Tuilte screamhuisce | • Níl réamh-mheastacháin ar athruithe ar thuilte screamhuisce ar fáil faoi láthair, mar sin tá **éiginnteacht ann maidir leis an athrú** ar mhinicíocht tuile screamhuisce ar féidir a bheith ag súil leis. | Ó am go chéile | = |

Tábla 2 Athrú ar Mhinicíocht Guaiseacha Aeráide i gContae na Gaillimhe





Fíor 2.3: Maitrís Riosca Aeráide Chontae na Gaillimhe

Rinneadh athbhreithniú ar straitéisí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a leag amach forbairtí socheacnamaíocha agus bonneagair a bhfuiltear ag súil leo agus a d'fhéadfadh a bheith ann laistigh de Chontae na Gaillimhe chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhféadfadh nochtadh agus leochaileacht athrú faoi 2050.

Forbraíodh an Measúnú Riosca bunaithe ar na sonraí réamh-mheastacháin aeráide is deireanaí a bhí le fáil agus é seo á scríobh. Uasdátaítear na bunmhúnlaí ar bhonn rialta agus d'fhéadfadh méadú teacht ar leibhéal an riosca mar thoradh air sin. Ina theannta sin, ní fhéadfaí lúba aischothaithe, a chiallódh go mbeadh tionchar níos mó ag na héifeachtaí, a chur san áireamh mar gheall ar easpa múnlaithe logánta. Ba chóir dúinn rioscaí indíreacha eile ón athrú aeráide a thabhairt faoi deara, cé nach bhfuil páirt acu sa Mheasúnú Riosca seo, mar shampla imirce daonraí, méadú i ngalar veicteoir-iompartha agus cur isteach ar shlabhraí soláthair. Is féidir breathnú ar an Tuarascáil Measúnaithe Riosca Aeráide anseo.

## 2.2. Comhthéacs Reachtaíochta agus Beartais

Tugtar spreagadh do ghníomhú ar son na haeráide leis an bhfianaise eolaíoch a thacaíonn le torthaí thionchar an duine ar an athrú aeráide agus freagairtí beartais uaillmhianacha agus neartaithe atá ceangailteach ó thaobh dlí de. Dá bhrí sin, leagtar amach an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide seo i gcomhthéacs níos leithne de bheartas aeráide idirnáisiúnta, AE, náisiúnta agus earnála.




Fíor 2.4: Foinse: Oifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide

### 2.2.1. Domhanda

Aithníodh go bhfuil gá le comhoibriú agus uaillmhian ar an leibhéal idirnáisiúnta chun dul i ngleic leis an athrú aeráide go rathúil. Tá iarracht déanta ag tíortha comhar idirnáisiúnta a thógáil chun teorainn a chur leis an méadú ar an meánteocht dhomhanda agus chun déileáil le tionchair an athraithe aeráide.

#### Comhaontú Pháras

Mar thoradh ar na hiarrachtaí sin, shínigh gach ceann de na 196 Ballstát na Náisiún Aontaithe an Comhaontú Pháras 2015 i mí na Samhna 2016. Is conradh idirnáisiúnta é seo atá ceangailteach ó thaobh dlí de a fhéachann le gníomh fórasach agus uaillmhianach ar son na haeráide le himeacht ama chun athrú contúirteach aeráide a sheachaint trí théamh domhanda a choinneáil i bhfad faoi bhun 2°C agus a fhéachann leis an méadú teochta a theorannú 1.5°C, i gcomparáid leis na leibhéil réamhthionsclaíocha. Féachann sé freisin leis an gcumas oiriúnú do dhrochthionchair an athraithe aeráide a mhéadú agus athléimneacht aeráide a chothú.

#### Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

Ghlac Ballstáit na Náisiún Aontaithe Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe i mí Mheán Fómhair 2015. I gcroílár an Chláir Oibre tá 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFInna). Tá sé mar aidhm ag na spriocanna seo “deireadh a chur leis an mbochtaineacht, an pláinéad a chosaint agus saol agus ionchais gach duine a fheabhsú, i ngach áit.” Tá 169 sprioc sna 17 SFInna atá le baint amach faoi 2030. In 2019, d’iarr ceannairí domhanda go ndéanfaí ‘deich mbliana gníomhaíochta’ chun na Spriocanna a bhaint amach laistigh den tréimhse ama sin.

Is gairm phráinneach iad na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) ar ghníomhaíocht ó gach tír - arna bhforbairt agus arna bhforbairt - i gcomhpháirtíocht dhomhanda. Aithníonn siad nach mór do dheireadh a chur leis an mbochtanas agus le ganntanais eile tarlú in éineacht le straitéisí a dhéanfaidh sláinte agus oideachas a fheabhsú, neamhionannas a laghdú, agus fás eacnamaíocht a spreagadh - fad atáthar ag dul i ngleic leis an athrú aeráide agus ag obair chun ár n-aigéin agus foraoisí a chaomhnú. Tá gach gníomh laistigh den Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide seo ailínithe le SFI amháin ar a laghad.

Aithnítear i bPleananna Forfheidhmithe Náisiúnta SFI go bhfuil “ról ríthábhachtach le himirt ag an rialtas áitiúil maidir le beartais náisiúnta a aistriú ina ngníomhartha praiticiúla inbhraite a d’fhéadfadh cabhrú le cuspóirí SFI a thabhairt le chéile inár n-iompar agus spriocanna féin agus in iompar agus spriocanna ár bpobal.”

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag obair chun na SFInna a chur chun cinn, trí na SFInna a ionchorprú inár bpleananna agus inár mbeartais, trí rannpháirtíocht i gcomhpháirtíochtaí áitiúla agus idirnáisiúnta agus trí imeachtaí oiliúna agus faisnéise a sholáthar go hinmheánach agus go seachtrach.

Chun an chomhghuaillíocht idir na gníomhartha sa Phlean seo agus na SFInna a thuiscint agus a uasmhéadú, rinneadh measúnú mapála. Cuireann sé sin lenár dtuiscint ar chomhbhuntáistí na ngníomhartha lena n-áirítear tairbhí do shlite beatha, fás eacnamaíoch, cothromas inscne, agus sláinte agus folláine.




## 2.2.2. Eorpach

### Comhaontú Glas an Aontais Eorpaigh (2020)

I mí na Nollag 2019, d'fhógair an tAontas Eorpach an Comhaontú Glas don Eoraip arb é is aidhm dó an chéad mhór-roinn aeráidneodrach a dhéanamh den Eoraip. Tá sé mar aidhm ag an gComhaontú gan aon ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2050, fás eacnamaíoch a scaradh ó úsáid acmhainní, agus gan aon duine a fhágáil ar lár.

### An Dlí Aeráide Eorpach

Thug an AE sraith tograí isteach chun beartais aeráide, chánachais, fuinnimh agus iompair na n-Aontas a ailíniú chun tacú leis an aidhm sin a bhaint amach. Le Dlí Aeráide Eorpach 2021, bhí na spriocanna sin ceangailteach ó thaobh dlí de agus sprioc idirmheánach ann maidir le glanastaíochtaí GCT a laghdú 55% ar a laghad faoi 2030.

### Oiriúnach do 55 an AE

Is pacáiste é Oiriúnach do 55 an AE a bhfuil sé mar aidhm leis reachtaíocht aeráide agus fuinnimh an AE a thabhairt i gcomhréir leis an sprioc 55% maidir le hastaíochtaí GCT a laghdú a leag an tAontas síos do 2030.

## 2.2.3. Náisiúnta

### An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021

Léiríonn an beartas um athrú aeráide in Éirinn uaillmhian an AE anois. Leis an Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, cruthaítear uaillmhian aeráide na hÉireann atá ceangailteach ó thaobh dlí de chun laghdú 51% ar astaíochtaí GCT a bhaint amach faoi 2030, agus neodracht aeráide a bhaint amach faoi dheireadh 2050. Tá sé mar aidhm ag an Acht foráil a dhéanamh maidir le faomhadh pleananna ag an Rialtas maidir le hathrú aeráide chun an t-aistriú chuig

geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, atá saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de agus atá neodrach ó thaobh na haeráide de a shaothrú tráth nach déanaí ná deireadh na bliana 2050. Cumhdaíonn an tAcht an Cuspóir Náisiúnta Aeráide chun "an t-aistriú chuig geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, atá saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus neodrach ó thaobh na haeráide de a shaothrú agus a bhaint amach tráth nach déanaí ná deireadh 2050."

### Pleananna na nÚdarás Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide

Príomhghné den Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 atá ábhartha do gach údarás áitiúil is ea an ceanglas atá ar gach údarás áitiúil Plean Gníomhaíochta Aeráide Údaráis Áitiúil (LACAP) aonair a ullmhú dá limistéar feidhme. Is é cuspóir LACAP gníomhaíochtaí éifeachtacha um mhaolú aeráide agus oiriúnú aeráide a chur ar fáil ar leibhéal údaráis áitiúil agus pobail. Ní mór Pleananna Forbartha na nÚdarás Áitiúil a ailíniú lena LACAP freisin. Tá údaráis áitiúla suite go maith ar thús cadhnaíochta maidir le gníomhú ar son na haeráide in Éirinn, agus tá ról suntasach acu maidir le bearta oiriúnaithe agus maolaithe a sheachadadh ar leibhéil áitiúla agus pobail. Tá sé de chúram orainn oibriú trínár bhfeidhmeanna rialála agus straitéiseacha chun na spriocanna agus an beartas aeráide náisiúnta uaillmhianach a chur i bhfeidhm ar leibhéil áitiúla, chun cabhrú leis an gCuspóir Náisiúnta Aeráide a sheachadadh.

### Pleananna Gníomhaithe Náisiúnta ar son na hAeráide

Leagtar amach i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 na dúshláin ar fud na bpríomhearnálacha lena n-áirítear leictreachas, iompar, timpeallacht thógtha, tionsclaíocht agus talmhaíocht. Leagtar amach sa Phlean na spriocanna deiridh comhaontaithe maidir le laghdú astaíochtaí do gach ceann de na príomhearnálacha. I measc na spriocanna laghdaithe astaíochtaí GCT i bPlean 2023 tá: Laghdú 75% ó ghiniúint leictreachais, laghdú 40% ón earnáil chónaithe, laghdú 45% ón earnáil tráchtála/phoiblí, laghdú 50% ón earnáil iompair, laghdú 25% ón earnáil talmhaíochta, laghdú 35% ón tionscal. Tá sprioc laghdaithe d'úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht (LULUCF) fós le cinneadh.

Athdhearbhaíodh sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 dhá sprioc ardleibhéil do chomhlachtaí poiblí a tugadh isteach ar dtús i leaganacha roimhe seo den Phlean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide:

- Ní mór don earnáil phoiblí a héifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú 50% faoi 2030, bunaithe ar bhonnlíne 2009.
- Ní mór don earnáil phoiblí a hastaíochtaí GCT a laghdú 51% faoi 2030, bunaithe ar bhonnlíne 2018.

## 2.2.4. Earnála

### An Creat Náisiúnta Oiriúnaithe (CNO)

D'fhoilsigh Éire a céad Chreat Náisiúnta Oiriúnaithe (CNO) in 2018, chun cabhrú le príomhearnálacha measúnú a dhéanamh ar rioscaí an athraithe aeráide, gníomhartha atá athléimneach ó thaobh na haeráide de a chur i bhfeidhm, agus a chinntiú go ndéantar breithnithe oiriúnaithe aeráide a phríomhshruthú i gceapadh beartais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Foilsíodh Pleananna Earnála um Oiriúnú Aeráide ar fud ranna Rialtais, mar fhreagairt ar an gCreat Náisiúnta Oiriúnaithe. Sainaithnítear i ngach Plean na príomhrioscaí atá le sárú ar fud na hearnála agus an cur chuige atá á ghlacadh

chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus athléimneacht aeráide a thógáil don todhchaí. Tugann na Pleananna aghaidh ar na hearnálacha seo a leanas: Talmhaíocht, Foraoiseacht agus Bia Mara, Bithéagsúlacht, Oidhreacht Thógtha agus Oidhreacht Sheandálaíochta, Bonneagar Iompair, Líonraí Leictreachais agus Gáis, Líonraí Cumarsáide, Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte, Cáilíocht Uisce agus Bonneagar Seirbhísí Uisce agus Sláinte.

### Cairt um Ghníomhú ar son na hAeráide

Léiríonn Cairt na nÚdarás Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide, a shínigh Comhairle Chontae na Gaillimhe i mí Dheireadh Fómhair 2019, tiomantas chun iarrachtaí a mhéadú agus ról lárnach a imirt go háitiúil agus go náisiúnta maidir le gníomhú éifeachtach ar son na haeráide a sheachadadh. Cuireann sé de chúram ar gach údarás áitiúil ceannaireacht láidir a sholáthar maidir le gníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil, le cloí le SFInna na Náisiún Aontaithe, go háirithe Sprioc 13 Gníomhú ar son na hAeráide, chomh maith le hastaíochtaí óna n-oibríochtaí féin a laghdú agus comhoibriú le fiontair áitiúla, grúpaí pobail, saoránaigh agus earnálacha poiblí, príobháideacha agus oideachais maidir le tionscnaimh um ghníomhú ar son na haeráide.

### Gníomhú Éifeachtach ar son na hAeráide a Bhaint Amach 2030

Is é Gníomhú Éifeachtach ar son na hAeráide a Bhaint Amach 2030 (DECA 2030) straitéis an rialtais áitiúil maidir le gníomhú ar son na haeráide a foilsíodh i mí Aibreáin 2021. Is ionann an straitéis agus tiomantas earnála uileghabhálach chun cur chuige stuama a chinntiú maidir le gníomhú ar son na haeráide ar fud struchtúir riaracháin agus polaitíochta na 31 údarás áitiúil go léir. Ar leibhéal earnála, cuireann an straitéis rún straitéiseach ginearálta in iúl trí phost ceannaireachta atá beartaithe, chun líonra na n-údarás áitiúil a fhostú i ngníomhú éifeachtach ar son na haeráide. Laistigh den earnáil, is ionann an straitéis fhoriomlán agus comhdhearcadh ardleibhéil maidir leis an gcur chuige i leith gníomhú ar son na haeráide agus tiomantas láidir don ról ceannaireachta forordaithe. Is treochlár sonraithe í an straitéis d'údaráis áitiúla chun na freagairtí dícharbónaithe agus oiriúnaithe riachtanacha ar an athrú aeráide a sheachadadh.

### An Coiste um Ghníomhú ar son na hAeráide, Iompar, an Geilleagar Ciorclach agus Líonraí

Is é an Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach (CCMA) 'guth ionadaíoch' líonra bainistíochta an rialtais áitiúil. Feidhmíonn an CBCC trí roinnt coistí bunaithe, a mbaineann gach ceann acu le réimse beartais ar leith. Tá gach Coiste comhdhéanta de phríomhfheidhmeannaigh na Comhairle Contae agus Cathrach agus stiúrthóirí seirbhíse / cinn airgeadais a dhéanann teagmháil le bainistíocht shinsearach ranna rialtais agus eagraíochtaí ábhartha eile. Is é an coiste ábhartha sa réimse seo an Coiste um Ghníomhú ar son na hAeráide, Iompar, Geilleagar Ciorclach agus Líonraí.

### Oifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide

Bunaíodh na hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide (CAROnna) ar dtús in 2018 chun tacú le hullmhú agus seachadadh Straitéisí Oiriúnaithe d'Athrú Aeráide na nÚdarás Áitiúil, chun rannpháirtíocht a chumasú ar fud pleananna oiriúnaithe aeráide earnála, agus chun gníomhú ar son na haeráide a dhéanann an earnáil a chomhordú. Cuireann na CAROnna treoir, comhairle agus tacaíocht ar fáil d'údaráis áitiúla chun cumas, cumhacht agus acmhainní

na hearnála a threisiú chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an athrú aeráide ar fud na hÉireann. Tá Comhairle Chontae an Gaillimhe mar chuid de réigiún an Bhoird Farraige Atlantach Thuaidh.

### Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe

Leagtar amach i bPlean Forbartha Contae na Gaillimhe 2022 go 2028 an straitéis fhoriomlán do phleanáil chuí agus d'fhorbairt inbhuanaithe an Chontae thar thréimhse 6 bliana. Tá gníomhú ar son na haeráide mar chuid lárnach i ngach caibidil agus straitéis sa Phlean. Chun fás inbhuanaithe fuinnimh in-athnuaite a éascú ullmhaíodh Straitéis Fuinnimh In-athnuaite na nÚdarás Áitiúil (LARES) mar chuid de Phlean Forbartha an Chontae. Tugann LARES breac-chuntas ar an acmhainneacht atá ann do réimse acmhainní agus forbairtí fuinnimh in-athnuaite agus aithníonn sé an rannchuidiú suntasach is féidir leo a dhéanamh leis an gcontae ó thaobh slándáil fuinnimh, spleáchas laghdaithe ar bhreoslaí iontaise traidisiúnta, onnmhairí fuinnimh amach anseo a chumasú, spriocanna náisiúnta sannta a bhaint amach agus an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin de.



*Grianghraf le caoinchead Chris Hill Photography*



# 3. Gníomhú ar son na hAeráide Fianaisebhunaithe

# 3. Gníomhú ar son na hAeráide Fianaisebhunaithe

## 3.1. Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara

Is gné ríthábhachtach d'aon Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide é rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, gné a chinntíonn go léirítear sa Phlean riachtanais, leasanna agus luachanna na ndaoine a ndéanann an t-aistriú chuig sochaí ísealcharbóin agus aeráidseasmhach difear dóibh nó a bhfuil baint acu leis.

Tugadh faoi chlár suntasach bunaithe ar Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara in Earrach agus Samhradh na bliana 2023. Forbraíodh Tuairisc Achomair ar an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide chun feidhmiú mar bhonn fianaise agus mar uirlis rannpháirtíochta.

San áireamh sa Chlár um Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara bhí:

- ceardlanna earnála náisiúnta,
- ceardlanna roinne inmheánach,
- cruinnithe agus ceardlann maidir leis na gcrios dícharbónaithe,
- seastáin agus láithreoireachtaí ag féilte áitiúla agus ag imeachtaí earnála,
- suirbhéanna poiblí,
- Tionól an Aosa Óig faoin Aeráid agus comhdhálacha eile

Chomh maith leis sin, tá Comhairle Chontae na Gaillimhe páirteach i struchtúir agus cuir chuige rannpháirtíochta poiblí atá bunaithe cheana féin atá ag feidhmiú ón mbun aníos, atá dírithe ar an bpobal áitiúil agus ar thorthaí lena n-áirítear Líonraí Rannpháirtíochta Pobail (LRP), Bailte Slachtmhara, Pobail Fuinnimh Inmharthana (PFInna) agus cuireadh san áireamh freisin raon clár agus tionscnamh agus pobal eile trí na líonraí seo.

> *Éilíonn saoránacht ghníomhach an toil agus an deis chun páirt a ghlacadh ag gach leibhéal agus i ngach slí - feidhmiú mar shaighead; seachas sprioc.*

An tUachtarán Micheál D Ó hUigínn

Fuarthas breis is 200 mír aiseolais ó dhaoine aonair agus ó ghrúpaí pobail trí mhodhanna rannpháirtíochta éagsúla. San áireamh anseo bhí 177 freagra ar an Suirbhé Aeráide, Bithéagsúlachta agus Oidhreachta, tuairiscí agus aighneachtaí ceardlainne ó ghrúpaí cosúil le Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann, An Taisce, Cairde Éanlaith Éireann, Grúpaí Bailte Slachtmhara, Pobail Fuinnimh Inmharthana, Páirtí Glas na Gaillimhe, Feachtas Rothaíochta na Gaillimhe, LAWPRO, An Chomhairle Oidhreachta agus Cónaidhm Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce. Gné riachtanach d'fhorbairt na ndréachtghníomhartha ba ea na haighneachtaí agus tuairiscí.

Tá eolas maidir le roinnt torthaí tábhachtacha ón Suirbhé Aeráide, Bithéagsúlachta agus Oidhreachta le fáil thíos:

- Shíl 80% de fhreagróirí an tsuirbhé go bhfuil sé tábhachtach spriocanna agus amlínte uaillmhianacha a leagan amach sa Phlean.
- Ba iad seo a leanas na réimsí ardtosaíochta a

aithníodh i gcomhthéacs fhorbairt an Phlean:

- Iompar inbhuanaithe
- Fuinneamh in-athnuaite
- Éifeachtúlacht fuinnimh
- Cosaint uisce

- Thug 91.5% de na freagróirí le fios gur mhaith leo éifeachtúlacht fuinnimh a dtithe nó a ngnólachtaí a fheabhsú agus tuairiscíodh gurb é an costas an bac is mó.
- Thug freagróirí le fios go gcabhródh feabhsuithe sna réimsí seo a leanas leo tairbhe a bhaint as modhanna taistil níos inbhuanaithe:
  - Córas iompair phoiblí feabhsaithe
  - Lánaí rothar/cosáin feabhsaithe,
  - Sábháilteacht feabhsaithe
  - Níos mó pointí luchtaithe d'Fheithiclí Leictreacha

> *Chun ár n-uaillmhian aeráide a bhaint amach, ní mór don Rialtas agus do mhuintir na hÉireann teacht le chéile mar chuid de chonradh sóisialta neartaithe maidir leis an ngníomhú ar son na haeráide agus chun fíor-réitigh ar na dúshláin sin a chomhchruthú.*

Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023

### 3.1.1. Rannpháirtíocht leis an Aos Óg

Is dúshlán domhanda é an t-athrú aeráide a mbeidh tionchair shuntasacha fhadtéarmacha aige, agus is cuid d'oidhreacht daoine óga iarmhairtí na gcinntí a dhéantar inniu. Trí rannpháirtíocht daoine óga sa phleanáil aeráide cinnteofar go mbeidh a leasanna agus folláine amach anseo á gcur san áireamh mar ghné lárnach d'fhorbairt an Phlean. Is féidir le daoine óga athrú dearfach ina bpobail a spreagadh.

#### CÁS-STAIDÉAR – Tionól an Aosa Óig faoin Aeráid

I nGaillimh, cuireadh go mór lenár gcumas dul i mbun rannpháirtíochta leis an aos óg tríd an obair atá á déanamh mar chuid de SAUTI-Youth (Aos Óg na Tansáine agus na hÉireann Ag Obair le Chéile ar mhaithe leis an gCuntasacht Inbhuanaithe), tionscnamh atá á chómhaoiniú ag an Aontas Eorpach, World Vision Ireland, Obair d'Ógra Éireann na Gaillimhe agus World Vision Tanzania. Is tionscnamh é atá á stiúradh ag an aos óg arb é an aidhm atá leis monatóireacht a dhéanamh ar ghealltanais an rialtais áitiúil maidir leis an ngníomhú ar son na haeráide, i nGaillimh agus in Tanga (An Tansáin). Sealbhaíonn daoine óga scileanna chun monatóireacht a dhéanamh ar ghealltanais agus ar chaiteachas a rialtais áitiúil maidir leis an ngníomhú ar son na haeráide. Cuirtear ar chumas an aosa óig dul i mbun rannpháirtíochta le húdaráis áitiúla d'fhonn a chinntiú go gcuirtear guthanna daoine óga san áireamh nuair a bhíonn cinntí á ndéanamh a mbeidh tionchar acu ar a saol amach anseo.

I gcomhar le Tionscadal don Aos Óg SAUTI agus Obair d'Ógra Éireann na Gaillimhe, tionóladh Tionól an Aosa Óige faoin Aeráid i mBaile Átha an Rí ar an 19 Aibreán 2023. Bhí an Tionól ar cheann de na chéad imeachtaí dá leithéid a reáchtáladh ag leibhéal áitiúil in Éirinn. D'fhreastail 57 mac léinn ó 13 scoil ar fud an chontae ar an imeacht.









Tionól an Aosa Óig faoin Aeráid, Aibreán 2023

Spás ba ea an t-imeacht nuálach seo do dhaoine óga ó mheánscoileanna agus eagraíochtaí don aos óg sa chontae teacht le chéile chun plé a dhéanamh ar shaincheist a bhfuil tionchar níos suntasaí aici ar ár bpláinéad de réir a chéile. Roinneadh eolas maidir le beartais, tionscadail agus taighde atá á dhéanamh i gContae na Gaillimhe chun dul i ngleic leis an nGéarchéim Aeráide agus Bithéagsúlachta leis na rannpháirtithe. Spreagadh iad chun athrú dearfach a thionscnamh trína scoil agus/nó grúpa don aos óg/grúpa pobail agus éascaíodh iad freisin chun moltaí a fhorbairt chun tionchar a imirt ar bheartais rialtais áitiúil agus iad a mhúnlú.

Tiomsaíodh an t-aiseolas ón imeacht i dtuarascáil agus cuireadh a gcuid smaointe san áireamh sa Phlean seo.

Príomh-Shaincheisteanna a Aithníodh:

| PRÍOMH-SHAINCHEISTEANNA A AITHNÍODH | |
|---|---|
|  **Iompar** easpa iompair phoiblí agus coinníollacha neamhshábháilte le haghaidh taisteal gníomhach |  **Dramhaíl** dumpáil/bruscar mídhleathach agus ganntanas boscaí bruscair |

## GNÍOMHARTHA MOLTA

### Dramhaíl agus Ciorclaíocht

- Infhaighteacht boscaí bruscair leithscartha i measc an phobail a mhéadú
- Gnólachtaí áitiúla a spreagadh chun dramhaíl a laghdú agus pacáistíocht inbhuanaithe a úsáid
- Stáisiúin athlíonta uisce poiblí a sholáthar

### Iompar agus Fuinneamh

- Iompar poiblí i gceantair thuaithe a fheabhsú agus an costas do dhaoine óga a laghdú
- Saoráidí taistil ghníomhaigh a fheabhsú lena n-áirítear lánaí rothar, spásanna páirceála do rothar agus soilsiú
- Tacú le fuinneamh in-athnuaite agus cumarsáid oscailte le pobail a chinntiú ag an am céanna

### Ceannaireacht agus Oideachas

- Oiliúint agus oideachas maidir le gníomhú ar son na haeráide, bithéagsúlacht, bia inbhuanaithe a chur ar fáil
- Deiseanna do rannpháirtíocht leis an údarás áitiúil a fheabhsú

### Bithéagsúlacht

- Gníomhaíochtaí a dhéanamh chun bithéagsúlacht a chosaint agus tacú leis an bpobal an rud céanna a dhéanamh

I measc an aiseolais a fuarthas ón lucht freastail bhí:

---

*"Bhain mé an-taitneamh as an seisiún Ceisteanna & Freagraí agus as an deis a bhí againn ár dtuairimí faoin athrú aeráide a chur in iúl, agus d'fhoghlaimíomar faoin méid is féidir linn a dhéanamh chun Gaillimh a athrú chun feabhais".*

---

*"Tá an t-athrú aeráide ag déanamh imní do phobal níos mó ná mar a shíleamar. Is féidir leat an t-athrú aeráide a chomhrac in aon ghairm bheatha agus tá go leor deiseanna ann páirt a ghlacadh san obair".*

---

*"Ba bhreá liom páirt a ghlacadh in imeachtaí mar seo le daoine óga atá ar aon intinn liom go rialta".*

---

*"Thaitin imeachtaí an lae inniu liom de bhrí go raibh deis agam níos mó a fhoghlaim faoin athrú aeráide agus faoinár ngeilleagar"*

---

*"Léiríodh spéis i mo chuid tuairimí agus ceisteanna - thaitin sé sin liom".*

---

## 3.2. Comhpháirtíochtaí

Ní mór comhpháirtíochtaí láidre a fhorbairt chun athrú ó bhonn a dhéanamh. Níl smacht díreach ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ar astaíocht i gcónaí, ach is féidir leis an gComhairle tacú le gníomhartha riachtanacha in go leor réimsí.

Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe ag cruthú agus ag spreagadh comhpháirtíochtaí le gnólachtaí, institiúidí, tionscail agus eagraíochtaí chun gníomhartha agus tionscadail aeráide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Fáiltíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe roimh pháirtithe leasmhara ar spéis leo páirt a ghlacadh i seachadadh an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide. Chomh maith leis sin, oibreoimid i ndlúthchomhar le húdaráis áitiúla ar Chósta an Atlantaigh Thuaidh tríd an Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar Son na hAeráide. D'fhéadfadh na comhpháirtíochtaí seo deiseanna comhoibrithe a chur ar fáil maidir le tionscadail, foghlaim chomhroinnte, tacaíocht theicniúil agus deiseanna maoinithe a ghiaráil fad is atá gníomhaíochtaí sa Phlean á gcur i bhfeidhm. Leanfaidh na CAROnna, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, an tIdirphlé Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide, agus comhpháirtithe eile ag tacú le hiarrachtaí Comhairle Chontae na Gaillimhe i ndáil le rannpháirtíocht le saoránaigh agus páirtithe leasmhara.

## 3.3. Fardal Astaíochtaí Bonnlíne

Trí thuiscint a fháil ar fhoinse ár nAstaíochtaí Gás Ceaptha Teasa (GCT) ag leibhéal áitiúil, cuirtear bonn fianaise ar fáil chun ár bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a fhorbairt agus cuireann sé ar ár gcumas gníomhartha áitiúla oiriúnacha a aithint. Mar chuid de phróiseas pleanála an Phlean Gníomhú ar son na hAeráide, cuireadh fardal astaíochtaí bonnlíne GCT i gcrích chun tuiscint a fháil ar ár bpointe tosaigh agus conas a d'fhéadfaí ár ngníomhartha astaíochtaí foriomlána a laghdú. Déantar measúnú agus cinneadh sa tuarascáil ar na hastaíochtaí bonnlíne GCT ó earnálacha éagsúla sa chontae, lena n-áirítear léargais ar astaíochtaí Comhairle Chontae na Gaillimhe féin, don bhliain 2018. Roghnaíodh an bhliain 2018 go náisiúnta mar an bhliain bhonnlíne chun bonn eolais a chur ar


fáil don Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide seo. Lena chois sin, tá sé mar aidhm leis an mbonnlíne seo feasacht a mhúscailt faoin athrú aeráide agus faoin tionchar atá ag earnálacha difriúla laistigh den chontae ar astaíochtaí foriomlána GCT na hÉireann.

Is iad seo a leanas na hearnálacha atá san áireamh san anailís a rinneadh ar fud an chontae: próisis chónaithe, tráchtála agus thionsclaíocha, talmhaíocht, iompar, dramhaíl agus fuíolluisce, agus athrú talamhúsáide agus foraoiseacht (LULUCF). Tá an mhodheolaíocht bunaithe ar Chur Chuige Leibhéal 1 'Ó Bharr Anuas' a shainmhínítear in Iarscríbhinn Theicniúil C de Threoirlínte Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide an Údaráis Áitiúil. Tá ríomhanna na n-astaíochtaí GCT a chuireann bonn eolais faoin tuarascáil seo bunaithe ar shonraí ó Map EIre agus ó Fhardal Náisiúnta Astaíochtaí na hÉireann 2021.

Bhí na hastaíochtaí GCT do Chontae na Gaillimhe sa bhliain bhonnlíne cothrom le thart ar 5% de na hastaíochtaí náisiúnta. Tríd is tríd, bhí na hastaíochtaí GCT a gineadh i gContae na Gaillimhe cothrom le 1,905 ktCO2-eq sa bhliain bhonnlíne. Ba iad na ceithre earnáil is mó sa chontae ó thaobh astaíochtaí de Talmhaíocht, Iompar, LULUCF agus Cónaithe, a tháirgeann 44%, 16%, 16% agus 15% faoi seach den líon iomlán astaíochtaí GCT sa chontae. Mar a léirítear i dTábla X, tá an leibhéal astaíochtaí ag teacht go ginearálta le sonraí astaíochtaí GCT Náisiúnta, cé go bhfuil an leibhéal astaíochtaí a bhaineann le Talmhaíocht agus LULUCF beagán níos airde mar a bheifí ag súil leis i gcontae tuaithe.

| Catagóir Astaíochtaí | Astaíochtaí Chontae na Gaillimhe (kt$CO_2$e) | Astaíochtaí Náisiúnta[1] (kt$CO_2$e) |
|---|---|---|
| Cónaithe | 450 (15%) | 9,552 (15%) |
| Seirbhísí Tráchtála | 117 (4%) | 4,618 (7%) |
| Dóchán Déantúsaíochta | 99 (3%) | 6,737 (10%) |
| Próisis Thionsclaíocha | 23 (1%) | 2,267 (3%) |
| Iompar | 478 (16%) | 12,196 (19%) |
| Dramhaíl | 21 (1%) | 991 (1%) |
| Talmhaíocht | 1,343 (44%) | 22,134 (34%) |
| LULUCF | 478 (16%) | 6,657 (10%) |
| Iomlán | 3,009 (100%) | 65,152 (100%) |

Tábla 3: Na hastuithe GCT do Chontae na Gaillimhe




Fíor 3.1: Achoimre ar Astaíochtaí Chontae na Gaillimhe

## Talmhaíocht

Gné ríthábhachtach de gheilleagar na hÉireann é talmhaíocht, earnáil a ghineann 8% d'oll-bhreisluach na tíre agus atá freagrach as 8.5% den fhostaíocht náisiúnta in 2019. Leagadh síos spriocanna uaillmhianacha go náisiúnta chun astaíochtaí GCT ón earnáil a laghdú 25% faoi 2030. Gintear astaíochtaí ó choipeadh eintreach, bainistiú aoiligh agus ithreacha, aolú agus úsáid a bhaint as leasacháin agus úiré chomh maith le húsáid a bhaint as innealra agus trealaimh atá dian ar fhuinneamh.

Is contae tuaithe é Contae na Gaillimhe agus tá ról an-tábhachtach ag Talmhaíocht i ngeilleagar na tuaithe. Is réigiún é ina bhfuil éagsúlacht gheografach le tabhairt faoi deara; tá feirmeoireacht mheasctha stoic thirim ar siúil agus feirmeoireacht déiríochta ar thalamh íseal, agus sna ceantair shléibhtiúla is feirmeoireacht ainmhithe diúil, caorach agus mheasctha atá coitianta. Is é meatán an gás ceaptha teasa is mó a astaítear san earnáil talmhaíochta, agus Ocsaíd Nítriúil ina dhiaidh. Tá 57% d'astaíochtaí talmhaíochta sa chontae ag teacht ó choipeadh eintreach in eallach.

## Cónaithe

Laistigh den Earnáil Chónaithe, tagann 76% d'astaíochtaí ó théamh uisce te agus spáis agus bhain 24% de na hastaíochtaí le hídiú leictreachais.

## Iompar

Laistigh den Earnáil Iompair, is ó charranna príobháideacha agus ó fheithiclí príobháideacha agus tromshaothair a bhaineann 57% agus le busanna a thagann 27% de na hastaíochtaí ar fad. Tá neart úsáide á baint as carranna príobháideacha sa chontae, agus tá 67% de chónaitheoirí ag brath ar fheithiclí pearsanta. Is amhlaidh atá de bhrí gur ceantar tuaithe é formhór an chontae; tá lonnaíochtaí scaipthe óna chéile agus tá an dlús daonra réasúnta íseal, 42 duine sa chiliméadar cearnach.

## Talamhúsáid, Athrú Talamhúsáide agus Foraoiseacht (LULUCF)


Tá LULUCF freagrach as astaíochtaí chomh maith le linnte carbóin. San áireamh ann tá astaíochtaí agus ceapadh laistigh de thalamh foraoise, talamh curaíochta, féarach, bogaigh, lonnaíochtaí agus cineálacha talún eile, chomh maith le táirgí adhmaid a bhaint. Bhí féarach agus talamh foraoise freagrach as 420 ktCO2 d'astaíochtaía bhaint, agus bhí féarach, lonnaíochtaí, bogaigh agus talamh eile freagrach as 900 ktCO2 d'astaíochtaí. Tá réimse leathan bogach, féarach agus foraoisí le fáil i gContae na Gaillimhe. Tá éagsúlacht mhór le tabhairt faoi deara sna cineálacha ithreach sa réigiún; tá limistéir shuntasacha de mhóin, carraig (liath), donnithir agus gléirigh le fáil sa réigiún. Nuair a dhéantar tailte portaigh agus bogaigh a dhraenáil agus a dhamáistiú, gintear astaíochtaí.

## 3.3.1. Astaíochtaí agus Spriocanna Chomhairle Chontae na Gaillimhe


Ní mór do Comhairle Chontae na Gaillimhe, agus gach comhlacht poiblí in Éirinn, laghdú 51% ar astaíochtaí GCT a bhaineann le fuinneamh agus feabhas 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach faoin mbliain 2030. Beidh an sprioc seo ag cur leis an sprioc 33% a bhí sonraithe roimhe seo - sprioc éifeachtúlachta fuinnimh 2020. Ní mór do Chomhairle Chontae na Gaillimhe a hastaíochtaí GCT a laghdú 51% faoin mbliain 2030 freisin. Is í an sprioc atá ann astaíochtaí díreacha a bhaineann le fuinneamh (ídiú teirmeach agus iompair) a laghdú 51%, móide laghduithe réamh-mheasta ar thaobh an tsoláthair ar astaíochtaí indíreacha a bhaineann le fuinneamh ó leictreachas. Déantar é seo a rianú trí chóras Monatóireachta agus Tuairiscithe (M&T) an SEAI.

Tá astaíochtaí GCT a bhaineann le húsáid leictreachais don údarás áitiúil mar thoradh ar úsáid leictreachais tógála agus saoráide agus úsáid leictreachais soilsithe phoiblí. Tá astaíochtaí teirmeacha GCT an údaráis áitiúil ag eascairt as téamh foirgneamh agus spás saoráide. Baineann astaíochtaí GCT iompair an údaráis áitiúil le húsáid díosail agus peitril i bhflít feithiclí agus innealra an údaráis áitiúil. Sa tréimhse idir 2016 agus 2018, bhí na meán-astaíochtaí cothrom le 6.3 ktCO2. Tá sé sin cothrom le níos lú ná 1% d'astaíochtaí iomlána an Chontae. Ba leis an earnáil iompair a bhain an líon is airde astaíochtaí, earnáil atá freagrach as 35% de na hastaíochtaí ar fad. Bhain 30% de na hastaíochtaí iomlána le soilsiú poilí, agus bhain 16% de na hastaíochtaí le fuinneamh teirmeach.

San fhigiúr thíos tá achoimre ar an mbearna chun an sprioc 51% maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú a bhaint amach, agus léiriú grafach ar an ualach oibre a theastaíonn. Is í an sprioc fhoriomlán atá againn faoi 2030, CO2e a laghdú 4.1 kg i gcomparáid le bonnlíne 2016-18. Tá sciar suntasach den laghdú go dtí seo le huasghráduithe ar shoilsiú poiblí.





Fíor 3.2: Astaíochtaí Comhairle Chontae na Gaillimhe




Fíor 3.3: Sprioc GCT iomlán Chomhairle Chontae na Gaillimhe

Is iad na ceanglais atá ar chomhlachtaí earnála poiblí dea-shampla a thabhairt sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, agus ciallaíonn gealltanas ó údaráis áitiúla monatóireacht, meastóireacht agus tuairisciú bliantúil a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na ngníomhaíochtaí atá i gCairt um Ghníomhú ar son na hAeráide na nÚdarás Áitiúil, gur gá feidhmíocht gníomhaithe ar son na haeráide a thomhas, a léiriú agus a fheabhsú chun tacú le huaillmhianta aeráide náisiúnta go dtí 2050.

Sainaithneofar sa chaibidil seo a leanas gníomhartha aeráide a bhfuil sé mar aidhm leo spriocanna aeráide Comhairle Chontae na Gaillimhe a chomhlíonadh.



# 4. Ár nGníomhartha ar son na hAeráide

# 4. Ár nGníomhartha ar son na hAeráide

Sainaithníodh Spriocanna, Cuspóirí agus Gníomhartha Straitéiseacha faoi na téamaí seo a leanas chun an Fhís agus an Misean a bhaint amach:

**Rialachas agus Ceannaireacht**

**Fuinneamh agus Timpeallacht Thógtha**

**Iompar**

**Pobail agus Fiontar**

**An Geilleagar Ciorclach**

**Talamhúsáid agus Bonneagar Glas**

**Oiriúnú do Riosca Aeráide**

## 4.1. Rialachas agus Ceannaireacht

**SPRIOC STRAITÉISEACH:**
**Rialachas agus ceannaireacht láidir a chothú chun gníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn agus athléimneacht a chinntiú.**

Éilíonn rialachas agus ceannaireacht éifeachtach ag leibhéal an Údaráis Áitiúil beartais, rialacháin agus straitéisí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun bealach soiléir i dtreo ár gcuspóirí aeráide a chinntiú. Sa Phlean seo ailíneofar gach seirbhís, beartas agus tionscadal de chuid Comhairle Chontae na Gaillimhe leis an mbeartas Aeráide idirnáisiúnta, náisiúnta agus réigiúnach atá forbartha cheana féin, agus déanfar smaointeoireacht aeráide a phríomhshruthú tuilleadh i gcultúr Comhairle Chontae na Gaillimhe.

Teastaíonn fís agus pleanáil fhadtéarmach chun ceannaireacht i ndáil leis an athrú aeráide a chinntiú, agus ní mór aitheantas a thabhairt don chreat ar a bhfuil obair an Údaráis Áitiúil bunaithe. Sa chomhthéacs sin, tá sé ríthábhachtach iarracht a dhéanamh comhoibriú le comhlachtaí poiblí agus páirtithe leasmhara eile chun cur ar chumas earnálacha eile laistigh de Chontae na Gaillimhe a gcuspóirí aeráide a chomhlíonadh. Cuirfimid obair i gcrích d'fhonn a chinntiú go bhfuil na hacmhainní cuí, idir acmhainní daonna agus acmhainní airgeadais, ar fáil chun gníomhú dearfach ar son na haeráide a chumasú agus déanfaimid iarracht a chinntiú go mbainfear an oiread tairbhe agus is féidir as foinsí maoinithe atá ar fáil.

### Úsáid Fuinnimh Chomhairle Chontae na Gaillimhe

Tá Foireann Bainistíochta Fuinnimh ar leith ceaptha ag Comhairle Chontae na Gaillimhe. Tá Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh i gceannas ar an bhfoireann ildisciplíneach seo agus tá Bainisteoir Fuinnimh agus Bainisteoir Flít ceaptha freisin. Cuireann an fhoireann obair i gcrích chun éifeachtúlachtaí fuinnimh a aithint agus a sheachadadh ar fud oibríochtaí agus fhoirgnimh na Comhairle. Tá an fhoireann Bainistíochta Fuinnimh i mbun Córas Bainistíochta Fuinnimh, a bhfuil ISO 50001 a chomhlíonadh aige, a fhorbairt a thacóidh le tionscadail agus sruthanna maoinithe a aithint chun spriocanna fuinnimh 2030 na Comhairle a chomhlíonadh. Tacaíonn an Biúró Réigiúnach Fuinnimh agus Oifigeach an Bhiúró Fuinnimh áitiúil leis an bhfoireann.

### Iarfheistiú Tithíochta Sóisialta

Tá gach teach sóisialta nua á fhorbairt de réir an Chaighdeáin Tógála Fuinnimh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh, agus tá an stoc tithíochta sóisialta atá ann cheana féin á uasghrádú. In 2021, sheol an Rialtas Clár um Iarfheistiú Éifeachtúlachta Fuinnimh athbhreithnithe deich mbliana d'uasghráduithe tithíochta sóisialta in 2021. Soláthraíonn an clár athbhreithnithe méadú suntasach ar na leibhéil mhaoinithe i gcomhréir le gealltanais

Chlár an Rialtais; agus dírítear ar a chinntiú go ndéantar creatlach an tí a uasghrádú, agus go gcuirtear córas téimh atá tíosach ar fhuinneamh ar fáil. Cuireann sé sin ar chumas na n-údarás áitiúil tairbhe a bhaint as clár 'iarfheistithe níos doimhne'. Mar thoradh ar na hoibreacha iarfheistithe, tá coigilteas suntasach á dhéanamh ag tionóntaí na Comhairle agus tá tithe níos compordaí á gcur ar fáil. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh le hoibreacha iarfheistithe a dhéanamh ar thithíocht shóisialta de réir leithdháiltí maoinithe an Rialtais. Meastar go dtiocfaidh méadú bliantúil ar leibhéil mhaoinithe faoin gclár seo agus go gcuirfear 36,500 teach sóisialta ar fáil go náisiúnta, a bheidh iarfheistithe chuig leibhéal BER B2 nó a chomhionann, faoin mbliain 2030.

### Soláthar Poiblí Glas

Is próiseas é Soláthar Poiblí Glas (SPG) trína ndéanann údaráis phoiblí iarracht earraí, seirbhísí agus oibreacha a sholáthar a bhfuil tionchar laghdaithe acu ar an gcomhshaol i rith a saolré. Faoin bPlean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide, ní mór go mbeadh critéir ghlasa á gcur san áireamh i ngach soláthar a úsáideann cistí poiblí. Trí ghealltanas maidir le SPG a thabhairt, bainfidh Údaráis Áitiúla agus comhlachtaí poiblí leas as a gcumhacht cheannaigh shuntasach chun cabhrú le haistriú na hÉireann chuig geilleagar agus sochaí atá inbhuanaithe agus neodrach ó thaobh carbóin de a chruthú. Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe i mbun Straitéis Soláthair Phoiblí Ghlais a fhorbairt.

### FEASACHT AGUS OILIÚINT FOIRNE

I gcomhpháirt leis na CAROnna agus leis an nGrúpa Náisiúnta Oiliúna um Sheirbhísí Údaráis Áitiúil (LASTNG), táthar ag leanúint le hoiliúint um ghníomhú ar son na haeráide a chur i bhfeidhm d'earnáil an údaráis áitiúil trí chéile, lena n-áirítear ionadaithe tofa, chun baill foirne a chumhachtú agus a uasoiliúint chun gníomhú mar cheannairí maidir leis an ngníomhú ar son na haeráide. Ina theannta sin, tá teachtaireachtaí rialta feasachta maidir leis an ngníomhú ar son na haeráide á roinnt trí bhealaí cumarsáide inmheánacha na Comhairle.



## CUSPÓIR

### Cuspóir GL1

Cleachtais éifeachtacha rialachais agus ceannaireachta a bhunú a éascaíonn cur i bhfeidhm rathúil an phlean.

### Cuspóir GL 2

Cuspóir GL 2 Bainistíocht agus tionscadail éifeachtacha fuinnimh a chur i bhfeidhm ar fud shócmhainní Comhairle Chontae na Gaillimhe atá ailínithe le spriocanna 2030 agus le treocht neodrach.

### Cuspóir GL3

Gníomhú ar son na haeráide a chomhtháthú i mbeartais, pleananna, straitéisí agus feidhmeanna an údaráis áitiúil. Cinntiú go dtugtar tús áite don chrios dícharbónaithe.

### Cuspóir GL4

Gníomhú ar son na haeráide a éascú ar fud an chontae, trí dhul i dteagmháil le páirtithe leasmhara agus le saoránaigh agus comhoibriú leo chun Plean gníomhaithe ar son na haeráide de chuid an údaráis áitiúil a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú, agus trí fhaisnéis agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh.

## Ailíniú SDG




## Comhthairbhí

**Rialachas Feabhsaithe**

**Comhpháirteachas Poiblí**

**Slándáil fuinnimh mhéadaithe**

**Soláthar Seirbhísí Feabhsaithe**

## Sprioc 1. Rialachas agus Ceannaireacht

**Cuspóir GL1** Cleachtais éifeachtacha rialachais agus ceannaireachta a bhunú a éascaíonn cur i bhfeidhm rathúil an phlean.

| Gníomh | Spriocdháta | Príomhpháirtí | PTF | Oiriúnú / Maolú |
|---|---|---|---|---|
| **Gníomh GL 1.1 Leanúint ar aghaidh ag forbairt agus ag tacú leis an nGrúpa Stiúrtha um Ghníomhú ar son na hAeráide, an Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide, agus an Fhoireann Fuinnimh laistigh de Comhairle Chontae na Gaillimhe (CCG). Cinntiú go bhfuil dóthain acmhainní ag an Aonad um Ghníomhú ar son na hAeráide.** | Leanúnach | Foireann Bainistíochta CCG | Líon na mball foirne atá ann; Cruinnithe ar a scríobhadh miontuairiscí orthu - Grúpa Stiúrtha (Leathbhliantúil), An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide (Ráithiúil), An Fhoireann Fuinnimh (Ráithiúil) | An dá rud |
| **Gníomh GL 1.2 Saineolas a fhorbairt laistigh d'Fhoireann Bainistíochta CCG, Grúpa Stiúrtha um Ghníomhú ar son na hAeráide, An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide, An Fhoireann Fuinnimh, Ambasadóirí ar son na hAeráide, Comhaltaí Tofa agus Foireann trí riachtanais oiliúna a aithint agus oiliúint ábhartha a eagrú.** | Leanúnach | Foireann Bainistíochta CCG, Acmhainní Daonna CCG | Plean oiliúna bliantúil ullmhaithe agus curtha i gcrích. | An dá rud |
| **Gníomh GL 1.3 Pleananna bliantúla um Chur i bhFeidhm an Ghníomhaithe ar son na hAeráide a fhorbairt agus a fhormheas chun tacú le seachadadh an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide.** | Leanúnach | Foireann Bainistíochta CCG | Clár oibre bliantúil forbartha agus curtha i gcrích; | An dá rud |

| **Cuspóir GL 2** Bainistíocht agus tionscadail éifeachtacha fuinnimh a chur i bhfeidhm ar fud shócmhainní Chomhairle Chontae na Gaillimhe atá ailínithe le spriocanna 2030 agus le treocht neodrach. | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Gníomh** | **Spriocdháta** | **Príomhpháirtí** | **PTF** | **Oiriúnú / Maolú** |
| **Gníomh GL 2.1 Deimhniú Bainistíochta Fuinnimh ISO50001 a fháil agus a chothabháil faoi R4 2024. Córas bainistíochta sonraí a bhunú. Maoiniú leordhóthanach agus acmhainní leordhóthanacha a sholáthar chun an sprioc a bhaint amach maidir le laghdú 51% ar astaíochtaí a bhaineann le fuinneamh, laghdú 51% ar astaíochtaí teirmeacha, agus feabhas 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh faoi 2030.** | 31/12/2024 | Foireann Bainistíochta CCG | ISO50001 bainte amach. ISO50001 caomhnaithe. Córas bainistíochta sonraí i bhfeidhm. Laghduithe fuinnimh bainte amach i gcomhréir leis an sprioc. | Maolú |
| **Gníomh GL 2.2 Clár aisfheistithe bliantúil a fhormheas agus a chur i bhfeidhm d'fhoirgnimh CCG faoi Chlár Treo-Aimsitheora SEAI agus faoin Scéim Deontais Fuinnimh Pobail.** | Leanúnach | Foireann Bainistíochta CCG, Seirbhísí Corparáideacha CCG | Coigilt bhliantúil CO2; € deontas faighte; kWh d'fhuinneamh in-athnuaite suiteáilte | Maolú |
| **Gníomh GL 2.3 Cur ar chumas na foirne roghanna praiticiúla ísealcharbóin a úsáid chun tabhairt faoi thaisteal gnó trí rothair agus feithiclí leictreacha, carr-roinnt, srl., a sholáthar. Tacú le glacadh uirlisí cianoibre agus comhdhála ar líne chun comaitéireacht agus taisteal gnó a laghdú.** | Leanúnach | Foireann Bainistíochta CCG, Rannóg Bonneagair agus Oibríochtaí CCG | Straitéis Bainistíochta Flít a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. | Maolú |
| **Gníomh GL 2.4 Staidéar féidearthachta a dhéanamh agus roghanna breosla malartacha in-athnuaite a chomhtháthú do fhlít feithiclí Comhairle Chontae na Gaillimhe lena gcinntítear go dtugtar aird chuí ar inbhuanaitheacht breoslaí malartacha foinseacha.** | 31/12/2025 | Rannóg Bonneagair agus Oibríochtaí CCG | Críochnú an Mheasúnaithe | Maolú |

| Gníomh | Spriocdháta | Príomhpháirtí | PTF | Oiriúnú / Maolú |
|---|---|---|---|---|
| **Gníomh GL 2.5 Straitéis Bainistíochta Flít a ullmhú, a fhormheas agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir le Staidéar ÚÁ, Athshamhlú Iompair agus ag an am céanna a chinntiú go ndéantar critéir inbhuanaitheachta a mheas go cuí le linn próiseas soláthair.** | Leanúnach | Foireann Bainistíochta CCG, Rannóg Bonneagair agus Oibríochtaí CCG | Straitéis Bainistíochta Flít a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. | Maolú |
| **Gníomh GL 2.6 Leanúint leis an gclár chun soilsiú poiblí laistigh de Chontae na Gaillimhe a uasghrádú chuig córais soilsithe atá tíosach ar fhuinneamh agus aird chuí á tabhairt ar thionchar an tsolais ar bhithéagsúlacht.** | 31/12/2029 | Rannóg Bonneagair agus Oibríochtaí CCG | Coigilt bhliantúil $CO_2$; 100% soilsiú poiblí LED faoi 2030 | Maolú |
| **Gníomh GL 2.7 Leanúint d'aisfheistiú éifeachtúlachta fuinnimh a dhéanamh ar thithíocht shóisialta faoin gClár Iarfheistithe Fuinnimh a fhaigheann tacaíocht ó DHLGH agus aird chuí á tabhairt ar an mbithéagsúlacht agus ar an ngá atá le struchtúir chosanta a chaomhnú go cuí.** | 31/12/2029 | Roinn Tithíochta CCG | Líon agus % na dtithe aisfheistithe | Maolú |

**Cuspóir GL 3** Gníomhú ar son na haeráide a chomhtháthú i mbeartais, pleananna, straitéisí agus feidhmeanna an údaráis áitiúil. Cinntiú go dtugtar tús áite don chrios dícharbónaithe.

| Gníomh | Spriocdháta | Príomhpháirtí | PTF | Oiriúnú / Maolú |
|---|---|---|---|---|
| **Gníomh GL 3.1 Tionscnaimh agus feachtais inmheánacha um Ghníomhú ar son na hAeráide a spreagadh agus a éascú, lena n-áirítear caomhnú uisce, bainistiú fuinnimh, cruthú gnáthóige agus bainistiú dramhaíola.** | Leanúnach | Rannóg Comhshaoil CCG | Líon na dtionscnamh; Fuinneamh Sábháilte; Laghduithe ar Dhramhaíl; Laghdú ar Úsáid Uisce | Maolú |

| Gníomh | Spriocdháta | Príomhpháirtí | PTF | Oiriúnú / Maolú |
|---|---|---|---|---|
| **Gníomh GL 3.2 Tacú le forbairt, cur i bhfeidhm agus comhroinnt dea-chleachtais maidir le Soláthar Poiblí Glas (SPG). Straitéis Soláthair Inbhuanaithe Adhmaid agus Straitéis Soláthair Phoiblí Ghlais fhoriomlán a fhorbairt tríd an gClár Cities4Forests. Uirlis mhonatóireachta agus tuairiscithe a fhorbairt lena chinntiú go bhfuil SPG leabaithe i ngach soláthar.** | 31/12/2025 | Foireann Bainistíochta CCG | Straitéis SPG Forbartha; Uirlis Monatóireachta agus Tuairiscithe Forbartha | Maolú |
| **Gníomh GL 3.3 Fardal bonnlíne a bhunú de na hastaíochtaí carbóin corpraithe a bhaineann leis na hábhair thógála a úsáidtear i dtionscadail Comhairle Chontae na Gaillimhe, amhail bóithre, droichid, srl. Sprioc indéanta a chinneadh chun na hastaíochtaí carbóin corpraithe a laghdú. Bearta a chur i bhfeidhm chun an sprioc a bhaint amach. I gcás inarb indéanta, cuir laghduithe measta féideartha ar astaíochtaí mar thoradh ar an tionscadal san áireamh agus an ríomh á dhéanamh.** | 31/12/2025 | Rannóg Comhshaoil CCG | Fardal bonnlíne a bhunú, sprioc a leagan síos agus bearta a aithint chun an sprioc a bhaint amach. | Maolú |
| **Gníomh GL 3.4 Ceangal a chur ar thithíocht phoiblí agus ar fhoirgnimh nua prionsabail an ghníomhaithe ar son na haeráide a ionchorprú i dtéarmaí dearaidh, seirbhísí agus áiseanna agus breithniú cúramach á dhéanamh ar rogha ábhar, cineálacha dín (i.e. díonta glasa), caomhnú uisce, leas a bhaint as gnóthachan gréine/tithíocht éighníomhach, soláthar teicneolaíochtaí fuinnimh ísealcharbóin agus in-athnuaite agus bonneagar iompair phoiblí amhail stadanna bus agus scáthláin de réir mar is cuí do scála na forbartha.** | Leanúnach | Foireann Bainistíochta CCG | Rinneadh athbhreithniú ar gach dearadh le haghaidh gníomhartha féideartha ar son na haeráide | An dá rud |

| Gníomh | Spriocdháta | Príomhpháirtí | PTF | Oiriúnú / Maolú |
|---|---|---|---|---|
| **Gníomh GL 3.5 Cur i bhfeidhm cuspóirí a bhaineann leis an aeráid a chur chun cinn i bPlean Forbartha an Chontae agus i Straitéis Fuinnimh In-athnuaite na nÚdarás Áitiúil.** | Leanúnach | Rannóg Pleanála CCG | Gníomhartha Aeráide CDP agus LARES Dulta Chun Cinn | An dá rud |
| **Gníomh GL 3.6 Athbhreithniú a dhéanamh ar dhréachtphleananna inmheánacha agus seachtracha a thagann chun cinn le linn shaolré an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide agus comhairle a thabhairt maidir le bearta maolaithe agus oiriúnaithe aeráide a chomhtháthú nuair is cuí.** | Leanúnach | Rannóg Comhshaoil CCG | Gníomhú ar son na haeráide comhtháite i ngach Plean agus beartas nua. | An dá rud |
| **Gníomh GL 3.7 Agus an Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide de chuid Chontae na Gaillimhe seo á chur i bhfeidhm, a chinntiú go gcloítear le Plean Forbartha Contae na Gaillimhe 2022-2028 agus le cuspóirí agus beartais an phlean limistéir áitiúil a bhaineann le bainistíocht chomhshaoil, le Limistéir Chaomhantais reachtúla a chosaint agus a chinntiú go gcomhlíontar bearta sonracha bainistíochta comhshaoil a bhaineann leis an bPlean seo. Beidh Measúnacht Straitéiseach Comhshaoil, Measúnacht Tionchair Timpeallachta, Measúnacht Chuí agus Measúnachtaí Tionchair Éiceolaíochta de réir mar is ábhartha mar bhonn agus mar thaca ag pleananna talamhúsáide agus tionscadail thalamhúsáide a eascraíonn as an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide seo. Cuirfidh Comhairle Chontae na Gaillimhe san áireamh aon mholtaí ábhartha i dTuarascáil an GCC ar Staid ár gComhshaoil 2024, a luaithe a fhoilseofar iad, agus Plean Gníomhaithe na Gaillimhe ar son na hAeráide á chur i bhfeidhm thar a saolré. Breithneoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe aon ghníomhartha, bearta nó moltaí nuashonraithe ábhartha a d'fhéadfadh teacht chun cinn i nuashonruithe ar an bPlean Gníomhaithe Náisiúnta ar son na hAeráide thar shaolré an phlean.** | Leanúnach | Foireann Bainistíochta CCG | | An dá rud |

| Gníomh | Spriocdháta | Príomhpháirtí | PTF | Oiriúnú / Maolú |
|---|---|---|---|---|
| **Gníomh GL 3.8 Treoir náisiúnta a lorg ar fhorbairt Buiséid Charbóin agus Cuntasaíocht do ghníomhaíochtaí/cuspóirí i bpleananna GCC chun comhsheasmhacht leis na spriocanna earnála carbóin a chinntiú. Treoir náisiúnta a lorg ar ardú leibhéal na farraige fadtréimhseach il-deich mbliana agus machnamh a dhéanamh mar chuid de phleanáil fhadtéarmach úsáide talún, lena n-áirítear i bhforbairt an chéad atriallta eile den Phlean Forbartha Contae.** | Leanúnach | Rannóg Comhshaoil CCG, Rannóg Pleanála CCG | Treoir náisiúnta faighte. Breathnaíodh ar bhuiséid charbóin agus ar ardú leibhéal na farraige i bpleananna ábhartha an GCC. | Oiriúnú |

**Cuspóir GL 4** Gníomhú ar son na haeráide a éascú ar fud an chontae, trí dhul i dteagmháil le páirtithe leasmhara agus le saoránaigh agus comhoibriú leo chun Plean Gníomhaithe na n-Údarás Áitiúil ar son na Aeráide a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú, agus trí fhaisnéis agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh.

| Gníomh | Spriocdháta | Príomhpháirtí | PTF | Oiriúnú / Maolú |
|---|---|---|---|---|
| **Gníomh GL 4.1 Líonra páirtithe leasmhara a bhunú agus cumarsáid leanúnach a chinntiú. Comhpháirtíochtaí a chothú agus páirt ghníomhach a ghlacadh i gcomhpháirtíochtaí le húdaráis áitiúla réigiúnacha agus le comhlachtaí poiblí, le hearnálacha fiontraíochta, pobail agus deonacha, le hinstitiúidí tríú leibhéal agus leis an bpobal taighde. An leas is fearr is féidir a bhaint as sruthanna maoinithe féideartha don chontae agus oibriú i gcomhpháirtíocht chun tionscadail agus tionscnaimh um Ghníomhú ar son na hAeráide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Leanúint de thacú le tionscadail atá ann cheana féin, lena n-áirítear LEAP, CONNECTED, Cities4Forests, srl.** | Leanúnach | Rannóg Comhshaoil CCG | Líonra geallsealbhóirí bunaithe; Líon na dtionscadal atá i bhfeidhm | An dá rud |

## 4.2. Fuinneamh agus Timpeallacht Thógtha

**SPRIOC STRAITÉISEACH**

**Fuinneamh agus Timpeallacht Thógtha: Aistriú chuig fuinneamh agus foirgnimh ísealcharbóin, athléimneacha agus inbhuanaithe, rud a chuirfidh le folláine ár bpobail.**

An Timpeallacht Thógtha - An timpeallacht thógtha a dhícharbónú trí thacú le feabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh agus laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa foirgneamh cónaithe, tráchtála agus poiblí atá tógtha cheana féin agus foirgnimh nua, agus a leithéid a éascú.



## CUSPÓIR

### Cuspóir EB1

Tacú le foinsí fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt amhail fuinneamh gaoithe amach ón gcósta amháin, fuinneamh gréine, fuinneamh taoide agus bithmhaise i láithreacha oiriúnacha.

### Cuspóir EB2

Comhtháthú gníomhaithe ar son na haeráide a chinntiú sa phleanáil spásúil chun cur ar chumas Chontae na Gaillimhe aistriú chuig sochaí ísealcharbóin athléimneach.

### Cuspóir EB3

Sraoilleáil uirbeach a laghdú agus forbairt dhlúth atá dírithe ar idirthuras a spreagadh agus a uasmhéadaíonn úsáid bonneagair ghlais.

## Ailíniú SDG

7 FUINNEAMH IN-ATHNUAITE

9 TIONSCAIL, NUÁIL AGUS BONNEAGAR

11 CATHRACHA AGUS POBAIL INBHUANAITHE

15 AN SAOL AR TALAMH

16 CEARTAS

17 COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ CHUN NA SPRIOCANNA A BHAINT AMACH

## Comhthairbhí

**Bonneagar níos fearr**

**Rialachas Feabhsaithe**

**Slándáil fuinnimh mhéadaithe**

**Fás geilleagrach**

## Sprioc 2. Fuinneamh agus Timpeallacht Thógtha

**Cuspóir EB 1** Tacú le foinsí fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt amhail fuinneamh gaoithe amach ón gcósta amháin, fuinneamh gréine, fuinneamh taoide agus bithmhaise i láithreacha oiriúnacha.

| Gníomh | Spriocdháta | Príomhpháirtí | PTF | Oiriúnú / Maolú |
|---|---|---|---|---|
| **Gníomh EB 1.1 Tacú le taighde agus forbairt fuinnimh in-athnuaite ar scála tráchtála agus pobail agus ag an am céanna abhcóideacht agus tionchar a imirt chun a chinntiú go gcuireann tionscadail den sórt sin comhthairbhí maidir le gníomhú ar son na haeráide chun cinn agus nach sáraíonn siad riachtanais ábhartha maidir le cosaint an chomhshaoil.** | Leanúnach | Rannóg Pleanála CCG | MW d'fhuinneamh in-athnuaite sa Chontae | Maolú |
| **Gníomh EB 1.2 Staidéar féidearthachta a dhéanamh chun na limistéir agus na foinsí féideartha do théamh bardasach sa chontae a aithint agus a mheas.** | 31/12/2025 | Rannóg Comhshaoil CCG | Staidéar Curtha i gCrích | Maolú |

**Cuspóir EB 2** Comhtháthú gníomhaithe ar son na haeráide a chinntiú sa phleanáil spásúil chun cur ar chumas Chontae na Gaillimhe aistriú chuig sochaí ísealcharbóin athléimneach.

| Gníomh | Spriocdháta | Príomhpháirtí | PTF | Oiriúnú / Maolú |
|---|---|---|---|---|
| **Gníomh EB 2.1 Measúnú a dhéanamh ar indéantacht beartais lena gceanglaítear ar iarratais phleanála measúnú a dhéanamh ar na hastaíochtaí carbóin corpraithe a bhaineann leis an bhforbraíocht bheartaithe agus roghanna le haghaidh réitigh nádúrbhunaithe agus feabhsú bithéagsúlachta, trí mhodheolaíocht chaighdeánaithe chomhsheasmhach.** | 31/12/2025 | Rannóg Pleanála CCG | Staidéar Curtha i gCrích | Maolú |

| Gníomh | Spriocdháta | Príomhpháirtí | PTF | Oiriúnú / Maolú |
|---|---|---|---|---|
| **Gníomh EB 2.2 Sonraí cás-staidéir agus treoir maidir le huasghrádú an fhoirgnimh thraidisiúnta a chur in iúl mar eiseamláir, agus cinntiú go gcuirtear treoir chuí ar fáil maidir le luach ailtireachta agus oidhreachta agus speicis chosanta a bhaineann le foirgnimh den sórt sin a chosaint le linn oibreacha uasghrádaithe.** | 31/12/2025 | Rannóg Pleanála CCG | Cás-staidéir ar fáil; Clár cumarsáide curtha i bhfeidhm. | An dá rud |

**Cuspóir EB 3** Sraoilleáil uirbeach a laghdú agus forbairt dhlúth atá dírithe ar idirthuras a spreagadh agus a uasmhéadaíonn úsáid bonneagair ghlais.

| Gníomh | Spriocdháta | Príomhpháirtí | PTF | Oiriúnú / Maolú |
|---|---|---|---|---|
| **Gníomh EB 3.1 Tá soláthar Ionad Cóireála Fuíolluisce poiblí i mbailte agus i sráidbhailte nach ndéantar freastal orthu faoi láthair ríthábhachtach chun fás dlúth agus inbhuanaithe a éascú. Tacú le hUisce Éireann agus leis an rialtas náisiúnta chun láithreacha a chur in ord tosaíochta agus maoiniú a lorg chun na seirbhísí seo a sholáthar.** | 31/12/2029 | Foireann Bainistíochta CCG | Líon na mbailte/ sráidbhailte ar a bhfreastalaíonn Ionad Cóireála Fuíolluisce poiblí | An dá rud |
| **Gníomh EB 3.2 An t-uasghrádú maoine cónaithe agus tráchtála atá ann cheana a spreagadh chun fás dlúth agus athnuachan inbhuanaithe a chur chun cinn agus aird chuí á tabhairt ar an mbithéagsúlacht agus ar an ngá atá le struchtúir chosanta a chaomhnú go cuí.** | Leanúnach | Forbairt Pobail agus Tuaithe CCG | Líon na bhfoirgneamh uasghrádaithe | An dá rud |

## 4.3. Iompar

**SPRIOC STRAITÉISEACH**
**Iompar: Tacú le réitigh shoghluaisteachta inbhuanaithe a sholáthar agus tairbhe a bhaint astu.**

Tá aistriú i dtreo córas iompair níos inbhuanaithe ar cheann de na dúshláin shuntasacha a mbeidh ar shochaí na hÉireann dul i ngleic leis. Baineann thart ar 18% d'astaíochtaí GCT na hÉireann leis an earnáil iompair' tá an figiúr do Chontae na Gaillimhe mórán mar an gcéanna, cothrom le 16%. Tagann príomhfhoinse astaíochtaí GCT na hearnála iompair ó pheitreal agus díosal a dhó in innill dócháin. Tá spleáchas ard ar charranna príobháideacha paisinéirí, atá freagrach as an sciar is mó d'astaíochtaí GCT iompair i gContae na Gaillimhe, sciar astaíochtaí atá cothrom le thart ar 57%. Tá tionchar mór ag an gcaoi a roghnaímid taisteal chun críche oibre, oideachais, siopadóireachta agus fóillíochta, ar astaíochtaí GCT na hÉireann agus Chontae na Gaillimhe.

Tá an Straitéis Náisiúnta Iompair bunaithe ar an gcur chuige Seachain-Aistrigh-Feabhsaigh: an gá atá le taisteal a laghdú nó a sheachaint, aistriú chuig iompar poiblí, siúl agus rothaíocht, agus éifeachtúlacht fuinnimh feithiclí a fheabhsú. Tacóidh na gníomhartha a bhaineann le hiompar laistigh den Phlean seo le daoine chun úsáid a bhaint as roghanna taistil ghníomhaigh agus taistil phoiblí agus cuirfear ar a gcumas an bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha a fhorbairt ar fud an chontae. Ina theannta sin, is féidir le tionscnaimh inbhuanaithe taistil agus sábháilteachta ar bhóithre sábháilteacht na mbóithre a fheabhsú agus cáilíocht an aeir a fheabhsú i mbailte agus sráidbhailte ar fud an chontae.



## CUSPÓIR

### Cuspóir TR1

Tacú le taisteal gníomhach agus aistriú módach chun soghluaisteacht inbhuanaithe, inrochtana agus shábháilte a chur chun cinn.

### Cuspóir TR2

Tacú le forbairt agus úsáid teicneolaíochtaí ísealcharbóin amhail feithiclí leictreacha agus breoslaí ísealcharbóin.

## Ailíniú SDG

- 3 SLÁINTE MHAITH
- 7 FUINNEAMH IN-ATHNUAITE
- 9 TIONSCAIL, NUÁIL AGUS BONNEAGAR
- 10 NEAMHIONANNAS LAGHDAITHE
- 11 CATHRACHA AGUS POBAIL INBHUANAITHE
- 13 GNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE

## Comhthairbhí

**Cáilíocht aeir níos fearr agus laghdú ar thruailliú ó thorann**

**Sláinte Phoiblí**

**Sláinte agus folláine níos fearr**

**Soghluaisteacht níos fearr**

## Sprioc 3. Iompar

**Cuspóir TR 1** Tacú le taisteal gníomhach agus aistriú módach chun soghluaisteacht inbhuanaithe, inrochtana agus shábháilte a chur chun cinn.

| Gníomh | Spriocdháta | Príomhpháirtí | PTF | Oiriúnú / Maolú |
|---|---|---|---|---|
| **Gníomh TR 1. 1 Múnlú Iompair Iomlán ar fud an chontae a chur i gcrích bunaithe ar chur chuige iompair inbhuanaithe agus taistil níos cliste. Pleananna Iompair Áitiúla a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do Bhruachbhailte Thuama, Bhaile Átha an Rí, Bhaile Locha Riach, an Ghoirt agus Oirthear na Gaillimhe. Plean Iompair Áitiúil Bhéal Átha na Sluaighe, a glacadh leis, a chur i bhfeidhm. Staidéar Iompair Pobail a dhéanamh d'Áth Cinn, An Clochán, Cinn Mhara, Uachtar Ard, Port Omna agus Maigh Cuilinn. Pleananna Bainistíochta Tráchta a ullmhú.** | 31/12/2024 | Rannóg Bonneagair agus Oibríochtaí CCG | Líon na bpleananna a cuireadh i gcrích. | Maolú |
| **Gníomh TR 1. 2 Straitéis Siúlóide agus Rothaíochta an Chontae a fhorbairt.** | 31/12/2024 | Rannóg Bonneagair agus Oibríochtaí CCG | Straitéis forbartha | Maolú |
| **Gníomh TR 1. 3 Deiseanna a aithint chun an spás bóthair atá ann cheana a ath-leithdháileadh chun taisteal gníomhach a chur chun cinn agus spás poiblí a fheabhsú agus tionscadail ghaolmhara a chur i bhfeidhm.** | Leanúnach | Rannóg Bonneagair agus Oibríochtaí CCG | km d'ath-leithdháileadh bóithre a aithníodh agus a cuireadh i bhfeidhm. | Maolú |
| **Gníomh TR 1. 4 Oibriú le pobail chun tionscadail a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le taisteal gníomhach, glasbhealach agus iompar poiblí a aithint agus chun tacú le hathrú módach.** | Leanúnach | Rannóg Bonneagair agus Oibríochtaí CCG, Rannóg Comhshaoil CCG, Forbairt Pobail agus Tuaithe CCG | Líon na réimsí / tionscadal a aithníodh agus a cuireadh i bhfeidhm | Maolú |

| Gníomh | Spriocdháta | Príomhpháirtí | PTF | Oiriúnú / Maolú |
|---|---|---|---|---|
| **Gníomh TR 1. 5 Tacú le scéimeanna soghluaisteachta pobail agus iad a chur chun cinn, lena n-áirítear comharscéimeanna rothar, moil shoghluaisteachta, leabharlanna rothar, roinnt carranna pobail EV agus luchtú EV, carr-roinnt, agus tacsaithe pobail.** | Leanúnach | Rannóg Comhshaoil CCG, Foireann Athnuachana Uirbí agus Tuaithe CCG, Forbairt Pobail agus Tuaithe CCG | Líon na dtionscadal ar tugadh tacaíocht dóibh/ar forbraíodh iad | Maolú |
| **Gníomh TR 1. 6 Trasrianta bóthair, lánaí rothaíochta agus siúlbhealaí nua agus feabhsaithe a dhearadh agus a sheachadadh a thugann tús áite d'úsáideoirí faoi mhíchumas, do choisithe agus do rothaithe.** | Leanúnach | Rannóg Bonneagair agus Oibríochtaí CCG | # trasrianta seachadta; líon agus km na lánaí rothar in aghaidh na bliana; líon agus km na siúlbhealaí in aghaidh na bliana | Maolú |
| **Gníomh TR 1. 7 Cothabháil leordhóthanach bóthair a chinntiú d'úsáideoirí taistil ghníomhaigh.** | Leanúnach | Rannóg Bonneagair agus Oibríochtaí CCG | Clár cothabhála bliantúil forbartha agus curtha i gcrích. | An dá rud |
| **Gníomh TR 1. 8 Tacú leis an gclár Bealaí Níos Sábháilte chuig Scoileanna agus tionscnamh Sráideanna Scoile, rud a chuireann oideachas agus oiliúint ar fáil ar bhusanna rothaíochta agus ar bhusanna siúil. Iniúchtaí Insiúltachta agus Iniúchtaí Inrothaitheachta a rinne Scoileanna Glasa agus dreamanna eile a úsáid chun féidearthacht iarrataí infreastruchtúir a fhiosrú. Comhoibriú le Foireann Taistil na Scoileanna Glasa chun tacú le Tionscnaimh Taistil Ghníomhaigh lena n-áirítear feachtais 'cosc ar réchasadh' agus scéimeanna Páirceáil agus Siúl.** | Leanúnach | Rannóg Bonneagair agus Oibríochtaí CCG | # na scoileanna le bearta curtha i bhfeidhm. | Maolú |

| Gníomh | Spriocdháta | Príomhpháirtí | PTF | Oiriúnú / Maolú |
|---|---|---|---|---|
| **Gníomh TR 1. 9 Gréasán na nglasbhealaí sa Chontae a leathnú ag bunú nascálacha le bailte agus sráidbhailte i gcomhréir leis an líonra straitéiseach náisiúnta rothaíochta agus riachtanais dea-chleachtais sa Measúnú Straitéiseach Comhshaoil (MSC), sa Tuarascáil Comhshaoil (TC) agus Ráiteas Tionchair Natura (RTN) a ghabhann leis.** | 31/12/2029 | Rannóg Bonneagair agus Oibríochtaí CCG | km iomlán an Ghlasbhealaigh | Maolú |
| **Gníomh TR 1.10 Measúnú féidearthachta cuimsitheach a dhéanamh, lena n-áirítear cúrsaí sábháilteachta, comhshaoil agus costais, chun timpealláin i stíl na hÍsiltíre a chur i bhfeidhm laistigh de bhonneagar iompair Chomhairle Chontae na Gaillimhe.** | 31/12/2025 | Rannóg Bonneagair agus Oibríochtaí CCG | Measúnú curtha i gcrích | Maolú |
| **Gníomh TR 1.11 Rannpháirtíocht le soláthraithe iompair phoiblí chun tacú le torthaí feabhsaithe iompair phoiblí lena n-áirítear leathnú seirbhísí busanna agus traenacha tuaithe agus idirnascacht seirbhísí. Tacú le soláthraithe iompair phoiblí meastachán a dhéanamh ar laghduithe ar astaíochtaí mar thoradh ar sheirbhísí poiblí méadaithe.** | 31/12/2029 | Páirtnéirí Éagsúla | Líon Rannpháirtíochta | Maolú |

| Cuspóir TR 2 Tacú le forbairt agus úsáid teicneolaíochtaí ísealcharbóin amhail feithiclí leictreacha agus breoslaí ísealcharbóin. | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Gníomh** | **Spriocdháta** | **Príomhpháirtí** | **PTF** | **Oiriúnú / Maolú** |
| **Gníomh TR 2.1 Oibriú leis an Roinn Bóithre agus Iompair agus le hÚdaráis Áitiúla réigiúnacha/Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide (ÚÁnna/CARO) chun Straitéis Réigiúnach EV a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Suíomhanna a shainaithint a theastaíonn chun spriocanna náisiúnta ábhartha a bhaint amach agus a chinntiú nach bhfuil aon cheantair ar cúis imní iad.** | 31/12/2024 | Rannóg Bonneagair agus Oibríochtaí CCG | Straitéis forbartha agus líon na luchtairí EV a theastaíonn a aithint. Luchtairí suiteáilte ag láithreacha aitheanta. | Maolú |
| **Gníomh TR 2.2 Tacú le feidhmiú céimneach an bhonneagair EV sa chontae de réir na straitéise lena n-áirítear iarratais ar chláir ZEVI a chur isteach, bonneagar EV a ionchorprú i ndearadh sráid-dreacha agus EV a éileamh i bhforbairtí nua.** | Leanúnach | Rannóg Bonneagair agus Oibríochtaí CCG | Leibhéal clúdaigh luchtairí EV i gcomhréir le Straitéis | Maolú |

## 4.4. Pobail agus Comhpháirtíocht

**SPRIOC STRAITÉISEACH**

**Pobail agus Comhpháirtíocht: Gníomhú ar son na haeráide a chumhachtú agus tacú léi sa tsochaí trí chéile ar mhaithe le haistriú cóir chuig todhchaí ísealcharbóin agus athléimneach a chinntiú.**

> *Tá ról lárnach ag pobail sna hiarrachtaí atá á ndéanamh dul i ngleic le cailliúint na bithéagsúlachta agus astaíochtaí a laghdú*
>
> Aighneacht phoiblí

Sonraítear i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide Náisiúnta 2023 go gcaithfidh an Rialtas agus saoránaigh na hÉireann teacht le chéile mar chuid de 'conradh sóisialta' neartaithe don ghníomhú ar son na haeráide agus fíor-réitigh ar an athrú aeráide a chomhchruthú, atá fóinteach, cuimsitheach, cothrom agus inrochtana do chách.

Tá gníomhú ar son na haeráide ag fás in earnálacha difriúla de shochaí na hÉireann de réir mar a éiríonn muid níos eolaí ar na rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide. Tá ról ríthábhachtach ag pobail agus comhpháirtíochtaí áitiúla i gcomhthéacs spriocanna astaíochtaí GCT Chontae na Gaillimhe agus cuspóirí an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide seo a chomhlíonadh.

Tá sé ríthábhachtach deiseanna a chruthú le haghaidh rannpháirtíocht agus comhpháirtíochtaí pobail chun tionscadail agus tionscnaimh nua gníomhaithe ar son na haeráide a mbeidh tionchar acu a fhorbairt. Cuspóir suntasach den Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide seo é feasacht, rannpháirtíocht agus spreagadh an phobail a chruthú chun gníomhú i ndáil leis na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide.

Tacóidh na gníomhartha pobail agus comhpháirtíochtaí a shainaithnítear sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide seo le rannpháirtíocht an phobail ar bhealach a thacaíonn le foghlaim fhrithpháirteach agus bunófar deiseanna fiúntacha chun bealaí nua a aimsiú chun dul in oiriúint do na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide agus chun iad a mhaolú. Is é an aidhm atá leis an bPlean seo, ní hamháin eolas a roinnt faoi thodhchaí dhóchúil a bhaineann leis an athrú aeráide ach chun pobail a chumasú, a chumhachtú agus tacú leo freisin gníomhú go dearfach ar son an athraithe aeráide ar bhealach atá cuimsitheach, cothrom agus cothromasach.

Trí acmhainní agus túsphointí éagsúla a aithint, tá sé mar aidhm ag gníomhaíochtaí an phobail agus na gcomhpháirtíochtaí eolas agus acmhainn a fhorbairt chun dlús a chur le próisis athraithe trí thacú le pobail, fiontair agus daoine aonair agus iad a chumhachtú chun scileanna nua a fhorbairt agus rochtain a fháil ar na hacmhainní is gá chun páirt a ghlacadh sa ghníomhú ar son na haeráide.

Trí phobail a mhealladh agus a chumhachtú, is féidir tairbhe a bhaint as na deiseanna iomadúla a chruthaíonn aistriú chuig sochaí agus geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de, amhail gairmeacha inbhuanaithe nua, tithe níos teo atá níos tíosaí ar fhuinneamh, roghanna taistil níos fearr, rogha níos inbhuanaithe do thomhaltóirí, pleanáil spásúil chomhtháite, aer agus uisce níos glaine agus timpeallacht níos fearr do na glúnta atá le teacht.

Trí leanúint ar aghaidh le ceannaireacht maidir leis an nGníomhú ar son na hAeráide a léiriú, agus trí oibriú le pobail ar an ngníomhú ar son na haeráide, tá súil ag an gComhairle tairbhe a bhaint as níos mó deiseanna comhoibrithe le pobail ar mhaithe le tacú le hathrú dearfach ar ghnéithe éagsúla de shaol an phobail.

## AN CISTE POBAIL UM GHNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

Is é aidhm an Chiste Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide tacú le pobail ísealcharbóin agus iad a fhorbairt. Tá an maoiniú seo á chur ar fáil mar chuid den Chlár Náisiúnta Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide, a bhfuil sé mar aidhm aige tacú le tionscadail agus tionscnaimh a éascaíonn an gníomhú ar son na haeráide pobail trí oideachas, acmhainn a fhorbairt agus foghlaim trí ghníomhaíocht. Díreoidh tionscadail phobail atá incháilithe do mhaoiniú ar na cúig théama seo a leanas:

- Tionscadail Phobail agus Fuinnimh
- Taisteal
- Bia agus dramhaíl
- Siopadóireacht agus athchúrsáil
- Gníomhú áitiúil aeráide agus comhshaoil

Tá Oifigeach um Ghníomhú ar son na hAeráide Pobail ceaptha ag Comhairle Chontae na Gaillimhe chun treoir agus tacaíocht a thabhairt do phobail chun tionscadail agus tionscnamh a fhorbairt.



## CUSPÓIR

### CuspóirCP1

Tacú le pobail, fiontair agus daoine aonair rochtain a fháil ar an acmhainn, na scileanna agus an infheistíocht is gá chun dlús a chur le gníomhú ar son na haeráide.

### Cuspóir CP2

Cuimsiú sóisialta agus comhtháthú sóisialta a chothú trí pháirtithe leasmhara éagsúla a mhealladh agus aistriú cóir chuig geilleagar ísealcharbóin a chur chun cinn.

## Ailíniú SDG




## Comhthairbhí

**Rannpháirtíocht shibhialta níos fearr**

**Fás geilleagrach**

**Forbairt Scileanna**

**Oideachas agus feasacht níos fearr**

## Sprioc 4. Pobail agus Comhpháirtíocht

**Cuspóir CP 1** Tacú le pobail, fiontair agus daoine aonair rochtain a fháil ar an acmhainn, na scileanna agus an infheistíocht is gá chun dlús a chur le gníomhú ar son na haeráide.

| Gníomh | Spriocdháta | Príomhpháirtí | PTF | Oiriúnú / Maolú |
|---|---|---|---|---|
| **Gníomh CP 1. 1 Tacú le Gníomhaíocht Phobail i réimsí na dtionscadal fuinnimh pobail, an taistil, na siopadóireachta agus na hathchúrsála, na gníomhaíochta ar son na haeráide agus an bhia agus na dramhaíola, gairdíní pobail san áireamh. Ciste Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide a riar agus tacú le pobail na tionscadail a chur i bhfeidhm.** | Leanúnach | Rannóg Comhshaoil CCG | Líon agus cineál na dtionscadal a dtugtar tacaíocht dóibh agus a cuireadh chun feidhme | An dá rud |
| **Gníomh CP 1. 2 Clár oiliúna, faisnéise agus tacaíochta a bhunú do dhaoine aonair, do ghrúpaí pobail agus d'eagraithe imeachtaí pobail maidir le Gníomhú ar son na hAeráide agus Bithéagsúlacht. A chinntiú go gcuirtear san áireamh sa chlár, riachtanais daoine faoi mhíchumas, grúpaí leochaileacha agus a riachtanais siúd atá i mbaol ó athrú aeráide. Clár oiliúna bliantúil a chur i gcrích.** | 31/12/2024 | Rannóg Comhshaoil CCG | Féilire bliantúil na ngníomhaíochtaí a forbraíodh ó Eanáir go Nollaig gach bliain. # na ngníomhaíochtaí a cuireadh chun cinn. | An dá rud |
| **Gníomh CP 1. 3 Líonra pobal a bhunú chun faisnéis a scaipeadh ó cheantair DZ ar fud na tíre (Tionscadal NASCTHA). Obair i gcomhpháirtíocht leis an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí chun gníomhaíocht ar son na haeráide a spreagadh sa phobal agus chun tacú léi sa phobal. Smaoinigh ar chatagóirí breise a bhaineann le Gníomhaíocht ar son na hAeráide a chur san áireamh i nGradaim an Chathaoirligh.** | 31/12/2024 | Rannóg Comhshaoil CCG | Líon agus Cineál na dTionscadal a Cuireadh i bhFeidhm | An dá rud |

| Gníomh | Spriocdháta | Príomhpháirtí | PTF | Oiriúnú / Maolú |
|---|---|---|---|---|
| **Gníomh CP 1. 4 Scóráil 'Inbhuanaitheacht agus Athrú Aeráide' a chur san áireamh ar mheasúnuithe deontais ábhartha chun a chinntiú go ndéanfaidh grúpaí pobail/páirtithe leasmhara Maolú agus Oiriúnú Aeráide a mheas agus a ionchorprú ina ngníomhaíochtaí uile arna maoiniú ag deontais.** | Leanúnach | Forbairt Pobail agus Tuaithe CCG | Maitrís scórála a fhorbairt. | An dá rud |
| **Gníomh CP 1. 5 Rannpháirtíocht le 'Clár na gClubanna Glasa' CLG maidir le tionscadail inbhuanaitheachta agus gníomhaithe ar son na haeráide.** | 31/12/2029 | Rannóg Comhshaoil CCG | Líon na dtionscadal ar tugadh tacaíocht dóibh | An dá rud |
| **Gníomh CP 1. 6 Straitéis Comharthaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ina leagtar béim ar Ghníomhú ar son na hAeráide, oideachas agus daoine a spreagadh ina leith.** | 31/12/2024 | Páirtnéirí Éagsúla | Straitéis Comharthaíochta a Fhorbairt. Comharthaíocht in airde. | An dá rud |
| **Gníomh CP 1. 7 Tacú le Clár Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe SEAI agus le Máistirphleananna Fuinnimh a fhorbairt agus a nuashonrú.** | Leanúnach | Rannóg Comhshaoil CCG | Líon na Máistirphleananna Fuinnimh a dtacaítear leo. | Maolú |
| **Gníomh CP 1. 8 Imeachtaí ísealcharbóin a spreagadh agus tacú leo, lena n-áirítear imeachtaí seachtracha a dteastaíonn ceadanna CCG uathu. Treoirlínte a fhorbairt d'imeachtaí agus seicliosta le cur san áireamh i gceadúnú imeachtaí.** | Leanúnach | Rannóg Bonneagair agus Oibríochtaí CCG, Rannóg Comhshaoil CCG | Treoirlínte agus seicliosta forbartha. | Maolú |
| **Gníomh CP 1. 9 Gníomhú ar son na hAeráide a spreagadh laistigh de chláir na nEalaíon Cruthaitheach agus tacú le tionscadail ábhartha.** | Leanúnach | Forbairt Pobail agus Tuaithe CCG | Líon na dtionscadal a cuireadh i bhfeidhm | An dá rud |

| Gníomh | Spriocdháta | Príomhpháirtí | PTF | Oiriúnú / Maolú |
|---|---|---|---|---|
| **Gníomh CP 1.10 Tacú le gnólachtaí a bheith níos feasaí faoina bhfreagrachtaí agus faoina rioscaí aeráide, chomh maith leis na deiseanna tráchtála a eascraíonn as inbhuanaitheacht agus meon tomhaltóirí atá ag athrú. Tacú le gnólachtaí measúnuithe fuinnimh a dhéanamh agus pleananna inbhuanaitheachta a chur i gcrích.** | 31/12/2024 | LEO | Líon na ngnólachtaí a bhaineann leas as tacaíochtaí 'Green for Business' agus 'Deontas Éifeachtúlachta Fuinnimh' de chuid LEO; Líon na n-imeachtaí oiliúna a cuireadh ar fáil. | An dá rud |
| **Gníomh CP 1.11 Cur i bhfeidhm cuspóirí agus gníomhartha a bhaineann leis an aeráid a chur chun cinn sa Straitéis Turasóireachta.** | Leanúnach | Forbairt Pobail agus Tuaithe CCG | Tionscnaimh a bhaineann leis an aeráid curtha i bhfeidhm | An dá rud |
| **Gníomh CP 1.12 Tacú le tionscnamh na Scoileanna Glasa agus méadú ar líon na scoileanna atá rannpháirteach go gníomhach a éascú** | Leanúnach | Rannóg Comhshaoil CCG | Líon na n-idirghabhálacha tacaíochta / Líon na Scoileanna | An dá rud |

**Cuspóir CP 2** Cuimsiú sóisialta agus comhtháthú sóisialta a chothú trí pháirtithe leasmhara éagsúla a mhealladh agus aistriú cóir chuig geilleagar ísealcharbóin a chur chun cinn.

| Gníomh | Spriocdháta | Príomhpháirtí | PTF | Oiriúnú / Maolú |
|---|---|---|---|---|
| **Gníomh CP 2.1 Maoiniú a lorg go gníomhach trí chlár 'Ciste an Aontais um Aistriú Cóir' agus béim á leagan ar bhearta um Ghníomhú ar son na hAeráide.** | Leanúnach | Rannóg Bonneagair agus Oibríochtaí CCG, Forbairt Pobail agus Tuaithe CCG | Méid an mhaoinithe a bronnadh. Líon na dtionscadal a cuireadh i bhfeidhm. | An dá rud |

| Gníomh | Spriocdháta | Príomhpháirtí | PTF | Oiriúnú / Maolú |
|---|---|---|---|---|
| **Gníomh CP 2.2 Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail nuashonraithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a chinnteoidh go gcuirtear athrú aeráide san áireamh i bhforbairt an Phlean.** | Leanúnach | Forbairt Pobail agus Tuaithe CCG | Glacadh leis an bPlean. Tuarascálacha bliantúla forbartha. | An dá rud |

## 4.5. An Geilleagar Ciorclach

**SPRIOC STRAITÉISEACH**

**An Geilleagar Ciorclach: Geilleagar ciorclach a chur chun cinn agus tacú leis chun dramhaíl a laghdú, acmhainní a chaomhnú agus inbhuanaitheacht a fheabhsú.**

Is tosaíocht don AE agus d'Éirinn é aistriú ó shamhlacha geilleagracha líneacha traidisiúnta go dtí geilleagar níos ciorclaí. Mar thoradh ar mhéadú ar an daonra agus ar rathúnas, tá méadú ag teacht ar thomhaltas acmhainní finideacha an domhain agus tá tionchair chomhshaoil agus aeráide ag a leithéid. Uasmhéadaíonn geilleagar ciorclach an úsáid a bhaintear as acmhainní, táirgí agus sócmhainní, agus íoslaghdaíonn sé tomhaltas acmhainní agus cur amú acmhainní de gach cineál. Tá sé seo i gcodarsnacht leis an gcur chuige traidisiúnta líneach táirgthe atá bunaithe ar tóg-déan-úsáid-diúscair agus tomhaltas, cur chuige nach bhfuil inbhuanaithe. Ní hamháin go gcaomhnóidh aistriú chuig geilleagar ciorclach acmhainní, ach laghdóidh sé tionchair chomhshaoil agus aeráide freisin. Cothóidh sé nuálaíocht agus, ar an gcaoi sin, méadófar iomaíochas agus cruthófar poist nua. Is féidir le gach duine ról a imirt trí rogha a dhéanamh maidir leis an gcaoi a úsáidimid acmhainní agus maidir leis an úsáid a bhainimid astu, agus trí dhramhaíl a athúsáid, a athchúrsáil agus a íoslaghdú mar chuid dár saol laethúil.

Is iad na príomhchuspóirí náisiúnta an méid dramhaíola a tháirgimid a íoslaghdú, luach na n-ábhar atá in úsáid cheana féin a uasmhéadú, agus an oiread athúsáide agus deisithe agus is féidir a dhéanamh. Oibreoidh an Chomhairle chun tacú le spriocanna sa Phlean Náisiúnta Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach 2023-2029 trí ardleibhéil athchúrsála agus athúsáide a chur chun cinn, a spreagadh agus a éascú, agus trí Ionaid Fóntais Poiblí agus líonra d'ionaid fág anseo a chur ar fáil ar fud an Chontae.

Chomh maith leis sin, tacóidh an Chomhairle le tionscnaimh éagsúla a bhfuil sé mar aidhm leo dramhaíl a laghdú/a dheisiú agus a athúsáid / tionscnaimh atá dírithe ar an ngeilleagar ciorclach i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara agus leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag comhoibriú leis an Oifig Réigiúnach um Pleanáil Dramhaíola agus le comhlachtaí náisiúnta chun tacú le feachtais atá dírithe ar dhramhaíl a chosc agus feachtais atá dírithe ar an ngeilleagar ciorclach ag leibhéal áitiúil. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh, mar chuid dá ról mar Rialtóir Dramhaíola, ag obair chun na hiarrachtaí atá a ndéanamh an reachtaíocht dramhaíola a chomhlíonadh.

Braitheann rath an Gheilleagair Chiorclaigh agus na bPolasaithe agus na bPleananna Bainistíochta Acmhainní ar athrú iompraíochta. Mar shochaí agus ina n-aonar, ní mór dúinn a bheith níos eolaí ar na naisc idir ár roghanna agus ár ngníomhaíochtaí laethúla féin, agus an tionchar ar an gcomhshaol.

| CUSPÓIR | |
|---|---|
| **Cuspóir CE1**<br>Tacú le pobail, gnólachtaí agus daoine aonair giniúint dramhaíola a laghdú agus an méid dramhaíola a athúsáidtear agus a athchúrsáiltear a mhéadú. | **Cuspóir CE2**<br>Cinntiú go ndéantar bainistiú ceart ar dhramhaíl agus go laghdaítear an méid dramhaíola a sheoltar chuig líonadh talún nó a loisctear. |

| Ailíniú SDG | Comhthairbhí |
|---|---|
| 12 ÍDIÚ FREAGRACH<br>13 GNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE<br>17 COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ CHUN NA SPRIOCANNA A BHAINT AMACH | **Rannpháirtíocht shibhialta níos fearr**<br>**Sláinte agus folláine níos fearr**<br>**Costais laghdaithe**<br>**Dramhaíl laghdaithe** |

## Sprioc 5. An Geilleagar Ciorclach

**Cuspóir CE 1** Tacú le pobail, gnólachtaí agus daoine aonair giniúint dramhaíola a laghdú agus an méid dramhaíola a athúsáidtear agus a athchúrsáiltear a mhéadú.

| Gníomh | Spriocdháta | Príomhpháirtí | PTF | Oiriúnú / Maolú |
|---|---|---|---|---|
| **Gníomh CE 1.1 Tacú le tionscnaimh chiorclacha, amhail acmhainní a chosc, a athúsáid, a dheisiú agus a athchúrsáil. Tacú le forbairt fiontar comhoibritheach, faoi úinéireacht an phobail agus comhfhiontair chomhoibríocha eile chun úsáid agus comhroinnt acmhainní níos éifeachtaí a chothú.** | Leanúnach | Rannóg Comhshaoil CCG | Líon na dtionscnamh ar tugadh tacaíocht dóibh | Maolú |
| **Gníomh CE 1.2 Tionscadal píolótach a chur i bhfeidhm atá dírithe ar thomhaltas cupán caife aonúsáide a laghdú agus é mar aidhm straitéisí rathúla a scálú ina dhiaidh sin ar fud an chontae.** | Leanúnach | Rannóg Comhshaoil CCG | Tionscadal píolótach curtha i bhfeidhm | Maolú |
| **Gníomh CE 1.3 Tionscnaimh a chur i bhfeidhm chun leanúint ar aghaidh ag laghdú, ag athúsáid agus ag athchúrsáil dramhaíola ar fud an chontae i gcomhpháirtíocht leis an earnáil phríobháideach, m.sh., méadú ar líon na n-araidí athchúrsála poiblí agus ionaid Fóntas Poiblí, méadú ar líon na scairdeán uisce, bailiú teicstíle/gloine leathnaithe.** | Leanúnach | Rannóg Bonneagair agus Oibríochtaí CCG, Rannóg Comhshaoil CCG | Líon na dtionscnamh agus cineálacha tionscnaimh ar tugadh tacaíocht dóibh | Maolú |

| Gníomh | Spriocdháta | Príomhpháirtí | PTF | Oiriúnú / Maolú |
|---|---|---|---|---|
| **Gníomh CE 1.4 Measúnú a dhéanamh ar Phleananna Bainistíochta Dramhaíola Tógála agus Scartála d'fhorbraíochtaí beartaithe chun a chinntiú go n-aithnítear gach sruth dramhaíola féideartha go luath agus bearta cuí curtha i bhfeidhm chun cosc, athúsáid, athchúrsáil agus aisghabháil dramhaíola a chur chun cinn i gcomhréir le grádlathas na réiteach dramhaíola.** | Leanúnach | Rannóg Pleanála CCG | # na measúnuithe a rinneadh gach bliain agus comhlíonadh na treorach dea-chleachtais maidir le bainistiú dramhaíola Tógála & Scartála. | Maolú |
| **Gníomh CE 1.5 Imscrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go n-athúsáidfí ábhair dhramhaíola ó bhóithre i dtionscadail nua tógála.** | 31/12/2025 | Rannóg Bonneagair agus Oibríochtaí CCG | Measúnú féidearthachta curtha i gcrích. | Maolú |

**Cuspóir CE 2** Cinntiú go ndéantar bainistiú ceart ar dhramhaíl agus go laghdaítear an méid dramhaíola a sheoltar chuig líonadh talún nó a loisctear.

| Gníomh | Spriocdháta | Príomhpháirtí | PTF | Oiriúnú / Maolú |
|---|---|---|---|---|
| **Gníomh CE 2.1 Tacú le feidhmiú céimneach na gcóras bailithe araidí donn leithscartha ar fud an Chontae chun aisghabháil bithmheatáin a éascú i gcomhréir leis an bPlean Náisiúnta Bainistíochta Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach.** | Leanúnach | Rannóg Comhshaoil CCG | % na dteaghlach a bhfuil bailiúchán 3 bhosca bruscair acu | Maolú |

| Gníomh | Spriocdháta | Príomhpháirtí | PTF | Oiriúnú / Maolú |
|---|---|---|---|---|
| **Gníomh CE 2.2 Teaghlaigh nach bhfuil gnáthsheirbhís bailithe dramhaíola i bhfeidhm acu faoi láthair a aithint, agus fáil amach conas a bhainistíonn siad a gcuid dramhaíola. Cigireacht a dhéanamh ar áitribh thráchtála chun comhlíonadh a chinntiú maidir le leithscaradh dramhaíola agus go háirithe dramhbhia.** | Leanúnach | Rannóg Comhshaoil CCG | # na dteaghlach a ndearnadh teagmháil leo agus # na dteagmhálacha a raibh seirbhís araidí mar thoradh orthu; # na n-áitreabh tráchtála a ndearnadh teagmháil leo agus # na n-áitreabh tráchtála le córas 3 bhosca bruscair i bhfeidhm le béim ar bhainistiú dramhbhia. | Maolú |
| **Gníomh CE 2.3 Cigireachtaí a dhéanamh ar bhailitheoirí dramhaíola ceadaithe agus ar shaoráidí dramhaíola agus ar ghníomhaíochtaí dramhaíola mídhleathacha agus gníomh forfheidhmiúcháin a dhéanamh de réir mar is gá.** | Leanúnach | Rannóg Comhshaoil CCG | # bailíochtaithe/ fíoruithe comhlíontacha ar Thuairisceáin Bhliantúla curtha i gcrích; Líon na gcigireachtaí agus na ngníomhaíochtaí forfheidhmithe | Maolú |

## 4.6. Talamhúsáid agus Bonneagar Glas

**SPRIOC STRAITÉISEACH**

**Talamhúsáid agus An Timpeallacht Nádúrtha: Ár dtimpeallacht nádúrtha a chaomhnú agus a fheabhsú trí chleachtais talamhúsáide inbhuanaithe a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn chun bithéagsúlacht a chosaint agus chun an t-athrú aeráide a chomhrac.**

Tá bithéagsúlacht agus gnáthóga nádúrtha i gContae na Gaillimhe leochaileach d'éifeachtaí an athraithe aeráide, ach tá ról tábhachtach acu freisin maidir le hacmhainn oiriúnaitheach a fhorbairt. Sa dearbhú maidir le héigeandáil athraithe aeráide agus bithéagsúlachta a rinneadh i nDáil Éireann i mí na Bealtaine 2019, aithnítear an phráinn a bhaineann le gníomhú ar na géarchéimeanna domhanda idirnasctha seo. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, bithéagsúlacht agus gnáthóga nádúrtha i gContae na Gaillimhe a chosaint, a athbhunú agus a fheabhsú chun athléimneacht na gcóras nádúrtha agus daonna i leith an athraithe aeráide a mhéadú.

Tá comhdhearcadh ann maidir leis an tuiscint go bhfuil éifeachtaí díreacha agus indíreacha ag an athrú aeráide ar an mbithéagsúlacht, agus gur dócha, faoi dheireadh an 21ú haois, go nglacfar leis mar cheann de na cúiseanna is suntasaí atá le cailliúint na bithéagsúlachta. Is é an aidhm atá leis na gníomhartha sa chuid seo cosaint i gcoinne na n-éifeachtaí seo trí bhithéagsúlacht agus oidhreacht Chontae na Gaillimhe a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú, timpeallacht shábháilte agus shláintiúil a chinntiú atá athléimneach i leith éifeachtaí an athraithe aeráide agus trí bhainistiú éifeachtach dramhaíola a chur i bhfeidhm agus tacú lena leithéid.

Ní liosta uileghabhálach é an liosta gníomhartha thíos de gach gníomh pleanáilte aeráide a bhaineann le bithéagsúlacht agus oidhreacht; beidh léargas níos cuimsithí agus níos comhordaithe ar na réimsí seo le fáil sa Phlean Bithéagsúlachta agus sa Phlean Oidhreachta atá le foilsiú amach anseo.


Grianghraf le caoinchead Kathleen Bell-Bonjean

| CUSPÓIR | | |
|---|---|---|
| **Cuspóir LN1** | **Cuspóir LN2** | **Cuspóir LN3** |
| Tacú le slándáil bia agus táirgeadh bia áitiúil inbhuanaithe agus timpeallacht shábháilte shláintiúil a chinntiú atá athléimneach i leith éifeachtaí an athraithe aeráide. | Bithéagsúlacht agus oidhreacht Chontae na Gaillimhe a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú. | Tacú le réitigh nádúrbhunaithe chun an t-athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú dó, chomh maith le tairbhí breise a sholáthar. |

| Ailíniú SDG | Comhthairbhí | |
|---|---|---|
|  | **Slándáil bia mhéadaithe** | **Sláinte agus folláine níos fearr** |

## Sprioc 6. Úsáid Talún agus an Timpeallacht Nádúrtha

**Cuspóir LN 1** Tacú le slándáil bia agus táirgeadh bia áitiúil inbhuanaithe agus timpeallacht shábháilte shláintiúil a chinntiú atá athléimneach i leith éifeachtaí an athraithe aeráide.

| Gníomh | Spriocdháta | Príomhpháirtí | PTF | Oiriúnú / Maolú |
|---|---|---|---|---|
| **Gníomh LN 1.1 Tacú le feirmeoirí san aistriú chun cleachtais talmhaíochta atá íseal ó thaobh carbóin de agus athléimneach ó thaobh na haeráide de, lena n-áirítear cleachtais feirmeoireachta nuálacha amhail riascshaothrú. Oibriú le gníomhaireachtaí ábhartha chun straitéis chomhtháite feasachta/aistrithe eolais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm d'earnálacha na talmhaíochta agus an bhia. Tacar uirlisí agus clár oiliúna a fhorbairt le haghaidh rannpháirtíochta le linn gnáthchuairteanna feirme.** | Leanúnach | Gníomhaireachtaí Seachtracha | Straitéis Feasachta agus Tacar Uirlisí forbartha. Líon Rannpháirtíochta le Feirmeoirí agus le Táirgeoirí Bia. Astaíochtaí Talmhaíochta (tonaí in aghaidh an heicteáir) | An dá rud |
| **Gníomh LN 1.2 Oibriú le hIonad Nuálaíochta BIA chun tacú le gníomhú ar son na haeráide in earnáil an bhia agus na talmhaíochta.** | Leanúnach | Rannóg Comhshaoil CCG, Forbairt Pobail agus Tuaithe CCG | Astaíochtaí Talmhaíochta (tonaí in aghaidh an heicteáir) | An dá rud |
| **Gníomh LN 1.3 Cáilíocht an uisce agus an aeir a chosaint trí chigireachtaí a dhéanamh ar chórais chóireála fuíolluisce tí, ceadúnais scaoilte, feirmeacha agus soláthraithe breosla de réir riachtanas náisiúnta agus de réir mar is gá. Tacú le bearta feabhsúcháin agus maolaithe atá ag teastáil chun stádas maith nó ardchaighdeán uisce a choinneáil nó a bhaint amach sa chontae lena n-áirítear réitigh nádúrbhunaithe nuair is féidir.** | Leanúnach | Rannóg Comhshaoil CCG | Líon na gcigireachtaí a cuireadh i gcrích | An dá rud |

| **Cuspóir LN 2** Bithéagsúlacht agus oidhreacht Chontae na Gaillimhe a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú. | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Gníomh** | **Spriocdháta** | **Príomhpháirtí** | **PTF** | **Oiriúnú / Maolú** |
| **Gníomh LN 2.1 Réimsí tosaíochta a aithint atá oiriúnach don timpeallacht ghlactha d'athchóiriú gnáthóige, d'fheabhsú fiadhúlra agus do chosaint gnáthóige ar mhaithe le tairbhí carbóin agus bithéagsúlachta. Oibriú le páirtithe leasmhara lena n-áirítear úinéirí talún chun deiseanna a aithint chun athchóiriú gnáthóige agus tírdhreach atá oiriúnach don timpeallacht ghlactha a sheachadadh.** | 31/12/2025 | Rannóg Pleanála CCG | Líon na heicteár aitheanta le haghaidh cosanta/ athchóirithe; líon na heicteár cosanta/ athchóirithe | An dá rud |
| **Gníomh LN 2.2 Iniúchadh a dhéanamh ar thalamh agus ar fhoirgnimh na n-údarás áitiúil, suirbhéanna éiceolaíochta/gnáthóige a dhéanamh agus aird a tharraingt ar limistéir atá i mbaol (agus limistéir atá faoi bhláth nó atá ag cur seirbhísí ceaptha carbóin ar fáil) agus iad siúd atá oiriúnach d'athchóiriú agus do stóráil charbóin fheabhsaithe, nó chun críocha an phobail, chomh maith le conairí fiadhúlra ar féidir iad a chosaint trí phleananna reachtúla a aithint.** | 31/12/2025 | Rannóg Pleanála CCG | Líon na heicteár aitheanta le haghaidh cosanta/ athchóirithe; líon na heicteár cosanta/ athchóirithe | An dá rud |
| **Gníomh LN 2.3 Suirbhé ar chumhdach crann a dhéanamh agus beartas bainistíochta crann a cheapadh agus a ghlacadh a aithníonn na seirbhísí éiceachórais a sholáthraíonn gnáthóg coillearnaí agus fálta sceach atá ann cheana féin agus a fhéachann le gnáthóga den sórt sin a choinneáil agus tacú leo.** | 31/12/2025 | Rannóg Pleanála CCG | Suirbhé curtha i gcrích; Glacadh leis an mbeartas. | An dá rud |
| **Gníomh LN 2.4 Plean laghdaithe lotnaidicídí agus luibhicídí a chur i bhfeidhm do Chomhairle Chontae na Gaillimhe.** | Leanúnach | Rannóg Pleanála CCG | % laghdú úsáid lotnaidicídí | An dá rud |

| Gníomh | Spriocdháta | Príomhpháirtí | PTF | Oiriúnú / Maolú |
|---|---|---|---|---|
| **Gníomh LN 2.5 Tionscnamh caomhnaithe pailneoirí ar fud an chontae a chur i bhfeidhm, gnáthóga a thacaíonn le pailneoir a chruthú agus a chothabháil bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is déanaí.** | 31/12/2025 | Rannóg Pleanála CCG | Plean Contae cruthaithe agus curtha i bhfeidhm. Líon na suíomhanna san áireamh. Gníomhartha a taifeadadh le NBDC/AIPP | An dá rud |
| **Gníomh LN 2.6 Plean Gníomhaithe nuashonraithe Oidhreachta agus Bithéagsúlachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun bithéagsúlacht áitiúil a chosaint agus a fheabhsú, agus a chinntiú go gcuirtear athrú aeráide san áireamh i bhforbairt an phlean agus go soláthraíonn an Plean sin comhthairbhí cuí don bhithéagsúlacht agus d'oiriúnacht agus athléimneacht an athraithe aeráide.** | 31/12/2024 | Rannóg Pleanála CCG | Plean forbartha agus glactha. Tuarascáil bhliantúil curtha i gcrích. | An dá rud |
| **Gníomh LN 2.7 Tacú le tionscadail eolaíochta saoránach chun díriú ar speicis agus gnáthóga atá íogair ó thaobh na haeráide de** | Leanúnach | Rannóg Pleanála CCG | Líon na dtionscadal eolaíochta saoránach ar tugadh tacaíocht dóibh | An dá rud |

| **Cuspóir LN 3** Tacú le réitigh nádúrbhunaithe chun an t-athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú dó, chomh maith le tairbhí breise a sholáthar. | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Gníomh** | **Spriocdháta** | **Príomhpháirtí** | **PTF** | **Oiriúnú / Maolú** |
| **Gníomh LN 3.1 Cinntiú go dtugann gach tionscadal faoi stiúir ÚÁ réitigh nádúrbhunaithe faoi deara lena n-áirítear tógáil don bhithéagsúlacht de réir mar is cuí.** | Leanúnach | Rannóg Comhshaoil CCG, Rannóg Pleanála CCG | Líon agus cur síos ar na bearta NBS a cuireadh chun feidhme in aghaidh na bliana | An dá rud |

## 4.7. Oiriúnú do Riosca Aeráide

**SPRIOC STRAITÉISEACH**

**Oiriúnú do Riosca Aeráide: Athléimneacht aeráide a fheabhsú trí bhearta oiriúnaithe réamhghníomhacha chun folláine agus bonneagar ár bpobail a chosaint.**

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag obair go gníomhach ar gach gné den bhainistíocht riosca i gcás tuilte. San áireamh anseo tá gníomhartha a bhreithníonn riosca i gcás tuillte a eascraíonn as an athrú aeráide trí bheartais forbartha, comhoibriú le hOifig na nOibreacha Poiblí (ONP) mar an ghníomhaireacht stáit ceannais i ndáil le bainistíocht riosca i gcás tuilte in Éirinn mar chuid de thionscadail chosanta ar thuilte, miontionscadail chosanta ar thuilte dá chuid féin a chur i gcrích, réitigh nádúrbhunaithe a úsáid chun rioscaí i gcás tuilte a bhainistiú, pleananna freagartha éigeandála tuilte a ghníomhachtú, agus bonneagar a atógáil i ndiaidh teagmhas adhaimsire. Ó tharla nach bhfuil a fhios againn cén cinéal aimsire a bheidh ann amach anseo, is é an aidhm atá leis an bPlean seo a chinntiú go mbeidh Comhairle Chontae na Gaillimhe freagrúil agus athléimneach chomh fada is a bhaineann le riachtanais ár bpobal.

Tríd an Measúnú Riosca ar an Athrú Aeráide a rinneadh fad is a bhí an Plean seo á fhorbairt, is léir go mbeidh leibhéil níos airde frasaíochta agus tuilte féideartha mar thoradh ar an athrú aeráide atá ‘tarlaithe’ cheana féin, agus go mbeidh níos mó seans ann go mbeidh tréimhsí fada triomaigh ann sna blianta amach romhainn. Trí cheantair agus pobail leochaileacha a aithint, oibreoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe chun na huasghráduithe agus na tionscadail riachtanacha a chur ar fáil chun a chinntiú go mbeidh gach pobal athléimneach chomh fada is a bhaineann leis na bagairtí seo. Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe a dícheall a chinntiú go bhfanann socruithe monatóireachta agus líonraí oiriúnach don fheidhm, ionas go bhféadfadh cinnteoirí amhail foirne pleanála éigeandála de chuid na nÚdarás Áitiúil nó foirne réamhaisnéise tuile de chuid Met Éireann, foirne réamhaisnéise aerthruaillithe EPA, etc. iad a úsáid faoi réir comhaontuithe comhroinnte sonraí.



*Grianghraf le caoinchead Chaosheng Zhang*

## CUSPÓIR

| Cuspóir AD1 | Cuspóir AD2 |
| --- | --- |
| Athléimneacht agus acmhainn oiriúnaitheach an údaráis áitiúil agus an phobail áitiúil a mhéadú i leith thionchair reatha agus réamh-mheasta an athraithe aeráide. | Freagairt Éigeandála iomchuí chomhordaithe leis na hacmhainní cuí a chinntiú le linn éigeandálaí agus imeachtaí a bhaineann leis an aeráid. |

## Ailíniú SDG




## Comhthairbhí

- **Rialachas Feabhsaithe**
- **Rannpháirtíocht shibhialta níos fearr**
- **Soláthar seirbhísí níos fearr**
- **Ionchuimsiú Sóisialta**

## Sprioc 7. Oiriúnú do Riosca Aeráide

**Cuspóir AD 1** Athléimneacht agus acmhainn oiriúnaitheach an údaráis áitiúil agus an phobail áitiúil a mhéadú i leith thionchair reatha agus réamh-mheasta an athraithe aeráide.

| Gníomh | Spriocdháta | Príomhpháirtí | PTF | Oiriúnú / Maolú |
|---|---|---|---|---|
| **Gníomh AD 1.1 Comhoibriú le OOP agus páirtithe leasmhara eile chun measúnú a dhéanamh ar na tionchair dhóchúla a bheidh ag an athrú aeráide, rudaí ar nós ardú ar leibhéal na farraige, creimeadh cósta agus tuilte, ar an timpeallacht thógtha agus ar láithreáin oidhreachta. Tosaíocht a thabhairt do limistéir i dtaca le tuilleadh measúnuithe, agus maoiniú/tacaíocht a lorg chun an riosca a mhaolú. Cabhrú le CARO clár a fhorbairt de bhonneagar criticiúil, córais agus sócmhainní atá i mbaol ó imeachtaí aeráide atá ann cheana agus atá réamh-mheasta.** | 31/12/2025 | Rannóg Bonneagair agus Oibríochtaí CCG, Rannóg Comhshaoil CCG | Measúnú críochnaithe. Clár forbartha. Limistéir ar tugadh tosaíocht dóibh. Maoiniú a Iarradh. Tionscadail a cuireadh i bhfeidhm. | Oiriúnú |
| **Gníomh AD 1.2 Comhoibriú le heagraíochtaí Rialtais chun bearta caipitil a sholáthar do réimsí tosaíochta aitheanta ina gcuimsítear réitigh nádúrbhunaithe, bithéagsúlacht agus feabhsú cháilíocht an uisce.** | Leanúnach | Rannóg Bonneagair agus Oibríochtaí CCG, Rannóg Comhshaoil CCG | Maoiniú faighte. Limistéir faoi chosaint. | Oiriúnú |

| Gníomh | Spriocdháta | Príomhpháirtí | PTF | Oiriúnú / Maolú |
|---|---|---|---|---|
| **Gníomh AD 1.3 A chinntiú go leanfar le Pleananna Bainistíochta i gCás Tuilte agus Pleananna Oiriúnaithe Fo-earnálacha um Athrú Aeráide a ionchorprú i bpleanáil spásúlachta an chontae, le haird chuí ar an ngá le réitigh nádúrbhunaithe agus le Córais Draenála Uirbí Inbhuanaithe (SuDS) a chur chun cinn, agus ar íogaireachtaí comhshaoil sna láithreacha seo. Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe pleanáil spásúlachta ildeichbhliantúil fhadtéarmach ar thuilte agus ar ardú ar leibhéal na farraige chun eolas a dhéanamh do straitéis lonnaíochta agus lorgóidh sí comhairle ón OOP.** | Leanúnach | Rannóg Pleanála CCG | Glacadh CDP/LAPanna | Oiriúnú |
| **Gníomh AD 1.4 Straitéisí bliantúla um Oiriúnú Aeráide do Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.** | Leanúnach | Rannóg Bonneagair agus Oibríochtaí CCG | Straitéisí bliantúla forbartha agus curtha i bhfeidhm. | Oiriúnú |
| **Gníomh AD 1.5 Bearta oibríochtúla atá riachtanach chun bonneagar/trealamh criticiúil a chosaint ar imeachtaí aeráide a aithint agus a chur i bhfeidhm, agus aon chláir chothabhála/uasghrádaithe is gá a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar riosca aeráide.** | Leanúnach | Rannóg Bonneagair agus Oibríochtaí CCG | Bearta oibríochtúla aitheanta agus clár bliantúil curtha i bhfeidhm. | Oiriúnú |
| **Gníomh AD 1.6 Rannpháirtíocht an phobail in iarfheistiú SuDS a chur chun cinn agus a spreagadh i bhforbraíochtaí atá ann cheana féin, gairdíní báistí pobail a chothabháil, pábháil chrua i ngairdíní a dhíspreagadh agus gairdíní báistí / suiteálacha buta uisce a aisfheistiú.** | Leanúnach | Páirtnéirí Éagsúla | Líon na dtionscnamh bolscaireachta (postálacha meán sóisialta, ailt, etc.) agus imeachtaí rannpháirtíochta in aghaidh na bliana. | An dá rud |

| Gníomh | Spriocdháta | Príomhpháirtí | PTF | Oiriúnú / Maolú |
| --- | --- | --- | --- | --- |
| **Gníomh AD 1.7 Oibriú leis an OOP agus le páirtithe leasmhara eile chun Mionscéimeanna agus Mórscéimeanna um Chosaint ar Thuilte agus um Thuiledíonadh ar fud an chontae a thacaíonn le Réitigh Nádúrbhunaithe chun cur le líon na gcomhthairbhí a aithint agus tacú leo.** | Leanúnach | Rannóg Bonneagair agus Oibríochtaí CCG | Líon na dtionscadal a cuireadh i gcrích. Maoiniú caite. | Oiriúnú |
| **Gníomh AD 1.8 Tacú le scéimeanna grúpa uisce príobháideacha chun foinsí uisce óil atá leochaileach don athrú aeráide a aithint agus chun cosaint foinse nó foinsí malartacha a fhorbairt chun cainníocht uisce agus leibhéil cháilíochta a choinneáil** | 31/12/2024 | Seirbhísí Uisce CCG | Líon na GWS a fuair tacaíocht. | Oiriúnú |

**Cuspóir AD 2** Freagairt Éigeandála iomchuí chomhordaithe leis na hacmhainní cuí a chinntiú le linn éigeandálaí agus imeachtaí a bhaineann leis an aeráid.

| Gníomh | Spriocdháta | Príomhpháirtí | PTF | Oiriúnú / Maolú |
| --- | --- | --- | --- | --- |
| **Gníomh AD 2.1 Athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Móréigeandála agus ar phleananna bainistíochta riosca ábhartha eile chun a chinntiú go n-ionchorpraítear faisnéis riosca aeráide atá cothrom le dáta** | 31/12/2025 | Rannóg Bonneagair agus Oibríochtaí CCG | Pleananna Nuashonraithe. | An dá rud |

| Gníomh | Spriocdháta | Príomhpháirtí | PTF | Oiriúnú / Maolú |
|---|---|---|---|---|
| **Gníomh AD 2.2 Pleananna teagmhasacha a aithint le haghaidh imeachtaí aeráide a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar bhonneagar criticiúil, agus iarmhairtí móra agus/ nó tionchar cascáideach ar sheirbhísí eile mar thoradh ar chliseadh. Plean straitéiseach bainistíochta falscaí a ullmhú do cheantair ardriosca. Cumarsáid shoiléir a chur ar fáil do phobail.** | 31/12/2025 | Seirbhísí Éigeandála CCG, Rannóg Bonneagair agus Oibríochtaí CCG | Pleananna teagmhasacha forbartha. | Oiriúnú |
| **Gníomh AD 2.3 Athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaithe teocht íseal (sneachta & sioc) ar fud an chontae do bhóithre agus do chosáin.** | 31/12/2025 | Rannóg Bonneagair agus Oibríochtaí CCG | Polasaithe athbhreithnithe. | Oiriúnú |
| **Gníomh AD 2.4 Tionchar imeachtaí adhaimsire a ghabháil trí chórais taifeadta agus bainistíochta teagmhas atá ann cheana a chomhtháthú, lena n-áirítear WIRE agus SWEMS, oiliúint a dhéanamh agus teagmhais a thaifeadadh.** | Leanúnach | Páirtnéirí Éagsúla | WIRE agus SWEMS comhtháite | Oiriúnú |



# 5. Crios Dícharbónaithe

# 5. Crios Dícharbónaithe

## CÉARD É CRIOS DÍCHARBÓNAITHE?

Is ceantar roghnaithe é Crios Dícharbónaithe (CD) ina n-oibríonn údaráis áitiúla agus pobail le chéile chun an méid carbóin a tháirgeann a ngníomhaíochtaí laethúla a laghdú. Trí bhealaí a chuardach laistigh den phobal chun maireachtáil agus oibriú ar bhealach níos inbhuanaithe, is féidir leis na criosanna seo a úsáid chun teacht ar réitigh áitiúla ar fhadhbanna domhanda, amhail astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, cáilíocht an aeir a fheabhsú, fuinneamh a shábháil agus dramhaíl a laghdú.

Is é an príomhchuspóir atá le Crios Dícharbónaithe teacht ar bhealaí nuálacha ach indéanta chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ón gceantar a laghdú 51% faoin mbliain 2030, bunaithe ar leibhéil 2018, i gcomhréir leis an gCuspóir Aeráide Náisiúnta. Beidh Plean gach crios bunaithe ar thréithe an cheantair, ar an tairbhe don phobal áitiúil, agus ar an gcaoi ar féidir leis na gnéithe seo oibriú le chéile chun astaíochtaí ceaptha teasa ón gcrios a laghdú nó a bhaint.

Trí na criosanna seo a chruthú ar fud na tíre, is féidir cuir chuige agus tionscadail éagsúla a thástáil agus a thabhairt chun foirfeachta, rud a chuireann ar chumas pobal na smaointe seo a chur i bhfeidhm bunaithe ar a gcuid riachtanas féin.

## CÉN FÁTH A BHFUIL AN TIONSCADAL ‘CRIOS DÍCHARBÓNAITHE’ AG TARLÚ?

Faoin bPlean Gníomhú ar son na hAeráide Náisiúnta 2019, ní mór do gach údarás áitiúil sa tír Crios Dícharbónaithe a phleanáil. Ina theannta sin, mar chuid den Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, ceanglaítear ar gach údarás áitiúil Plean Gníomhaithe Aeráide a chur i dtoll a chéile. Soiléiríodh sna Treoirlínte do Phleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide na nÚdarás Áitiúil a foilsíodh in 2023 go gcaithfear Criosanna Dícharbónaithe a chur san áireamh anois i ngach Plean Gníomhú ar son na hAeráide de chuid na n-údarás áitiúil.

## Cén fáth ar roghnaíodh Oileáin Árann?

D’fhonn cáiliú mar Chriosanna Dícharbónaithe, ní mór go mbeadh saintréithe áirithe ag na ceantair roghnaithe a d’fhéadfadh gníomhú ar son na haeráide in earnálacha éagsúla. Roghnaíodh Oileáin Árann mar Chrios Dícharbónaithe de bhrí gur measadh go raibh an ceantar seo; 1) réidh chun tacú leis an ngníomhú ar son na haeráide, 2) go raibh braistint phobail láidir ann, agus 3) gur ceantar uathúil atá ann lena mbaineann ionchuir agus aschuir intomhaiste.

Mar Chrios Dícharbónaithe, tá go leor féidearthachtaí ag baint le Oileáin Árann freisin chun tionscadail aeráide nua a bhunú ann agus chun tionscadail aeráide atá bunaithe ann cheana a fhorbairt, mar aon le deiseanna chun dul i ngleic le go leor saincheisteanna. D’fhéadfaí, mar shampla, díriú ar shlándáil agus inbhuanaitheacht fuinnimh trí bonneagar fuinnimh nua, amhail uasghráduithe ar an líonra leictreachais agus trí éifeachtúlacht agus teas in-athnuaite a fheabhsú i bhfoirgnimh san earnáil chónaithe agus tráchtála. Chomh maith leis sin, tá deiseanna ann lorg carbóin na hearnála turasóireachta a laghdú tríd an gcóras iompair chuig agus ó na hoileáin a dhícharbónú.

## An Fhís don Chrios Dícharbónaithe

APléadh Fís do Chrios Dícharbónaithe Oileáin Árann le páirtithe leasmhara áitiúla i rith ceardlainne a reáchtáladh ar Árainn (Inis Mór) i

mí Dheireadh Fómhair 2023 agus sainaithníodh na téamaí seo a leanas. Déanfar tuilleadh forbartha orthu seo de réir mar a chuirfear Plean an Chreasa Dícharbónaithe i bhfeidhm.


1. Fuinneamh neamhspleách, fuinneamh faoi úinéireacht an phobail a ghiniúint.
2. Deireadh curtha le bochtaineacht bhreosla agus tithe compordacha, dea-inslithe ag gach duine. Gach teach rangaithe mar theach B2 (ar a laghad) le foinse teasa dícharbónaithe.
3. Iompar inbhuanaithe chuig na hoileáin agus mórthimpeall ar na hoileáin
4. Leibhéal dramhaíola íseal
5. Neodrach ó thaobh carbóin de

## 5.1 Crios Dícharbónaithe Oileáin Árann

### RÉAMHRÁ

Chun an sprioc maidir le laghdú 51% ar astaíochtaí carbóin a bhaint amach faoi 2030, ní mór dúinn eolas a bhailiú faoin méid seo a leanas ar dtús; 1) na hastaíochtaí reatha sa chrios dícharbónaithe, 2) na gníomhaíochtaí is cúis leo, agus 3) cuspóir na ngníomhaíochtaí sin.

Sa chuid seo dírimid ar ghnéithe éagsúla lena n-áirítear miondealú ar an daonra agus patrúin taistil, cineálacha foirgneamh agus córas téimh sa cheantar. Tugann sé seo léargas mionsonraithe dúinn chomh fada is a bhaineann le heolas a bhailiú faoi iompar daoine faoi láthair, gníomhaíochtaí agus bonneagar ionas gur féidir linn cinneadh a dhéanamh faoin mbealach is fearr chun réitigh a fhorbairt le chéile atá curtha in oiriúint d'Oileáin Árann agus do gach duine atá ina gcónaí, ag obair agus ag taisteal ann.




Fíor 5.1: Léarscáil de Chrios Dícharbónaithe Oileáin Árann

## 5.2 Próifíl d'Oileáin Árann

Páirteach in Oileáin Árann tá grúpa de thrí oileán ag béal Chuan na Gaillimhe, atá suite amach ó chósta thiar na hÉireann, agus tá achar iomlán Oileáin Árann cothrom le thart ar 46 km2. Ón taobh thiar go dtí an taobh thoir, is iad Oileáin Árann / Árainn (Inis Mór), an t-oileán is mó; Inis Meáin, an dara hoileán is mó; agus Inis Oírr.

Tá an daonra cothrom le 1,347 (amhail 2022) agus tá an ceantar ainmnithe mar Ghaeltacht oifigiúil. Níl an oiread céanna béime á leagan ar thionscail thraidisiúnta an oileáin - feirmeoireacht agus talmhaíocht - na laethanta seo, seachas sin táthar ag díriú ar an earnáil turasóireachta, go háirithe de bhrí go bíonn turasóirí ag triall ar an oileán ó cheann ceann na bliana anois. Tá go leor cónaitheoirí ar na hoileáin fostaithe sa tionscal turasóireachta, agus bíonn idir 270,000 agus 300,000 turasóir ag triall ar na hoileáin gach bliain. Is ar thuras lae a bhíonn formhór na dturasóirí.

Tá seirbhísí farantóireachta do phaisinéirí á gcur ar fáil i rith na bliana ó Ros an Mhíl i gContae na Gaillimhe, agus tá seirbhís bus ar fáil ó Chathair na Gaillimhe. Tá seirbhís lasta throim á cur ar fáil ó Chuan na Gaillimhe cúpla uair sa tseachtain. Tá báid farantóireachta séasúracha ar fáil freisin ó Chathair na Gaillimhe agus Dúlainn i gContae an Chláir. Tá aersheirbhís á cur ar fáil ag Aer Arann Islands ó Indreabhán chomh fada le hAerfort Árainn (Inis Mór), agus tá seirbhís bus ar fáil ó Chathair na Gaillimhe. Faigheann go leor cuairteoirí rothair ar cíos chun taisteal mórthimpeall ar an oileán.

Tá stádas Natura 2000 ag Oileáin Árann, agus tá 75% dá limistéar talún ainmnithe mar Limistéir Chaomhantais Speisialta.

### PRÍOMHTHEAGMHÁLAITHE AGUS PÁIRTITHE LEASMHARA FAOI LÁTHAIR

Tá rannpháirtíocht páirtithe leasmhara riachtanach chun pleananna an Chreasa Dícharbónaithe a fhorbairt. Moltar i dTreoirlínte Náisiúnta Phleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide na nÚdarás Áitiúil rannpháirtíocht luath agus leanúnach páirtithe leasmhara i rith an tionscadail. Lena chois sin, tarraingítear aird sa treoir, ar an bpointe nach bhfuil “an fheidhm rialaithe ná an chumhacht ag an Údarás Áitiúil tionchar díreach a imirt ar na laghduithe fuinnimh agus astaíochtaí go léir laistigh de theorainneacha cheantar an Chreasa Dícharbónaithe”. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach deis a thabhairt do raon leathan earnálacha agus páirtithe leasmhara páirt a ghlacadh i bpróiseas an Chreasa Dícharbónaithe agus chun gníomhartha a shainaithint agus chun dlús a chur le forbairt agus cur chun feidhme an phlean.

Chun próiseas cothrom agus cóir a chinntiú i bhforbairt agus i bhfeidhmiú, chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe tús leis an bpróiseas chun deis rannpháirtíochta a thabhairt do pháirtithe leasmhara ón gceantar áitiúil agus chuir foireann na Comhairle Contae obair i gcrích le Comharchumann Fuinnimh Oileáin Árann Teoranta (CFOAT), comharchumann fuinnimh faoi úinéireacht an phobail, na trí Chomharchumann áitiúla, saoráidí oideachais, gnólachtaí áitiúla agus daoine aonair i bhforbairt an phlean seo. Leanfar leis an bpróiseas seo agus neartófar é mar chuid den phlean seo.

Is idirghabhálaithe tábhachtacha iad Comharchumann Fuinnimh Oileáin Árann Teoranta (CFOAT) agus na trí Chomharchumann áitiúla leis an bpobal trí chéile.

### Cás-staidéar

(Foinse: https://climateconnected.ie/case-studies/)

Is comharchumann fuinnimh faoi úinéireacht an phobail é Comharchumann Fuinnimh Oileáin Árainn Teo (CFOAT) a dhéanann ionadaíocht ar 3 Oileán Árann: Árann, Inis Meáin agus Inis Oírr. Tá cead ag gach cónaitheoir ballraíocht saoil a bhaint amach le haghaidh €100. Is comharchumann neamhbhrabúis atá ann agus baineann an pobal tairbhe as na buntáistí ar fad. Is é an aidhm atá le CFOAT a chinntiú nach bhfuil breoslaí iontaise in úsáid ar na 3 oileán agus go bhfuil úsáid á baint as fuinneamh glas a ghintear ar na hoileáin agus go bhfuil sé faoi úinéireacht an chomharchumainn. San áireamh ina dtionscadal tá tithe agus foirgnimh a uasghrádú agus a iarfheistiú; tús a chur le carranna agus busanna leictreacha a úsáid; teaghlaigh a spreagadh chun teaschaidéil, painéil fhótavoltacha agus stóráil ceallraí a shuiteáil; leictreachas a ghiniúint sa cheantar áitiúil; oibriú mar chomhpháirtithe ar roinnt tionscadal taighde atá á maoiniú ag an Aontas Eorpach; Mol Taighde Fuinnimh a bhunú ar Oileáin Árann; deiseanna fostaíochta nua a chruthú i réimse an fhuinnimh; Turais Fuinnimh a reáchtáil ar na hoileáin.

Trí CFOAT a bhunú mar chomharchumann in 2012, chuir sé tús lena chuid oibre trí pháirt a ghlacadh i scéimeanna Deontais Pobail Fuinnimh Níos Fearr SEAI An Clár Deontais Fuinnimh Pobail anois). Ó 2012 i leith, tá iarfheistiú a bhaineann le fuinneamh curtha i gcrích ag 50% de na tithe agus ag go leor de na foirgnimh phobail ar na hoileáin.

Tá roinnt foirgneamh ar an oileán ag feidhmiú go hiomlán saor ó bhreosla iontaise anois.

Cuireadh tús leis an ngrúpscéim in 2011 agus ní raibh ach trí charr leictreacha ar fáil, agus anois tá breis is 15 charr leictreacha ar Árainn (Inis Mór) féin. Is feithiclí athláimhe iad go leor díobh seo a bhfuil raon laghdaithe acu. Níl aon fhadhb ag baint leis seo ar an oileán de bhrí go bhfuil na hachair taistil sách gar i gcomparáid leis na hachair taistil ar an mórthír: Níl Árainn, an t-oileán is mó, ach 17km ar fad.

Tá teaschaidéil agus painéil fhótavoltacha in úsáid in thart ar 100 foirgneamh ar na hoileáin anois, rud a chiallaíonn go n-úsáideann siad i bhfad níos lú breosla iontaise chun spásanna agus uisce a théamh. Úsáideann teaschaidéil leictreachas a d'fhéadfadh a bheith níos costasaí. É sin ráite, cabhraíonn na painéil PV lena chinntiú go laghdaítear an gá atá le leictreachas ón eangach a úsáid.

Faoi láthair, tá CFOAT páirteach i dtrí thionscadal atá maoinithe ag an Aontas Eorpach (H2020 agus InterReg): SEAFUEL agus HUGE mar shampla. Ciallaíonn sé seo go bhfuil sé in ann triúr daoine áitiúla a fhostú anois (ní mar chuid de scéim rialtais), duine amháin lánaimseartha, i bpoist inbhuanaitheachta ardoilte. Is éacht ollmhór é seo i gceantar ina bhfuil go leor fostaíochta séasúraí agus turasóireachta. Bhain dúshlán a bhí le sárú i rith na laethanta tosaigh le rochtain ar luathairgeadas chun cabhrú le costais bhunaithe agus riaracháin. Chuir struchtúr an chomharchumainn ar chumas na mball táille bheag (€100 do bhallraíocht saoil sa chomharchumann) a íoc chun ár mbunú a mhaoiniú. Chiallaigh sé sin go raibh airgead i gcuntas bainc an chomharchumainn a chabhraigh le taifead airgeadais a bhunú a thug deis dúinn iasachtaí idirlinne a fháil nuair a bhí siad ag teastáil. Bhaineamar tairbhe as seirbhísí Clann Credo inár gcláir iarfheistithe toisc gur íocadh deontais SEAI go cúlghabhálach agus chiallaigh sé sin gur éirí linn maoiniú a bhí ag teastáil a íoc.

## Astaíochtaí laistigh de Chrios Dícharbónaithe Oileáin Árann


Is bealach é Fardal Astaíochtaí Bonnlíne (BEI) chun léargas a thabhairt ar an méid gás

ceaptha teasa atá á scaoileadh faoi láthair i limistéar ar leith. Cuirtear san áireamh foinsí astaíochtaí chomh maith le húsáid leictreachais agus bainistiú dramhaíola agus cabhraíonn sé sin chun na gníomhartha atá le déanamh sna criosanna dícharbónaithe a threorú. Forbraíodh an Fardal Astaíochtaí Bonnlíne trí úsáid a bhaint as modheolaíochtaí ó threoirlínte náisiúnta do Phleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide na n-Údarás Áitiúil.

Ceanglaíodh ar BEI do Chriosanna Dícharbónaithe go náisiúnta bonnlíne 2018 nó na sonraí is gaire atá ar fáil a úsáid. Trí shonraí astaíochtaí 2030 a chur i gcomparáid le bonnlíne 2018, beifear in ann an dul chun cinn a rinneadh a fheiceáil agus rath na ngníomhaíochtaí aeráide ar fud an chreasa a thomhas.

Tá an BEI bunaithe ar fhoinsí sonraí éagsúla chun astaíochtaí in earnálacha éagsúla a ríomh. Rinneadh measúnú ar an earnáil Chónaithe, Neamhchónaithe agus Iompair trí úsáid a bhaint as sonraí ó Máistirphlean Fuinnimh (EMP) 2018 d'Árainn agus Inis Meáin, chomh maith le EMP 2020 d'Inis Oírr. Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe an-bhuíoch do Chomharchumann Fuinnimh Oileáin Árann Teoranta (CFOAT), agus don Chomharchumann áitiúil a d'fhorbair na pleananna seo de bhrí gur chabhraigh siad go mór le BEI a fhorbairt.

Léirítear sa ghrafaic thíos miondealú ar astaíochtaí de réir earnála agus tá figiúirí na Gaillimhe agus na figiúirí Náisiúnta curtha san áireamh chun críche comparáide. Tá na hastaíochtaí iomlána GCT do Chrios Dícharbónaithe Oileáin Árann do 2018 cothrom le thart ar 16 ktCO2e. Is iad seo a leanas príomhfhoinsí na n-astaíochtaí GCT laistigh den cheantar: talmhaíocht (35%), iompar (34%) agus cónaithe (13%).





Fíor 5.2: Scair torthaí BEI an Chrios Dícharbónaithe de réir catagóire

| Catagóir Astaíochtaí | Astaíochtaí DZ Oileáin Árann $ktCO_2e$ | Astaíochtaí Chontae na Gaillimhe $ktCO_2e$ | Astaíochtaí Náisiúnta $ktCO_2e$ |
|---|---|---|---|
| Cónaithe | 2.15 (13%) | 450 (15%) | 9,552 (15%) |
| Iompar | 5.45 (34%) | 478 (16%) | 12,196 (19%) |
| Tráchtáil agus Tionscal | 1.44 (9%) | 239 (8%) | 13,622 (21%) |
| LULUCF | 1.32 (8%) | 478 (16%) | 6,899 (10%) |
| Talmhaíocht | 5.56 (35%) | 1,343 (44%) | 22,134 (34%) |
| Dramhaíl | 0.22 (1%) | 21 (1%) | 991 (1%) |
| **TIomlán** | **16.13 (100%)** | **3,009 (100%)** | **65,152 (100%)** |

Tábla 4: Astuithe Iompar an Chrios Dícharbónú

## Astaíochtaí DZ Oileáin Árann: Fo-earnálacha Iompair

| Fochatagóirí Iompairr | $tCO_2e$ |
|---|---|
| Muirí (báid farantóireachta amháin) | 4,668 |
| Díosal bóthair | 654 |
| Eitlíocht | 122 |
| EV | 5 |
| IOMLÁN | 5,449 |




Fíor 5.3: Oileáin Árann DZ: Transport Subsectors

Bhain 34% d'astaíochtaí an chreasa le hearnáil Iompair Oileáin Árann. Is í seo an dara hearnáil astaithe is mó i ndiaidh na hearnála talmhaíochta. Chun críche comparáide, tá an earnáil Iompair freagrach as 15% de na hastaíochtaí iomlána ag leibhéal an chontae agus 19% ag leibhéal an stáit.

Laistigh den earnáil, is í an fho-earnáil astaithe is airde astaíochtaí Muirí (níl san áireamh anseo ach báid farantóireachta). Ainneoin go bhfuil Feithiclí Leictreacha ar Oileáin Árann, níl ach líon an-bheag feithiclí dá leithéid ann agus tá siad freagrach as níos lú ná 0.1% d'astaíochtaí san earnáil iompair.

Chun dul chomh fada le hOileáin Árann, caithfidh cónaitheoirí agus cuairteoirí taisteal ar bhád farantóireachta nó eitleán. Nuair a bhíonn daoine ar an oileán, is iad mionbhusanna agus rothair atá á gcur ar fáil mar chóras iompair phoiblí. Chomh maith leis sin, tá feithiclí príobháideacha ag cónaitheoirí, agus meastar go bhfuil 449 carr príobháideach idir na trí oileán.

## Astaíochtaí Cónaithe

San áireamh san earnáil Chónaithe tá astaíochtaí ó ghníomhaíochtaí teaghlaigh lena n-áirítear téamh spáis agus uisce, chomh maith le hídiú leictreachais. Tá 783 aonad tithíochta ar fad sa Chrios Dícharbónaithe, líon beag aonad tithíochta sóisialta ina measc. Laistigh den Chrios Dícharbónaithe, bhain 75% d'astaíochtaí na hEarnála Cónaithe le téamh spáis agus uisce agus bhain 25% de na hastaíochtaí le hídiú leictreachais. Pointe tábhachtach gan réiteach nach mór don Earnáil Chónaithe díriú air é an clúdach teoranta BER. Tá na sonraí seo úsáideach chun eolas a bhailiú faoi na tithe nach mór iad a iarfheistiú agus chun teacht ar thuiscint níos fearr ar astaíochtaí san earnáil seo. Cabhróidh an tionscadal nasctha dhigitigh atá ar siúl ar Árainn (Inis Mór) faoi láthair le dul chun cinn a dhéanamh i ndáil leis an bpointe seo.

## Talmhaíocht agus Talamhúsáid, Athrú Talamhúsáide agus Foraoiseacht (LULUCF)

Is ó bheostoc is mó a thagann astaíochtaí na hearnála talmhaíochta ar Oileáin Árann. Roinneadh an earnáil beostoic mar seo a leanas - eallach, a tháirgeann 71% d'astaíochtaí na hearnála, agus caoirigh, a tháirgeann 2% breise. Chomh maith leis sin, tomhaiseadh astaíochtaí ó ghabhair agus bhí na hastaíochtaí sin cothrom le tona breise amháin de CO2e.

Go traidisiúnta, bhí ról suntasach ag an talmhaíocht i saol cultúrtha agus geilleagrach Oileáin Árann. Mar gheall ar nádúr na bhfeirmeacha oileáin, is iondúil go mbíonn feirmeacha aonair beag agus ní mór neart oibre a dhéanamh chun tairbhe a bhaint astu.

De réir shonraí Dhaonáireamh Talmhaíochta 2020, tá 1,553 bó agus 253 caora ar Oileáin Árann. Tá gabhair ar na hoileáin freisin. Tá 2,460 heicteár á shaothrú ar an oileán, agus tá meánmhéid na ngabháltas cothrom le 12.2 acra, ar aon dul le feirmeacha níos lú a fhaightear i bpobail na n-oileán go traidisiúnta.

Tá go leor feirmeoirí ar na hoileáin páirteach i dtionscadal Caomhnú Árann, clár comhpháirtíochta a bhfuil feirmeoirí na n-oileán, an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (RCOG), an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS), Teagasc agus Fáilte Éireann páirteach ann, tionscadal arna chómhaoiniú ag an RTBM agus ag an AE. Is é an aidhm atá leis an tionscadal gnáthóg tosaíochta ar Oileáin Árann a chosaint agus a athbhunú agus tacaíonn foireann an tionscadail le cleachtais feirmeoireachta inbhuanaithe. Ós rud é go bhfuil cleachtais áitiúla feirmeoireachta agus talamhúsáide an-inbhuanaithe cheana féin, d'fhéadfadh deiseanna teoranta a bheith ann chun astaíochtaí a laghdú lasmuigh de thionscadal Caomhnú Árann.

### Dramhaíl

Tá clár bailithe agus athchúrsála dramhaíola bunaithe ag Athchúrsáil Árann, Comharchumann ar Oileáin Árann, clár a bhfuil gradam buaite aige. Mar chuid den tionscadal athchúrsála, burláiltear ábhar tirim in-athchúrsáilte agus seoltar go Gaillimh é; múirínítear bia agus ábhar orgánach; brúitear gloine chun í a úsáid mar chumascán le haghaidh coincréite, déantar adhmad a stialladh agus cuirtear isteach leis an múirín é, agus stóráiltear earraí builc, amhail seanfhuinneoga, chun iad a athúsáid i seideanna talmhaíochta agus gairdín. Ní féidir thart ar 20% den dramhaíl a phróiseáil i saoráidí laistigh den Chrios Dícharbónaithe agus seoltar an dramhaíl sin chuig an mórthír, agus déileáiltear léi i monarcha dramhaíl go fuinneamh. Tagann formhór na n-astaíochtaí dramhaíola ón dramhaíl a sheoltar chuig monarcha dramhaíl go fuinneamh lasmuigh den oileán, astaíochtaí atá cothrom le thart ar 55% de na hastaíochtaí earnála. Tagann na hastaíochtaí eile ó dhramhaíl a phróiseáiltear ar na hoileáin san ionad athchúrsála (31%) agus astaíochtaí a bhaineann le próiseáil fuíolluisce agus fuíolluisce (14%).

Cuspóir 6.1 Astaíochtaí carbóin a laghdú agus forbairt inbhuanaithe ar Oileáin Árann a chur chun cinn trí raon beart a chur i bhfeidhm agus tacú leo a laghdóidh astaíochtaí gás ceaptha teasa, a mhéadóidh éifeachtúlacht fuinnimh, agus a chuirfidh úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite chun cinn, agus é mar aidhm lorg carbóin na n-oileán a laghdú. Tá sé i gceist go mbeidh an Crios Dícharbónaithe dírithe ar raon beart maolaithe agus oiriúnaithe aeráide agus bithéagsúlachta i ngach limistéar riaracháin údaráis áitiúil agus go gcabhróidh sé le tionscadail a shainaithint a chabhróidh chun an cuspóir aeráide náisiúnta a chomhlíonadh.

### Tús Áite a Thabhairt do Ghníomhartha Aeráide

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe páirteach cheana féin i roinnt tionscadal a bhaineann leis an nGníomhú ar son na hAeráide ar Oileáin Árann, lena n-áirítear:

Athchúrsáil Árann – Bailiú agus Athchúrsáil/Athúsáid Dramhaíola

Mar chuid den phróiseas Rannpháirtíochta le Páirtithe Leasmhara, forbraíodh liosta de na gníomhartha aeráide a d'fhéadfaí a fhorbairt sa Chrios Dícharbónaithe mar chuid den Cheardlann Phobail. Roinneadh na gníomhartha seo sa Chomhairliúchán ar Líne agus iarradh ar fhreagróirí a ngníomhaíochtaí ardtosaíochta a roghnú as na réimsí seo a leanas - fuinnimh, iompar, pobal, geilleagar agus timpeallacht nádúrtha. Leagtar amach san fhigiúr thíos na trí phríomhghníomh do gach réimse, agus líon na bhfreagróirí a roghnaigh na gníomhartha sin.

- Deireadh curtha le bochtaineacht bhreosla agus tithe compordacha, dea-inslithe a chur ar fáil do gach duine. Gach teach rangaithe mar theach B2 (ar a laghad) le foinse teasa dícharbónaithe - compord a fheabhsú, astaíochtaí a laghdú agus airgead a shábháil.
- Fuinneamh neamhspleách, fuinneamh faoi úinéireacht an phobail a ghiniúint.
- Iompar a dhícharbónú ar na hoileáin agus chuig na hoileáin

## 5.3 Clár Deiseanna agus Gníomhartha

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe páirteach cheana féin i roinnt tionscadal a bhaineann leis an nGníomhú ar son na hAeráide ar Oileáin Árann, lena n-áirítear:

Comharchumann Athchúrsáil Árann – Bailiú agus

Athchúrsáil/Athúsáid Dramhaíola


An Tionscadal CONNECTED – Tionscadal Chrios Dícharbónaithe Réigiún an Iarthuaiscirt seo a bhfuil sé mar aidhm leis uirlis rannpháirtíochta, idirphlé agus rannpháirtíochta dícharbónaithe a fhorbairt.

LEAP - Gníomhaireachtaí Fuinnimh Áitiúla i Réigiúin Fhorimeallacha - Tionscadal LIFE a bhfuil sé mar aidhm leis “seirbhísí athchóirithe tí comhtháite” a chur ar fáil i dTuaisceart agus in Iarthar na hÉireann.

Chomh maith leis sin, aithníodh deiseanna dícharbónaithe sna Máistirphleananna Fuinnimh a d’ullmhaigh na pobail áitiúla, lena n-áirítear Máistirphlean Fuinnimh (EMP) 2018 d’Árainn agus Inis Meáin agus EMP 2020 d’Inis Oírr.


Rinneadh athbhreithniú ar na tionscadail seo agus bunaíodh na Cuspóirí agus na Gníomhartha seo a leanas i gcomhar leis an bpobal áitiúil.

## CUSPÓIR




### Cuspóir DZ1

Astaíochtaí carbóin a laghdú agus forbairt inbhuanaithe ar Oileáin Árann agus é mar aidhm dea-chleachtas i ngníomh aeráide a aithint.

| Ailíniú SDG | Comhthairbhí |
|---|---|
| <br> | <br>**Fás geilleagrach**<br><br>**Slándáil fuinnimh mhéadaithe** |

## Crios Dícharbónaithe

**Cuspóir DZ1** Astaíochtaí carbóin a laghdú agus forbairt inbhuanaithe ar Oileáin Árann agus é mar aidhm dea-chleachtas i ngníomh aeráide a aithint.

| Gníomh | Spriocdháta | Príomhpháirtí | PTF | Oiriúnú / Maolú |
|---|---|---|---|---|
| **Gníomh DZ 1. 1 Grúpa páirtithe leasmhara a bhunú laistigh den Chrios Dícharbónaithe, ag obair le heagraíochtaí pobail seanbhunaithe atá ag Gníomhú ar son na hAeráide cheana féin, agus rannpháirtíocht agus comhoibriú leanúnach a chinntiú. Fís a Fhorbairt do na hOileáin** | 31/12/2024 | CFOAT | Grúpa páirtithe leasmhara bunaithe. Líon na gcruinnithe le miontuairiscí in aghaidh na bliana. | An dá rud |
| **Gníomh DZ 1. 2 Maoiniú a lorg chun an tithíocht shóisialta ar fad laistigh den Chrios Dícharbónaithe a aisfheistiú.** | 31/12/2029 | Roinn Tithíochta CCG | Líon na dtithe aisfheistithe | Maolú |
| **"Gníomh DZ 1. 3 Forbairt cur chuige grúpa a éascú agus tacú leo le haghaidh measúnuithe fuinnimh cónaithe agus tráchtála, aisfheistiú, téamh in-athnuaite, agus suiteáil gréine laistigh agus lasmuigh den Chrios Dícharbónaithe. Tacú le Gníomhaireacht Fuinnimh an Iarthar (GFI)."** | Leanúnach | Rannóg Comhshaoil CCG, CFOAT | Líon na dtithe agus na bhfoirgneamh a aisfheistíodh. | Maolú |
| **Gníomh DZ 1. 4 Tacú le hUisce Éireann astaíochtaí bonnlíne a bhaineann le seachadadh agus cóireáil uisce a aithint, measúnú ar astaíochtaí bonnlíne a nuashonrú agus deiseanna a aithint chun astaíochtaí gaolmhara a laghdú. Measúnú a dhéanamh ar rioscaí a bhaineann le coinníollacha triomaigh.** | Leanúnach | UISCE Éireann | Astaíochtaí ríofa. Measúnú bonnlíne tugtha cothrom le dáta. % laghdú astaíochtaí. | An dá rud |

| Gníomh | Spriocdháta | Príomhpháirtí | PTF | Oiriúnú / Maolú |
|---|---|---|---|---|
| **Gníomh DZ 1. 5 Tuiscint ar astaíochtaí a bhaineann le talmhaíocht agus Úsáid na Talún, Athrú ar Úsáid na Talún agus an Fhoraoiseacht (LULUCF) a fheabhsú agus measúnú ar astaíochtaí bonnlíne a thabhairt cothrom le dáta. (Tabhair faoi deara: Tá roinnt de na sonraí astaíochta a bhaineann le talmhaíocht agus LULUCF sa Chrios Dícharbónaithe bunaithe ar mheáin náisiúnta. D’fhéadfadh na hastaíochtaí féin a bheith níos ísle mar gheall ar nádúr na gcleachtas feirmeoireachta sa réigiún seo).** | 31/12/2024 | Rannóg Comhshaoil CCG | Astaíochtaí ríofa. Measúnú bonnlíne tugtha cothrom le dáta. | Maolú |
| **Gníomh DZ 1. 6 Measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé scairdeáin uisce óil poiblí a sholáthar ar na trí oileán.** | 31/12/2024 | Rannóg Comhshaoil CCG | Measúnú curtha i gcrích. Scairdeáin uisce óil curtha ar fáil. | Maolú |
| **Gníomh DZ 1. 7 Oibriú leis an bpobal áitiúil chun tionscadail fhéideartha a aithint chun tacú le taisteal gníomhach, lena n-áirítear 'leabharlanna rothar', 'scáthláin rothar', áiseanna luchtaithe, bearta sábháilteachta, agus maoiniú a lorg lena gcur i bhfeidhm.** | Leanúnach | Rannóg Bonneagair agus Oibríochtaí CCG, Rannóg Comhshaoil CCG | Tionscadail fhéideartha aitheanta. Líon agus cineál na dtionscadal a cuireadh i bhfeidhm. | Maolú |
| **Gníomh DZ 1. 8 Iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna chun scéimeanna roinnte carranna leictreacha a fhorbairt agus luchtairí leictreacha (iniompartha) a chur ar fáil ag Calafort Farantóireachta Ros a' Mhíl agus aerfort Chonamara.** | 31/12/2025 | Rannóg Comhshaoil CCG | Measúnú féidearthachta curtha i gcrích. Líon agus cineál na dtionscadal a cuireadh i bhfeidhm. | Maolú |
| **Gníomh DZ 1. 9 Tacú le háiseanna cuí fuinnimh pobail a aithint agus a fhorbairt. A fhiosrú an féidir feirm ghréine faoi úinéireacht an phobail a fhorbairt as an láithreán líonta neamhúsáidte atá ar na hoileáin.** | Leanúnach | CFOAT | Tionscadail indéanta aitheanta. Tionscadail indéanta curtha i bhfeidhm. | Maolú |

| Gníomh | Spriocdháta | Príomhpháirtí | PTF | Oiriúnú / Maolú |
|---|---|---|---|---|
| **Gníomh DZ 1.10 Tacú le tionscadail taighde agus le hiarratais ar mhaoiniú náisiúnta / AE a bhaineann le roghanna malartacha astaíochtaí ísle le haghaidh taisteal farantóireachta agus aeir.** | Leanúnach | Rannóg Comhshaoil CCG | % laghdú ar astaíochtaí ó thaisteal farantóireachta agus aeir | Maolú |
| **Gníomh DZ 1.11 Tacú le deiseanna cuí a bhaineann le Roghanna Micreangaí le Stóráil Ceallraí a aithint agus a fhorbairt.** | Leanúnach | Páirtnéirí Éagsúla | Líon agus cineál tionscadail a cuireadh i bhfeidhm | Maolú |
| **Gníomh DZ 1.12 Bacainní ar astaíochtaí a laghdú laistigh den Chrios Dícharbónaithe a aithint agus cuspóirí beartais cuí a aithint a bhaineann le giniúint fuinnimh in-athnuaite lena mbreithniú sa chéad leagan eile de Phlean Forbartha an Chontae.** | 31/12/2024 | Rannóg Comhshaoil CCG, Rannóg Pleanála CCG | Cuspóirí beartais aitheanta. Cuspóir beartais san áireamh sa CDP | Maolú |
| **Gníomh DZ 1.13 Imscrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht an tseirbhís bus poiblí a mhéadú** | 31/12/2024 | Páirtnéirí Éagsúla | Líon laethanta na seirbhíse bus | Maolú |
| **Gníomh DZ 1.14 Imscrúdú a dhéanamh ar indéantacht múiríniú/Díleá Anaeróbach ar Inis Meáin agus Inis Oírr+79:110** | 31/12/2025 | Rannóg Comhshaoil CCG | % laghdú ar dhramhaíl chuig líonadh talún | Maolú |
| **Gníomh DZ 1.15 a chinntiú go dtagann siad le cuspóirí caomhantais Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SAC) Árainn (Inis Mór), SAC Inis Meáin, SAC Inis Oírr agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPA) Árainn (Inis Mór).** | 31/12/2024 | Páirtnéirí Éagsúla | Líon laethanta na seirbhíse bus | Maolú |
| *Baineann gníomhartha GL3.2, GL4.1, GL2.5, EB2.2, EB3.1, CP1.2, CP1.6, CP1.5, CP1.7, CP1.1, CP1.3, CP1.10, CP1.12, CP1.11, CE1.1, CE1.2, CE 1.3, AD1.2, AD1.5, AD1.1 leis an gCrios Dícharbónaithe freisin. | | | | |



# 6. Cur i bhFeidhm agus Tuairisciú

# 6. Cur i bhFeidhm agus Tuairisciú

## 6.1. Pleanáil don chur i bhfeidhm

Is í Comhairle Chontae na Gaillimhe a chuirfidh an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide i bhfeidhm. Cuireadh struchtúr rialachais nua i bhfeidhm in 2022 lena n-áirítear Grúpa Stiúrtha um Ghníomhú ar son na hAeráide, An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide agus An Fhoireann Fuinnimh. Tá 28 ball páirteach sna foirne éagsúla. Is é ról an Ghrúpa Stiúrtha um Ghníomhú ar son na hAeráide gníomhú ar son na haeráide a phríomhshruthú i ngníomhaíochtaí Comhairle Chontae na Gaillimhe.

Bunaíodh Aonad um Ghníomhú ar son na hAeráide in 2023. Páirteach san fhoireann seo tá Comhordaitheoir um Ghníomhú ar son na hAeráide, Oifigeach um Ghníomhú ar son na hAeráide, Oifigeach Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Oifigeach Fuinnimh. Is é ról na foirne seo monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ghníomhartha an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide agus tuairisciú agus meastóireacht an Phlean a chomhordú, nuair a bheidh sé faofa ag na Comhaltaí Tofa. Chomh maith leis sin, beidh an tAonad ag feidhmiú mar phointe teagmhála don phobal ar mian leo foghlaim faoin ngníomhú ar son na haeráide atá ar siúl sa Chontae.

Oibreoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhar agus i gcomhpháirt le raon príomhpháirtithe leasmhara chun tacú le seachadadh an Phlean seo. I measc na bpríomhpháirtithe leasmhara seo, ach níl siad teoranta dóibh, tá – na húdaráis áitiúla chomharsanacha, Grúpa Náisiúnta Oiliúna Sheirbhísí na nÚdarás Áitiúil, Tionól Réigiúnach, Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, an Ghníomhaireacht Bainistíochta Cathrach agus Contae, Líonra Rannpháirtíochta Pobail, Aoisbhá Éireann agus Comhairle na nÓg. D'fhéadfadh na comhpháirtíochtaí seo deiseanna a chruthú chun comhoibriú le grúpaí eile ar thionscadail, tairbhe a bhaint as foghlaim chomhroinnte, tacaíocht theicniúil agus deiseanna maoinithe a ghiaráil fad is atá gníomhaíochtaí sa Phlean á gcur i bhfeidhm.

Is léir freisin gur dúshlán trasteorann é an t-athrú aeráide; ní stopann sé ag teorainneacha polaitiúla agus geografacha. Dá réir sin, tá cur chuige réigiúnach comhaontaithe ag na húdaráis áitiúla ar Chósta an Atlantaigh Thuaidh CARO, trínar féidir leo comhoibriú go dlúth lena chéile chun na Pleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide a chur i bhfeidhm.

Nuair a bheidh an Plean faofa, forbrófar Plean/ Achoimre Feidhmithe do gach gníomh, ina leagfar amach go mion conas a chuirfear an gníomh i gcrích, lena n-áirítear an roinn fhreagrach agus scálaí ama. Ailíneoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe uainiú na n-eatramh tuairiscithe feidhmithe inmheánacha le huainiú na gceanglas tuairiscithe earnála ar dhul chun cinn.

## 6.2. Maoiniú agus Comhpháirtíochtaí

Chun dea-shampla a thabhairt agus chun an t-aistriú chuig sochaí atá neodrach ó thaobh na haeráide a chur chun cinn, beidh rochtain ar mhaoiniú leordhóthanach do thionscadail um ghníomhú ar son na haeráide ag teastáil ó Comhairle Chontae na Gaillimhe chun a spriocanna do 2030 agus 2050 a chomhlíonadh. Is féidir le húdaráis áitiúla rochtain a fháil ar chineálacha éagsúla maoinithe amhail deontais rialtais, cistí Eorpacha, infheistíocht san earnáil phríobháideach agus cómhaoiniú pobail. Aithnítear, cé go bhféadfadh glaonna nua maoinithe spriocdhírithe ar an ngníomhú ar

son na haeráide a bheith ar fáil amach anseo, go dtabharfaidh comhlachtaí maoinithe atá bunaithe cheana féin leibhéal na sruthanna maoinithe isteach nó go méadóidh siad leibhéal na sruthanna maoinithe do chatagóirí atá dírithe ar an ngníomhú ar son na haeráide. Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe ar aghaidh ag díriú ar dheiseanna maoinithe nua agus reatha ó chomhlachtaí Eorpacha agus Náisiúnta araon atá ailínithe lena cuspóirí maidir leis an ngníomhú ar son na haeráide.

Gné shuntasach eile de na hiarrachtaí a dhéanfar chun teacht ar réitigh ísealcharbóin don earnáil é comhpháirtíochtaí. Tá ról á imirt ag an earnáil phríobháideach cheana féin i ndáil leis an gCuspóir Náisiúnta Aeráide a bhaint amach agus is féidir leis an gcineál seo comhoibrithe feabhas breise a chur ar acmhainní na hearnála chun tacú le laghduithe 51% ar gháis cheaptha teasa na hÉireann a bhaint amach faoi 2030 agus a bheith neodrach ó thaobh na haeráide de tráth nach déanaí ná 2050. Tá buntáistí ag baint freisin leis an earnáil rialtais áitiúil a bheith ag obair i gcomhpháirt leis an earnáil Tríú Leibhéal. Is féidir leis an earnáil Tríú Leibhéal saineolas taighde agus forbartha a chur ar fáil chun cabhrú le húdaráis áitiúla agus réitigh nuálacha a chur i bhfeidhm chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus chun oiriúnú don athrú aeráide. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh na comhpháirtíochtaí sin cabhrú le húdaráis áitiúla rochtain a fháil ar dheiseanna maoinithe do thionscadail agus tionscnaimh um ghníomhú ar son na haeráide. Spreagfaidh agus éascóidh Comhairle Chontae na Gaillimhe comhoibriú leis an earnáil phríobháideach agus leis an earnáil Tríú Leibhéal nuair is féidir.

## 6.3. Monatóireacht agus Tuairisciú

Leanfar le feidhmíocht Comhairle Chontae na Gaillimhe maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus laghduithe astaíochtaí a bhaineann le bonneagar agus sócmhainní na Comhairle, mar atá forordaithe ag oibleagáidí aeráide náisiúnta, a rianú tríd an gcóras seanbhunaithe Monatóireachta agus Tuairiscithe (M&R) arna bhainistiú ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI).

Maidir le gníomhartha lasmuigh de seo, ceann de na bealaí tuairiscithe a úsáideann Comhairle Chontae na Gaillimhe chun eolas maidir le dul chun cinn ar ghníomhartha a roinnt é Príomhtháscairí Feidhmíochta Earnála (PTFanna). Cuireann sé seo bonn eolais ar fáil d'fheidhmíocht na hearnála rialtais áitiúil maidir leis an ngníomhú ar son na haeráide. Tuairisceoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe go bliantúil ar a feidhmíocht maidir leis an ngníomhú ar son na haeráide trí PTFanna (mar atá leagtha amach i gCuid 6.2) chun bonn eolais a chur ar fáil d'fheidhmíocht na hearnála rialtais áitiúil maidir le gníomhú ar son na haeráide, mar chuid de Straitéis DECA 2030 an rialtais áitiúil.

Príomhbhreithniú don earnáil rialtais áitiúil maidir leis an ról neartaithe seo a bhaineann leis an ngníomhú ar son na haeráide é cuntasacht, agus go háirithe an cumas rianú, tomhas agus tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le gníomhú éifeachtach ar son na haeráide a dhéanamh ag leibhéal an údaráis áitiúil agus ag an leibhéal earnálach araon. Sa chomhthéacs seo, beidh ról suntasach ag PTFanna go leanúnach.

Bailíonn na CAROnna, in éineacht leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA), sonraí ar bhonn bliantúil a bhaineann le raon téamaí lena n-áirítear:

- Acmhainní um Ghníomhú ar son na hAeráide;
- Oiliúint um Ghníomhú ar son na hAeráide d'fhoireann na n-údarás áitiúil agus do chomhaltaí tofa;

- Gníomhartha curtha i gcrích;
- Tacaíocht fiontraíochta i réimse an ghníomhaithe ar son na haeráide;
- Éifeachtúlacht fuinnimh;
- Laghduithe ar astaíochtaí;
- Bearta taistil ghníomhaigh; agus
- Freagairt adhaimsire.

Leanfaidh an earnáil le PTFanna a chur san áireamh de réir a chéile agus cuirfidh Comhairle Chontae na Gaillimhe faisnéis ábhartha ar fáil de réir mar is gá, chun cabhrú le béim a leagan ar dhul chun cinn na hearnála rialtais áitiúil maidir leis an ngníomhú ar son na haeráide.

Le cinntiú, go gcuirfear an Plean seo i bhfeidhm go tráthúil, úsáidfear córas rianaithe inmheánach chun monatóireachta a dhéanamh ar a chur chun feidhme, rud a chuirfidh ar chumas ranna agus rannóg an dul chun cinn atá déanta acu a thuairisciú le hais na ngníomhartha a bhfuil siad i gceannas orthu. Is í Fhoireann Ghníomhaíochta ar son na hAeráide a bhainisteoidh an córas tuairiscithe seo agus cuirfidh an fhoireann gach faisnéis a thuairiscítear le chéile ar mhaithe lena measúnú agus lena tuairisciú.

Tuairisceofar gach dul chun cinn don Fhoireann Ard-Bhainistíochta agus do Choiste na mBeartas Straitéiseach agus déanfaidh siad athbhreithniú air, ar bhonn ráithiúil. Cuirfear dul chun cinn in iúl do chomhaltaí tofa na Comhairle ar bhonn bliantúil. Ina theannta sin, más ábhartha, tuairisceofar an dul chun cinn a dhéantar maidir le príomhghníomhartha trí na modhanna éagsúla atá ar fáil don Chomhairle, mar shampla, tríd an Tuarascáil Bhainistíochta Mhíosúil, Coistí na mBeartas Straitéiseach, suíomh idirlín agus meáin shóisialta Chomhairle Chontae na Gaillimhe, chun trédhearcacht a mhéadú agus chun comhoibriú a chothú.

D'fhonn a chinntiú go bhfuil seachadadh tráthúil, déanfar monatóireacht ar chur i bhfeidhm an Phlean seo trí chóras rianaithe inmheánach. Chomh maith leis sin, éascóidh an t-údarás áitiúil tuairisciú do chomhaltaí tofa tríd an SPC.

Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe, de réir chuid 3(w) de Chairt na nÚdarás Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide, tuairisciú go ráithiúil/go bliantúil don Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ar dhul chun cinn maidir leis an ngníomhú ar son na haeráide ag leibhéal áitiúil mar chuid den chuspóir náisiúnta aeráide. Déanfar an dul chun cinn maidir le gach gníomh a thuairisciú trí uirlis tuairiscithe a d'fhorbair CARO.